Ard-léiżteoir Saedilże

Seażán Mac Meanman

Cuid I



brún ażus ó nualláin, teor

Árd-léiġteoir Gaeḋilge

Cuid I

le

Seaġán Ṁac Meanman

do bun-scoltaċa agus
do ṁeaḋón-scoltaċa

Brún agus Ó Nualláin, Teor.
i mBaile Áta Cliaṫ :: i mBéal Feirste
i gCorcaiġ

Déanta agus clóbuailte i nÉirinn le Brún agus Ó Nualláin, Teór.,
An Cló Richview, Cluain Sceaċ.

Réaṁ-Rád.

Táim an-ḃuiḋeać do'n tSagart Lorcán Ua Muireaḋaiġ, do'n Dr. Séamas Ó Ṡearcaiġ a's do Énrí Ua Muirġeasa ar son cead a ṫaḃairt daṁ cuid de'n ḟiliḋeaċt a d'ḟoillsiġ siadsan a ċur ins an leaḃar seo ; agus mar an gcéadna do Ṡeaġán Ṁac an Ḃáird i Ráṫ Ḃoṫ a ṫoiliġ "Mo ṗíopa gairid donn" a ċum a uncal Pádraig Ó Ḃeirn a aṫ-ḟoillsiuġaḋ. Ḃeirim buiḋeaċas fosta do'n dá ṁaiġistir scoile, Peadar Ṁac Gaoiṫín agus Alastar Ṁac Duiḃir. Léiġ an ḃeirt mo láiṁ-scríḃinn agus ċeartuiġ siad earráideaċa beaga a ḃí ṫall agus i ḃfos.

Seaġán ṁac meanman.

Lá Luġnasa Úr, 1937.

Clár an Leabair.

	Leat.
Ag Sábáil na Mónaḋ	7
Caidé sin do'n té sin nać mbaineann sin dó?	11
Curaiḋ na Craoibe Ruaiḋe	13
Fear Sainnte nó Saiḋbris	19
Biaḋ, Deoć agus Éadać	20
A Ćaora Beag Ḋílis	30
Aṫ-Pósaḋ Finn Mic Ćuṁaill	33
Gleann Doṁain	44
Astar Ṫríd an Tuaisceart I.	46
Aiṫreaćas an Bráṫar Boiċt	53
Astar Ṫríd an Tuaisceart II.	55
Doimnic Ruaḋ na Glaisiġe	61
Astar Ṫríd an Tuaisceart III.	64
Aṁrán Pádraig Śéamais	72
Aṁrán an Ṁuiltín	75
An Fiann agus an Fiannaiḋeaċt	78
An Bonnán Buiḋe	83
Solais na Spéire	85
Aiṫreaćas Ćaṫail Buiḋe	92
Mo Píopa Gairid Donn	96
Na Ceiṫre Cailleaća	99
Ceiṫre Ráiṫċe na Bliaḋna	107
An Bás agus an Cláiríneać	111
Cuid de Éanaćaib na h-Éireann I.	114
Mairgneać Nualann Ní Néill	120
Cuid de Éanaćaib na h-Éireann II.	123
Fáilte Do'n Éan	130
Cuid de Éanaćaib na h-Éireann III.	131
Lúireać Pádraig	139
Cóṁainmneaća agus Cora Cainnte	143

Ag sábáil na mónaḋ.

Míle altuġaḋ do Ḋia ar son na mónaḋ! Aċ go bé í caiḋé ḋeánfaḋ na daoine boċta? Tá an portaċ, is é sin an áit a mbaintear an ṁóin, tá sé fairsing, agus má ġníomḋ ḋíċeallt ar biṫ ní béiḋ againn le beiṫ ag ceannaċ guail ó ṫíorċa eile.

Seo meiṫeal nó scaifte fear atá ag gabáil 'un an portaiġ a baint mónaḋ. An Saṫarn atá ann agus raċamuiḋ leoḃṫa go bfeicimiḋ i gcionn oibre iad. Dearcaiġiḋ ar na h-acraí atá aca,—sleaġán, spáḋ, sluasaḋ, agus barra mónaḋ. Bainfear úsáiḋ as an oirnéis sin uiliġ. Seo anois an baċta. Tá mórán baċtaí ar fuḋ an portaiġ seo, cuiḋ aca a bfuil ceiṫre fóḋ ionnta agus tuilleaḋ aca naċ bfuil ionnta aċt dá fóḋ nó b'féidir trí fóḋ. An baċta naċ bfuil ann aċt aon fóḋ aṁáin ní mó 'ná gur fiú a baint. Caiḋé tá an fear sin a ḋeánaṁ leis an spáiḋ? Tá sé ag lomaḋ an baċta, sin ag baint na scraṫ uaċtaraċ de le faġáil 'fad leis an ṁónaiḋ. Agus is iomḋa spáḋ a bristear ag an obair ċéadna sin i dtalaṁ neartraiġe. Na scraṫa táṫar 'á gcaiṫeaṁ amaċ i n-urlár an baċta. Líonfaiḋ siad agus coṁċromóċaiḋ siad na puill agus na loganna agus béiḋ an t-urlár mar oitir do'n fóḋ íoċtaraċ. Tá an baċta lomṫa anois agus tá na fir ag toiseaċ a baint na mónaḋ. Ní fuil siad ag leiġint ama ar biṫ i muḋa. An fear atá ag baint deirmiḋ go bfuil sé ar an tsleaġán, an fear a bfuil a ċuiḋ muinċilleaċ cornuiġṫe suas aige agus é ag cur amaċ na bfóḋ deirmiḋ go bfuil sé ins an poll, agus an fear atá ag scaibeaḋ na

mónaḋ ṫart ar an oitir deirmid go ḃfuil sé i gcionn an ḃarra (nó na mbarraí má ḃíonn dá ḃarra aige) nó i gcionn na sluaiste.

Seo ċuġainn gasúr beag agus barra eile leis. An fear atá ag scaibeaḋ na mónaḋ béiḋ am cruaiḋ aige anois, nó caiṫfiḋ sé freastal a ṫaḃairt ar dá ḃarra : nuair a ṫiocfas sé ar ais ó'n oitir le barra folaṁ béiḋ an ceann eile líonta lódáilte ag fear an ḟuill. Agus má éiriġeann coiṁlint agus an lá a ḃeiṫ te is gairid go raḃṫar ag bárcaḋ alluis.

Cuirtear amaċ an dara fód leis an tsluasaid. Corr-uair mur' raiḃ barra nó sluasad le faġáil seasuiġeann fear ar an ḃruaċ, beiriḋ sé ar na fóide ó fear an ḟuill, agus caiṫiḋ sé fad a urċair amaċ ar an oitir iad. Aċt ní fuil sin maiṫ ag an ṁónaiḋ.

Is é an gnás é fear an tsleaġáin sealaiḋeaċt a ḋeánaṁ leis na fearaiḃ eile. Ar an dóiġ sin ní ṫuirsiġṫear duine ar biṫ barraiḋeaċt, aċt gan sin ḃéaḋ fear an ḟuill agus fear na mbarraí ró-ṡáruiġṫe i ndiaiḋ an lae.

Anois caidé ġníṫear leis an ṁónaiḋ i ndiaiḋ a baint? Tá, maise, go díreaċ, fáġṫar annsin í go dtigiḋ croiceann uirṫi, is é sin go n-éiriġiḋ an taoḃ amuiġ de na fóide go measarḋa tirm. Ċoṁ luaṫ a's ṫig croiceann uirṫi spréiḋtear an méad a cuireaḋ amaċ le barraí agus tionntuiġṫear ar cuireaḋ amaċ leis an tsluasaid nó leis na láṁaiḃ. Obair ġearr-ṁaslaċ sreaṫnuġaḋ mónaḋ, go speisialta má tá sí caiṫte ar ṁullaċ a ċéile. Nuair atá an ṁóin spréiḋte fáġṫar annsin í go raiḃ sí i n-inniṁ seasaṁ, is é sin go raiḃ sí tirm go leor le cróiġeáin a ḋeánaṁ di. An ḃfaca tú daoine ag cróiġeaḋ mónaḋ ariaṁ? Mur' ḃfaca, gaḃ 'un

an portaiġ ins an tsaṁraḋ agus 'tcífiḋ tú go leor de'n obair sin. Má bíonn an séasúr bog a's gan an ṁóin tirm go leor le cur 'na seasaṁ ġní cuid de na daoine críoġeáin fuinneoġaċa dí, nó ní fuil sé maiṫ a fáġáil ró-fada 'na luiġe. An dóiġ a ndeántar críoġeán fuinneoġaċ fáġtar dá fód ar an talaṁ sé nó seaċt d'órdlaiġ amaċ ó ċéile. Annsin cuirtear dá fód trasna orṫa sin, dá fód eile ar a mullaċ sin, dá ċeann eile, b'féidir, orṫa sin, agus annsin an fód mullaiġ. Sin críoġeán fuinneoġaċ, triomóċaiḋ an ġaoṫ é le h-am, agus ní béiḋ caillte aċt an dá fód atá i n-aice an talaiṁ.

Fáġtar an ṁóin anois 'na críoġeáin go cionn seaċtṁaine nó coicṫiġise. Mur' bfuil uirṫi annsin aċt leaṫ-triomuġaḋ ġníṫear aṫ-ċríoġeáin dí. Ní fuil ins na h-aṫ-ċríoġeáin aċt críoġeáin úra de na fóide -céadna, aċt tá sé aistiḋeaċ ċoṁ gasta a's ṫriomuiġeas siad. Cuid de na daoine cruinniġiḋ siad an ṁóin agus ġní siad clampaí nó cruaċa beaġa dí amaċ as na críoġeáin. Aċt mur' raiḃ sí gearr-ṫirm is feárr baiġí a ḋeánaṁ dí sul a gcruinniġṫear í. Tá cúiġ nó sé ċríoġeáin ins an baiġe. Dá mbíteá fá na portaiġ i dtráṫa na Féil' Eoin 'tcífeá na daoine ag baiġeaḋ na mónaḋ. Agus béarfá fá dear' go bfuil aoiḃneas orṫa, nó tá 'fios aca go bfuil áḃar na teineaḋ ṫara ċontaḃairt anois agus má ṫig an t-anróġ roiṁe bliaḋain naċ ag cloiċ an baic a ṫoiseoċas sé.

Móin naċ bfuil aċt críoġṫe ní ṡeasuiġeann sí. Aċt má tá sí baiġṫe ar dóiġ ní béiḋ a ḋaṫ de ċaill uirṫi go cionn fada go leor. Sin agus uiliġ, is feárr le bunaḋas na ndaoine clampaí nó cruaċa a ḋeánaṁ dí, agus tá sin ceart. Nuair atáṫar ag ḋeánaṁ cruaiċe caiṫfear an aile a ḋeánaṁ go h-an-ṁaiṫ. An aile a beirtear ar na fóide fada atá ar an

taoiḃ amuiġ de ċruaiċ nó de ċlampa mónaḋ. Mur' raiḃ na ṗóide leaġta ar a ċéile ar dóiġ agus an ṗánaiḋ ċeart a ḃeiṫ leoḃṫa ġlacfaiḋ an ṁóin an t-uisce. Cuirtear scraṫa móra leaṫana ar ḃárr na cruaiċe le díon a ḋeánaṁ do'n ṁullaċ. Na ṗóide atá go díreaċ faoi na scraṫa ḃeirmid ṗóide feannóiġe orṫa.

Spadar an t-ainm a ḃeirtear ar ṡean-ṁónaiḋ ṗliċ a fáġaḋ amuiġ agus a ċuaiḋ ó ṁaiṫ leis an ṗeartainn. Ḃeirtear caofráin agus dartáin ar ṁion-ṗóide agus ḃeirtear ġraṁar ar ḋusta na mónaḋ. Is ionann scileaċ agus caofráin ḃeaġa ḋuḃa atá brisc. Móin ċruaiḋ ḋuḃ deirmid ġur cloċ-ṁóin atá innti. Cliaḃ dí seo tá sé ċoṁ maiṫ le ḋá ċliaḃ de ṁónaiḋ ḃáin, nó tá buanṁas (buanfas) agus teas sonnruiġṫeaċ ins an ċloċ-ṁónaiḋ.

'Tcímid anois caidé mar ṡáḃáltar an ṁóin agus tá sé iontuiġṫe againn nać i n-ascaiḋ a ġeiḃ bunaḋ na h-Éireann an t-áḋḃar teineaḋ atá aca.

Caidé sin do'n té sin nać mbaineann sin dó?

(Sean-dán).

I.

Ċuaiḋ mé 'un an aonaiġ ⁊ ḋíol mé mo ḃó
Ar ċúiġ ṗunta airġid a's ar ġiní ḃuiḋe óir.
Má ólaim an t-airġead ⁊ má ṗronnaim an t-ór
Caidé sin do'n té sin nać mbaineann sin do?

II.

Má ṫéiġim 'un na coilleaḋ craoḃaiġe a ċruinniuġaḋ
sméar duḃ ⁊ cnó,
A ḃaint uḃlaí de ġéaġaiḃ nó a ḃuaċailleaċt bó;
Má ṡínim seal uaire faoi ċrann a ḋeánaṁ sóġa
Caidé sin do'n té sin nać mbaineann sin dó?

III.

Deir daoine ġo ḃfuil mé ġan raṫ ⁊ ġan dóiġ,
Ġan earraḋ, ġan éaḋáil, ġan bólaċt, ġan stór.
Má tá mise sásta 'mo ċoṁnaiḋe i ġcró
Caidé sin do'n té sin nać mbaineann sin dó?

IV.

Tá 'ṗios aġam cailín deas, cneasta, laġać, cóir.
Tá a cneas mar an éala ⁊ a pluca mar rós.
Má ḃíonn sise ⁊ mise aġ ínid aġ ġaḃáil ċeoil
Caidé sin do'n té sin nać mbaineann sin dó?

V.

Dá muirbinn an riabać ⁊ dá n-ićinn an ḟeoil,
Dá ndíolainn an tseiće ⁊ an luać uilig a ól,
Dá steallainn mo bríste ins an ġríosaiġ ⁊ a dóġaḋ
Caidé sin do'n té sin nać mbaineann sin dó?

VI.

A Laiġniġ, a Laiġniġ, ná biḋiḋ ag ól!
A Mhuimniġ, a Mhuimniġ, ná sanntuiġiḋ an t-ór!
A Ċonnaćtaiġ, a Ċonnaćtaiġ, stadaiḋ de'n ġleo!
Aćt caidé sin do'n té sin nać mbaineann sin dó?

Curaiḋ na Craoiḃe Ruaiḋe.

Fá ṫuairim trí míle siar ó baile Árd Maċa* tá dún nó lios mór créafóige a ḃfuil dá acaire déag de ṫalaṁ faoi. Lios na h-Eaṁna an t-ainm a ḃeirtear air anois agus tá an áit lom uaigneaċ. Aċt ba h-é an t-ainm a ḃeirtí air i ḃfad ó ṡoin Eaṁain Maċa Mongruaiḋe agus ní raiḃ aon áit i gcúig ċúigiḋ na h-Éireann ċoṁ h-iomráiḋteaċ nó ċoṁ céimeaṁail leis. Nó ba annsin a ċoṁnuiġeaḋ na laoċra tréana a dtugṫaoi Curaiḋ na Craoiḃe Ruaiḋe orṫa.

Deir na sean-leaḃarṫa gur tógaḋ lios na h-Eaṁna trí ċéad bliaḋain roiṁe aimsir ár Slánuiġṫeora agus gur bainríoġain darḃ' ainm Maċa Mongruaiḋe a ċuir mar ḃreiṫeaṁnas aiṫriġe ar a cuid náṁad an obair a ḋeánaṁ. Ṫug na h-Ulṫaiġ ómós agus urraim do Maċa ar feaḋ a saoġail, agus nuair a fuair sí bás rinne na daoine amaċ gur bain-dia ċogaiḋ a bí innti. D'fág sin trí bain-déiṫe cogaiḋ ag na sean-Ġaeḋil, Baḋḃ, Mór-ríoġan, agus Maċa Mongruaiḋe.

Méaduiġ cliú agus cuṁaċt Oirṫir Ċúigiḋ Ulaḋ go mór nuair a cuireaḋ Curaiḋ na Craoiḃe Ruaiḋe ar bun i n-Eaṁain Maċa. Ḃeir na sean-scríḃne cunntas fada ar a gcuid éaċt, ar a gcuid béas, ar a gcuid toiġṫeaċ, ar na ceann-ṗuirt a ba ċéimeaṁla a bí orṫa agus ar na gaisciḋiġ a ba ċróḋa a bí i n-a measc. Agus tá sé aistiḋeaċ an méid de ṡeanċasc na Craoiḃe Ruaiḋe atá i mbéal na ndaoine go dtí an lá indiu. Cia h-é sin naċ gcualaiḋ iomráḋ ar Ċonċubar Mac Neasa, ar Ċú Ċulainn, ar Ċonall Ceárnaċ, ar Laoġaire Buaḋaċ, ar Ḟearġas Mac Róiġ, ar ṫriúr Mac Uisniġ, ar an ainnir

* "Árda Maċ," deir bunaḋ Ṫír' Conaill i gcoṁnaiḋe.

áluinn Déirdre, agus ar an ḃiṫeaṁnaċ Bricriú? Ba ċuma i n-Éirinn caidé an ġaisceaṁlaċt a ḃí i gConċuḃar ní raiḃ sé saor ó loċt. Tá scéal mór fada ag baint leis an dóiġ ar ḟeall sé ar Ċloinn Uisniġ. Aċt is féidir an scéal sin a innse i mbeagán focal. Déirdre, an cailín a b'áilne a ḃí i n-Éirinn an uair sin nó ó ṡoin, d'éaluiġ sí le Naoise Ṁac Uisniġ a's ḃain an ḃeirt Alba amaċ i gcuideaċta Ainnle agus Ardáin, beirt ḋearḃráṫair Naoise a ċuaiḋ anonn fosta leis an lánaṁain óig a ċosnaṁ. Anois ba ċuma sin aċt go raiḃ gean ag Conċuḃar ar Ḋéirdre fosta a's go raiḃ rún aige í a ṗósaḋ. Ċuaiḋ Rí Ulaḋ ar an daoraiḋ agus ní raiḃ mórán iongantais dó annsin. Ċuir sé amaċ fuagraḋ ar an ḃomaite naċ leigfí aon duine de Cloinn Uisniġ pilleaḋ go Cúigeaḋ Ulaḋ go deo. Ṫug sin an-sásaṁ intinne dó. Aċt caidé ṫárlaiḋ anois aċt gur éiriġ cogaḋ mór eadar na h-Ultaiġ agus na Connaċtaiġ. Cluinfiḋ tú ar ball beag caidé ba ḃun leis an ḃruiġneaċas. Ar scor ar biṫ ṫoisiġ Curaiḋ na Craoiḃe Ruaiḋe, ṫoisiġ siad a ráḋ gur ṁór an truaiġe an triúr fear a b'ḟeárr ins an Tuaisceart a ḃeiṫ ag caiṫeaṁ a saoġail ṫall i n-Albain agus gnoiṫe leoḃṫa i ḃfos. Duḃairt Conċuḃar ar an ḃomaite go dtaḃarfaḋ sé maiṫeaṁnas do Ċloinn Uisniġ a's go dtiocfaḋ leo féin agus le Déirdre pilleaḋ ar an ḃaile. Ṗill siad. Aċt níor luaiṫe a fuair Rí Ulaḋ a ċrúba ar Naoise a's ar a ḃeirt dearḃráṫair 'ná ċuir sé 'un báis iad. An gníoṁ fealltaċ seo ṫóg sé tormán agus tútán. Feargas Ṁac Róiġ, an fear a ḃí mar ḃannaiḋe naċ mbainfí do Ċloinn Uisniġ, ṫáinig oiread feirge air gur ḟág sé Cúigeaḋ Ulaḋ agus ḃain Connaċta amaċ a ċuidiuġaḋ leis na Connaċtaiġ i n-aġaiḋ Ċonċuḃair.

Sin scéal amháin. Annsin ní scéal amháin act fíce scéal a baineas le Cú Chulainn. Nuair nach raib ann act spuraicealach de gasúr bí sracadh sonnruigtheach ann. Marb sé cú le fear darb' ainm Culann agus annsin d'aontuig sé dún Culainn a chosnamh go bfagadh Culann cú eile. Ó'n lá sin go lá a bháis níor tugadh ar an gaisciúeach act Cú Chulainn. 'Na diaidh sin chuaidh an gruagach óg anonn go h-Albain a foglaim tuilleadh de cheird an tsaigdeora ó ban-laoich a bí tall annsin darb' ainm Scathach. Nuair a tháinig sé ar ais fá chionn tamaill tuit sé i ngrádh le cailín a casadh air darb' ainm Emer. Agus tá scéal mór ins na sean-leabharthaibh fá sin a dtugtar Tochmarc Emere air. Pósadh é féin agus Emer agus ba mhaith dílis an comrádaidhe aige í i rith a shaoghail.

Bí Ultach ann ins an am seo a dtugadh siadh Bricriú na Teangtha Neimhe air. Tá iomrádh mór air ins na sean-scríbhne agus ní de tairbhe gaisceamh lachta nó maithis, act go díreach mar gheall ar a dhroich-teangaidh agus a chuid mioscaise. Ag deánamh mirín ar fad a bíodh sé. Tug sé cuireadh aon uair amháin do uaisle na Craoibhe Ruaidhe 'un féasta. Agus nuair a fuair sé cruinn iad rinne sé a seacht ndícheall iad a chur a scianadh a chéile fá'n rud a ba suaraighe a chonnaic tú ariamh, .i., cia an laoch a rannfadh agus a chuirfeadh tart léadhb bidh a bí ar bórd ann. An scéal a baineas leis an féasta agus leis an racán a fobair a bhéadh ann fleadh Bricriú a beirtear air. Is ionann fleadh agus fleadh nó féasta. Tá scéal eile greamuighte do fleadh Bricriú a dtugtar Briatharchach na mBan air. Ba gruamdha an té nach mbainfeadh an scéal seo gáire as. Tá cunntas ann ar an scannsáil a d'éirigh eadar cuid ban uaisle Uladh. Bricriú

cóir a ba bunrúta leis an ċaṁlóid, nó ċuir sé na mná a ḋíospóireaċt agus a ċarġáil le ċéile cia ba scéiṁeaṁla agus cia a b'ḟeárr a raiḃ fear aici.

An scéal bréaġ sin a ḋtugtar Táin Bó Cuailgne air is iomḋa uair a h-innseaḋ ariaṁ é. Agus ní fuil doċar gearr-innse a ṫaḃairt air uair aṁáin eile.

Nuair a ḃí Conċuḃar 'na rí ar Ultaiḃ agus é i n-a neart ḃí bainríoġain ḃróḋaṁail ar Ċonnaċta darḃ' ainm Méaḋḃ. Agus ḃí sin ag Méiḋḃ agus ag n-a fear Oilioll stoc gan áireaṁ, gan ċunntas. Aċt caidé ḃí ar ċuid Oilill de'n eallaċ aċt tarḃ féiḋeaṁail a mbíoḋ an fear ar leis é ar fad ag deánaṁ mór-ċúise as. An Finn-ḃeannaċ an t-ainm a ḃí ar an tarḃ agus ní raiḃ a leiṫéid ḋoir nó ḋiar. Ċualaiḋ Méaḋḃ anois go raiḃ tarḃ a ḃí ionċurta leis an Finn-ḃeannaċ go raiḃ sin i gCuailgne i gConnḋae Luġḃaiḋe. An Donn Cuailgne an t-ainm a ḃí ar an tarḃ seo, agus duḃairt bainríoġain ḃróḋaṁail Ċonnaċt go mbéaḋ an Donn Cuailgne aici de ḋeoin nó de aindeoin an té ar leis é. Cogaḋ a ċaiṫfeaḋ a ḃeiṫ ann. Agus cogaḋ a ḃí ann, nó ba le Cúigeaḋ Ulaḋ Cuailgne agus ní leigfeaḋ Curaiḋ na Craoiḃe Ruaiḋe do Ċonnaċtaiġ teaċt asteaċ ar a gcuid talaiṁ a ṫóġáil creiċe. Ċruinniġ Méaḋḃ sluaġ mór a's tug aġaiḋ ar an Tuaisceart. Ṫoġ sí an uair i gceart. Nó ḃí an t-am de ḃliaḋain ann nuair a ṫigeaḋ anḃfainne ṁío-náḋúrṫa ar na h-Ultaiġ uiliġ. Ceas Ulaḋ an t-ainm a ḃí ar an tinneas ionġantaċ seo agus d'ḟáġaḋ sé Curaiḋ na Craoiḃe Ruaiḋe uile go léir gan lúṫ gan láṫar aċt Cúċulainn é féin. Aċt ċosain Cúċulainn an cúigeaḋ go ḃfuair a ċuid comráḋaiḋṫe biseaċ, agus tá scéalta ionġantaċa ins na sean-leaḃarṫa fá'n ċosnaṁ agus fá'n ṁarḃṫaċ a rinne an cosantóir

ó lá go lá. Cuir i gcás tá scéal fá Riastrad Ċúċulainn, nó na h-aṫruiġṫeaċa a ṫigead ar an ġaisciḋeaċ ṁór nuair a ṫéiġead sé a ṫroid. 'Na ḋiaiḋ sin tá scéal fada ar a dtugṫar Brisleaċ Ṁór Muiġe Muirṫeiṁne, agus innstear dúinn ins an scéal sin gur ċuir Cúċulainn an tóir ḋearg ar ṡluaiġte Ṁéiḋḃe. Imṫiġeann an anḃfainne de Ċuraiḋ na Craoiḃe Ruaiḋe anois, aċt is cuma, tá Cúigead Ulaḋ sáḃáilte. Gaidé innseas an sean-scéalaiḋe dúinn annsin? Tá, maise, go dteaċaiḋ an dá ṫarḃ iad féin—an Finnḃeannaċ agus an Donn Cuailgne—go dteaċaiḋ siad a ṫroid i ndeiread na scríbe a's gur ṁarḃ gaċ ceann aca an ceann eile.

Ḃí cuid náṁad Ċúċulainn scabṫa soir agus siar anois, aċt ní raiḃ saoġal fada i ndán do'n laoċ é féin. Ṫáinig mac Ríoġ Cúigiḋ Muṁan air lá aṁáin agus ṫug buille feille dó. Ba h-é buille a ḃáis é. Innseann an seanċaiḋe scéal beag deas dúinn anois. Deir sé go dtáinig capall Ċúċulainn—eaċ bréaġ darḃ' ainm an Liaṫ Maċa—a ċuartuġaḋ corp a ṁaiġistir agus nuair a fuair sé é gur leag sé a ċeann ar uċt an ċuraiḋ ṁóir naċ mbogfaḋ cos nó láṁ ní ba ṁó. Agus annsin ṫáinig Emer bean Ċúċulainn agus ṡil sí na frasa deor ós cionn an ḟir a raiḃ a croiḋe agus a h-anam ann.

Aċt ní h-é seo deiread an ċunntais. Ḃí Conall Ceárnaċ 'na ċomrádaiḋe ag Cúċulainn, agus b'iomḋa géiḃeann agus gáḃaḋ a raiḃ an ḃeirt ann. Mar sin de, ḃí an-ḃuaiḋread go deo ar Ċonall nuair a ċuala sé caidé d'éiriġ d'á ċaraid. Dar leis féin go mbéaḋ díoġaltas aige. Ṫeann sé air, fuair a ċuid airm, agus níor stad gur ṫreascair sé agus gur ṁarḃ sé mac Ríoġ na Muṁan agus iomlán a ċuid fear. An scéal i n-a ḃfuil cunntas ar an

troid seo is é an t-ainm atá air ins na seanleabarta Dearg-Ruatar Conaill Ceárnaig.

Támuid anois ag deireadh na scéaltaí a baineas le Curaíd na Craoibe Ruaide. Deir na seanleabarta nach raib lá rath' ar Conchubar ó'n uair a d'fheall sé ar Cloinn Uisnig. Agus com luath géar agus fuair Conchubar é féin bás toisig na Curaíd a cailleadh treise. Mar sin de, ní raib moill ar bith ar na trí Colla—triúr mac Cairbre Lifeachair—ní raib moill ar bith orta a teacht ins an bliadain 332 agus Eamain Macha Mongruaide a dóghadh go talamh. Agus níor chróda an ghníomh uilig é. An geamhaire madaidh is suaraighe amuig tig leis sclamhadh a tabairt ar leoman mhardh.

Fear sainnte nó saiḋḃris.

Ar an Ṁín Ċairrgiġ, baile sléiḃe atá eadar Gleann tSúilġe agus Gleann Ḟinne i dTír Ċonaill, a rugaḋ agus a tógaḋ Conall Ṁac Daeid an fear a ċum an t-aṁrán beag seo. Ċum sé mórán aṁrán agus dánta eile fosta, cuid aca atá caillte agus cuid atá le faġáil go fóill. "Conall an Ċeoil" a ḃeirtí air i gcoṁnaiḋe. Ḃí Conall go measarḋa raiṁléiseaċ (.i., draḃlasaċ) i dtús ama, aċt i ndeireaḋ a ṡaoġail d'éiriġ sé cráiḃṫeaċ staid-éarṫa.

Fuair an file bás eadar 1800 agus 1820.

Fear sainnte nó saiḋḃris ní ṁaoiḋim a ḋóiġ,
Sanntuiġeann sé an ṁaoin ⁊ ní ṡaoṫruiġeann sé an ġlóir.
Bí oiḋrí le díomas ag bruiġin fá n-a stór,
A ċruinniġ an créatúr le díḃirc gan sóġ.

I ḃfiaċaiḃ nó i saiḋḃreas níor ṁian liom mo ḃás
⁊ an Scruiptiúr ag míniuġaḋ gur contaḃairteaċ an cás.
Ba ṁó a b'ḟeárr liom roinn le gaċ druing a ḃéaḋ i gcáin,
'Ná mo ṁuinntear fá mo ṫiomna a ḃeiṫ i n-imreas ⁊ mé ar lár.

A ḃeiṫ déirceaċ a ba ṁian liom a's saoiṫeaṁail ós cionn cláir,
Le féile ⁊ daonnaċt ⁊ gan éirġe ró-árd.
An ċléir a ḃeiṫ ag guiḋe liom ⁊ an tír in mo ṗáirt,
Mar naċ féidir fear maoine a ḃeiṫ naoṁṫa ag faġáil ḃáis.

Biaḋ, Deoċ agus Éadaċ.

An léaḋb aráin sin atá in do láiṁ, an braon ḋíġe sin atá tú 'á ṡnaċaḋ leis, agus an ball éadaiġ sin atá ar do ċorp tá stair aġ baint le gaċ ceann aca. Agus stair ṡuimeaṁail i gceart í, siúd agus gur annaṁ a smaoitiġeas duine uirṫi. Mar sin de, ní am i muḋa orainn ar súil a ṫaḃairt ṫar an tseanċasg sin a baineas le rudaí atá ċoṁ.tairḃeaċ dúinn agus ċoṁ riaċtanaċ againn a's ṫiocfaḋ beiṫ.

Is beag duine naċ n-iṫeann arán. Agus ġníṫear an ṁór-ċuid de'n arán sin as plúr geal cruiṫneaċta, as min ċoirce, nó as min buiḋe. Ní fuil mórán cruiṫneaċta aġ fás i n-Éirinn, agus mar sin de, caiṫfear í 'faġáil asteaċ as tíorṫa eile. As Canada, na Státa Aontuiġte, as an Airgintín, agus as Australia a ṫig an ċuid is mó dí. Tig gearr-ḋornán dí as an Rúisia agus as India fosta. Tá na tíorṫa sin uilig an-fóirstineaċ do'n ċruiṫneaċt. An ċréafóg tá sí an-saiḋbir agus ġeib an talaṁ neart gréine ; agus ós cionn rud ar biṫ eile tá solas a's teas na gréine aġ teastáil leis an ċruiṫneaċt a apuġaḋ go tapaiḋ agus leis na diasóga a ḋeánaṁ mór. Aċt tá buntáiste eile aġ bunaḋ na réagún seo. Na feirmeaċa tá siad an-ṁór agus tá gléasraiḋ agus oirnéis ann leis an obair a ḋeánaṁ go h-an-ġasta. Inneall aṁáin atá aġ na feirmeoirí annsin bainfeaḋ sí, ṫógfaḋ sí a's ċeanglóċaḋ sí oiread cruiṫneaċta i n-aon lá aṁáin agus ḋeánfaḋ céad fear. Agus na gléasraiḋ buailte atá aca tá siad maiṫ do réir sin. Fágaiḋ sin gur féidir le bunaḋ Mearaiceá agus le bunaḋ Ċanada cruiṫneaċt a fás, a baint, a meilt, plúr geal a ḋeánaṁ aisti, an plúr sin a ċur anall go h-Éirinn nó go Sasain, agus é a ḋíol i ḃfos níos

saoire 'ná b'féidir le feirmeoirí beaga na n-oileán seo a dheánamh agus an margadh ag an doras aca.

Acht ní h-ionann sin agus a rádh gur ceart dúinne ádhbar ar gcuid aráin a fhagáil as réagúin atá i bhfad ar siúbal. Go dearbhta, ní h-ionann. Ná fanaimist i muiniúgin na gcoimhúgtheach fá greim ar mbéil acht coimh gairid a's tig linn. Dá n-éirigeadh dearghán de chogadh mór béimist i ngéibeann agus i ngéibeann scannruigtheach. Mar sin de, ba ceart dúinn dícheallt agus dúthracht a dheánamh ag cur agus ag baint ionnas nach mbéadh ag tíortha eile le beith ag tabairt ar gcodach dúinn. Acht tá tuilleadh ins an scéal. An plúr mín sin a tig asteach go h-Éirinn beirtear plúr geal air. Agus deir na doctúirí is fearr nach bhfuil sé folláin. Baineadh an bran, is é sin an cuid is fearr de'n gráinnín, de, agus meileadh an croide nach raibh acht 'na staile. Agus annsin le n-a dheánamh ní ba gile aríst agus le súile na ndaoine a sásughadh cuireadh alum tríd. Fágaidh sin an plúr bocht, gan brigh, gan súgh, gan seamar, a's é mío-folláin ar chupla dóigh. Acht cruithneacht na h-Éireann ghníthear réidh í ar dóigh eile. Meiltear an gráinnín go h-iomlán, bran a's uile, a's ní chaithtear ar siúbal acht an cáith. Mín chruithneachta a beirtear ar seo. Tá dath donnbuidhe uirthi, agus tá brigh agus cothughadh innti. Ba h-í sin an cineál mine a bíodh ag na Gaedhil roimhe seo agus ghníodh siad arán agus bracan aisti.

Coirce. Bhí an t-am ann agus gan é i bhfad ó shoin uilig nuair a bhí an mhór-chuid de bhunadh na h-Éireann beo ar arán coirce agus ar bhracan mine coirce. Acht tá an t-am sin thart. faraor! Siúbalfá gíota fada anois sul a bhfeicfeá bonnóg aráin coirce 'á cruadhughadh leis an teinidh. Agus de thairbe

bracain mine coirce nó bracan de ṡeort ar bit de ċar ṁait tráċt air! Deireaḋ na sean-ḋaoine naċ raiḃ ḋaḋaiḋ a raiḃ oiread coṫuiġte ann le ceapaire de arán coirce nó bracan a ḋeánfaí le min ċoirce agus bainne milis. Agus bí an ceart aca.

Tá móran arḃa ag fás i n-Éirinn, de ḃriġ naċ ndeán an fliuċlaċ agus an fuaċt oiread doċair do'n arḃar a's ġní siad do'n ċruiṫneaċt. Tá cuid ṁór de ag fás fosta ins an Ġearmáin, i Rúisia, agus i gCríċ na Loċlann.

Seagal. Deirtear go n-iṫeaḋ bunaḋ na h-Éireann arán seagail i bfad ó ṡoin. Aċt ins an am atá i láṫair ní iṫeann duine ar bit an cineál seo aráin aċt na daoine is boiċte ins an Loċlainn, i Rúisia agus ins an Ġearmáin. An t-arán tá sé cineál dub, aċt tá coṫuġaḋ ann, agus i n-am an Ċogaiḋ Ṁóir bí uasal agus íseal i n-oirṫear na h-Eorpa 'á iṫe agus iad buiḋeaċ beannaċtaċ é a ḃeiṫ aca. Ġní bunaḋ Rúisia seort biotáilte a dtugtar *vodka* air as an tseagal.

Eorna. Fásfaiḋ eorna i n-áit naċ bfásfaḋ cruiṫneaċt. D'fóirfeaḋ aoráid na h-Éireann go h-an-ṁait dí, agus is cúis náire é go gcaiṫfiḋ braċadóirí a's driogairí na tíre ġaḃáil ċuig na coiṁiġtiġ ar lorg an ġráin. Ins an tsean-am arán eorna a ḃíoḋ tríd an tsaoġal ṁór, aċt ins an am atá i láṫair ní ḋeántar móran úsáide dí mar arán. Rud aṁáin is ceart cuiṁniuġaḋ air. An eorna a ċeannuiġtear ins na siopaí tá an loċt céadna uirṫi atá ar an plúr. Ġealuiġeaḋ í a's baineaḋ an ḃriġ go h-iomlán aisti.

An Ġrán Buiḋe. Nuair a leag Ċolumbus a ċos

ar talaṁ an Oileáin Úir an céad lá ariaṁ ní faca sé cruitneact, coirce, eorna nó seagal annsin. Nó ní raib seort ar bit grán ins an tír act amáin an grán buide. As an grán buide gnítear an min buide agus támuid uilig eolac go leor ar min buide, ar arán mine buide, agus ar bracán mine buide. An grán seo ní fásann sé i n-Éirinn : ní fásfad sé ní b'faide ó tuaid 'ná leatfad a caoga. Tá sé sonnruigtéac an méid de talaṁ na Státaí Aontuigte atá faoi grán buide. Tá mórán de posta i Mecsico, ins an Airgintín, ins an Ungair, ins an Ostair, agus ins an Iodáil. Toirtíní mine buide an prím-biad atá ag muinntir Mecsico. Beir bunad an Oileáin Úir mórán mine buide do eallac. I n-Éirinn annseo arán mine buide is mó a ittear fá na sléibte agus na cladaige.

Ní fuil iongantas ar bit oiread talaṁ a beit faoi grán buide ins na tíorta a bfuil sé ag fás ionnta. Bárr atá ann a beir torad mait. Biad atá ann do'n duine a's do'n ainmide. Agus annsin tig alcól, gliúcós, stailc, agus plúr-coirce a déanaṁ as.

Deir na sean-daoine gur trí bliadna i ndiaid bliadain na Gorta a táinig an céad ṁála de min buide asteac go Dún na nGall.

Ris. Ní fásfaid ris i n-áit ar bit act ins an áit a bfuil sír-teasbac agus neart uisce. Agus tá an dá rud sin le fagáil i dtalta na monsún, .i. India, na h-Indiaca Toir, an tSín, an tSeapáin, agus na h-Inse Filipineaca. Beir an ris torad an-ṁait agus i gcuid de na tíorta ins an Domhan Toir is é an prím-biad é atá ag na daoine. Gní na Seapánaig deoc darb ainm sace as an grán.

An ris a geibmid ins an tír seo tá an loct céadna

air atá ar an plúr agus ar an eorna. Sul a dtigiḋ sé asteaċ go h-Éirinn ar ċor ar biṫ baintear an bran de a's gealuiġṫear é. Is beag a fáġṫar aċt an stairs geal. An ris a iṫeas siad ins an Doṁan Ṫoir tá sé donn agus é an-folláin.

Tae. Támuid uilig ċoṁ cleaċtuiġṫe sin le tae anois gur ṁór an breiṫeaṁnas aiṫriġe orainn dá n-órdóċtaí dúinn teaċt gan é ar feaḋ aon lae aṁáin. Deir na sean-ṁná go bfuil an tae ċoṁ maiṫ sin naċ dteaċaiḋ sé a luaċ go fóill. Mar sin de, naċ bréag an éadáil é a beiṫ fairsing, agus tá sé annsin? Tiorta na monsún—an tSin, an tSeapáin, India agus Silon—sin na tiorta i n-a bfuil na crainn beaga a bfuil duilleoga an tae orta. Crann a ġeib aire beir sé trí bárr uaiḋ ins an bliaḋain, aċt is é an ċéad bárr an ceann is feárr. Pioctar na duilleoga leis na láṁa—obair atá gearr-fadálaċ—agus annsin cuirtear ar táblaí móra fada iad go dtriomuiġiḋ siad. 'Na diaiḋ sin brúiġtear iad le meáḋċain siubail le cuid de'n tsúġ a baint asta. An brúġaḋ agus an triomuġaḋ seo beoduiġeann siad an ċuṁraċt deas atá ins an tae. Ní fuil le deánaṁ anois aċt a ċur i mbocsaí agus a tiomáint 'un an bealaiġ.

Tá ráċairt ṁór ins na n-oileáin seo ar an tae láidir dub a tig as India agus as Silon. Tae éadtrom na Sine ní fuil oiread iarraiḋ air cé go n-abrann go leor daoine gur folláine é 'ná an rud eile. Aċt tá tae eile ag toiseaċ a teaċt as Mearaiceá Teas a gcluinfear iomráḋ mór air go fóill. Tae Mate agus Tae Paraguí a beirtear ar an luiḃ seo, agus is í an príṁ-deoċ.í ag na milliúin daoine i Mearaiceá Teas. Tae mate an tae is folláine ar biṫ. Tá dat donn-buide ar na gráin-

nineaċa agus an blas agus an bolaḋ atá ar an tsúg ní ḟuil siaḋ éagcosmail leis an blas agus leis an bolaḋ a bíos ar súg an aṫair ṫalmhan. Ní ċuirtear bainne ar bit ar tae mate.

Copí. Tig fá ṫuairim dá dtrian de ċopí an domhain as Brasil anois, siúd a's gur as Arabia a ṫáinig an copí an ċéad uair. Tá sé le faġáil posta i lár Mearaiceá, i Mecsico, i gColumbia, ins na h-Indiaċa Ṫoir, agus fásann crann an ċopí i bfiaḋain i n-Ethiopia. Is ionann sin agus a ráḋ go bfuil sír-ṫeasbaċ a's neart feartanna ag tastáil. Fásaiḋ caora dearga ar na crainn, agus astig i ngaċ caor aca sin tá dá pór beaga. Cruinnigṫear na caora nuair atá siaḋ apuigṫe, cuirtear ar maoṫas i n-uisce iad go n-imṫigiḋ an croiceann agus an mhór-ċuid de'n laoiḋean. Baintear amaċ na pónaire beaga anois, nó iad-san atá ag tastáil, triomuigṫear go maiṫ iad, agus cuirtear i málaí iad. Go minic ní mheiltear na pónaire go dtigiḋ siaḋ 'un na n-oileán seo. Sin mar is feárr a ċoinnigeas an copí an ċumraċt.

Cócó. D'féadamuist a ráḋ gur ins na réagúin ċéadna i n-a bfásann crann an ċopí a fásas crann an ċócó posta. Ní ḟuil an crann aċt beag, aċt fásaiḋ folaigeoga fada air. Tig daṫ dearg-buiḋe ar na folaigeoga sin nuair a bíos siaḋ apuigṫe. Cruinnigṫear annsin iad, bristear na croicne agus ġeibṫear an dá stuf atá astig i ngaċ ceann aca, .i., geir ślamparaċ a dtugṫar im cócó air agus fá ṫuairim dá ficiḋ ceann de póiríní beaga baoideaċa. An t-im cócó sin cuirtear é i gcosmaiḋí, i gcumraċta, i sópa, agus i chocolate. Agus na póiríní trionnuigṫear iad, meiltear iad, agus tá againn cócó.

Ólann na Spáinnig mórán cócó ; bunaḋ na h-Ísiltíre agus na Státa Aontuigte is feárr leo copí ; acht muinntear na n-oileán seo agus na Rúisianaig tá siad an-trom ar tae agus ní ćuirfeaḋ siad daḋaiḋ eile roiṁe.

An deoć sin a dtugtar tae Rúisia air ní fuil a ḋat aṁáin ann acht tae mar tae eile acht go gcuirtear súg an lemon air i n-áit siúćra agus bainne.

Éadać. Éadaig olna. Tá an olann fairsing i n-Éirinn, buiḋeaćas do Ḋia. Acht dá n-éirigeaḋ sí gann annseo féin ní ḃéimist ar an anás ar fad, nó ćiocfaḋ linn a fagáil as Australia, as an Airgintín, agus as mórán áiteać eile.

Ní fuil daḋaiḋ ar ćor ar ḃit ćoṁ suimeaṁail le n-ar súil a ćoinneáil ar an olainn ó'n am a fásas sí ar ḋruim na caorać go ndeántar éadać dí.

Sin dá ćaoraig amuig annsin agus is orta atá na lomairteaća bréagta! Seo beirt fear, deiṁeas leo, agus iad ag gaḃáil amać 'á lomaḋ. Na fir ćéadna tá siad déag-láṁać eolać, a's ní ṁaireann an obair i ḃfad. Acht caidé gnítear leis an olainn anois? Tá, maise, caitfear í a nige agus a sciúraḋ go mait leis an úraḋ nó an bealtaḋ atá triti a ḃaint aisti. Mur' ndeántaoi sin ní glacfaḋ an snát leis an dat. Ḃristear agus spíontar an olann anois a's annsin tá sí réiḋ fá ćoinne cárdála. Duine ar bit a tógaḋ ins na sléibte ćonnaic sé mná ag cárdáil olna agus ćug sé fá dear' na dealga géara atá ar na gléasraiḋ a ḃíos aca. Tá an ćárdáil riaćtanać leis na slámáin a réiḋtiugaḋ agus a ćíomáil agus le roćlóga beaga a ḋeánaṁ de'n olainn. Nuair atá na roćlóga deánta tá an olann réiḋ le sníoṁ. Cia h-é sin de bunaḋ na gcnoc nać ḃfacaiḋ túirne

mór nó túirne beag? An túirne beag is feárr. An snáth a ghníthear ar an túirne beag bíonn sé níos láidre agus maireann sé níos faide. Do réir mar táthar ag sníomh an tsnáith táthar 'á thochardadh agus nuair atá sé uilig tochardta daithtear é. Gréasán a bheirtear air anois agus ní fuil le déanamh acht a thabairt chuig an figeadóir. Tá gléas nó acra ag an figeadóir a dtugthar seol air. Figeann an seol an snáth agus gní éadach de. Má's plaincéad atá le beith ann caithfear a reamhughadh. An dóigh a ndéantar seo spréidhtear an plaincéad amach ar urlár glan agus cuimiltear sópa agus uisce air. Annsin bainidh cupla duine díobhtha a gcuid bróg agus a gcuid stocaí, nigidh siad a gcosa go maith, agus siubhlaidh siad thart ar an plaincéad 'á shatailt agus 'á thrampáil. 'Na diaidh sin cuirtear an plaincéad chuig an úcaire go dtógaidh sé chum air le seort cnádáin. Éadach caithte posta beir an t-úcaire ciomáil dó.

Acht an lá a bhfeicfeá an túirne agus an sníomhadóir, an seol, an figeadóir, agus an t-úcaire, —an lá a bhfeicfeá iad ar 'ach aon baile chomair a beith, tá an lá sin thart. Iomlán na h-oibre seo ghníthear í anois ins na muilte móra. Agus cé go ndéantar í go bréagh gasta ní bíonn an teacht aniar nó an buanfas i n-éadach muilinn a bíodh i n-éadach baile.

Bí an t-am ann agus bí mórán lín ag fás i ngach uile chonnae i n-Éirinn. Léinteacha, haincearsain cinn, haincearsain póca, éadaigh tábla, áobhar coinneál róisín,—ghníthi an t-iomlán as línéadach. Agus na fir a bíodh ag gabháil do'n lion ní 'na gcomhnaidhe a bíodh siad. Ní baintear an lion le speil mar ghníthear le coirce. Caithfear a tharraingt amach as an talamh eadar rútaí agus uile

leis na láṁa. Annsin baintear an pór de bárra na ngasróg le seort de ćíor ṁór iarainn. Ġnítear cineál de ola as súg an ṗóir, agus an rud atá fágta beirtear min ros air agus tá sé 'na biaḋ an-ṁait ag gaṁna óga. Acht gasraća an lín agus na fréaṁaća cuirtear ar maoćas i n-uisce iad. Caitfiḋ an t-uisce a beit glan ; nó má bíonn ruaḋ-ṁeirg ann nó é ag teacht ó druim aoil béiḋ an lion millte. Nuair a bíos daoine ag cur lín i mboirleać uisce deirtear go bfuil siad ag báćaḋ an lín. Fá ćionn naoi nó deić de laeće tógtar na gasraća agus na fréaṁaća as an uisce a's cuirtear ar tuar iad. Tá an lion anois le scoćaḋ nó mar deirtear i gcorr-áit le scoitseáil. Na gasraća caitfear a mbriseaḋ agus an tslámánaćt a scoćaḋ ó'n garblać. Ġníti an obair seo i bfad ó ṡoin le tuairníní agus leis na láṁa, agus bí an obair ćéadna fadálać. Ciomáltar an garblać agus beirtear barrać air. An tslámánaćt nó an ćuid is fíneálta de'n lion beirtear ćuig an tsiostalóir í. Tá cíor iarainn aige-sean a dtugtar siostal air. Roiseann agus ciomálann an siostalóir an tslámánaćt. Tá an lion réiḋ anois le sníoṁ. Roiṁe seo ṡníoṁtaí lion ar na túirní beaga uilig. Nuair atá snáť deánta de'n lion ní fuil acht a taḃairt ćuig fear an tseoil go ndeánaiḋ sé línéadać de.

Bí sin mar sin i bfad ó ṡoin. Acht d'atruig an saogal. Ní fuil siostalóir nó sníoṁadóir lín le feiceáil toir nó tiar anois. Tá muilte scoitte leis an lion a scoitseáil agus ġníteár an ćuid eile de'n obair ins na muilte móra. Agus rud eile ćuaiḋ fás an lín ar gcúl go mór. Go dearḃta, ní fiú a beit ag cainnt ar a bfuil ag fás de taoḃ amuig de Oirtear Ćúigiḋ Uladh. Agus rud atá níos iongantaige 'ná rud ar bit eile : d'féadfá

fiċe míle a ṡiuḃal anois agus gan oiread a's órdlaċ de línéadaċ a ḟeiceáil. Agus caidé ġeoḃṫá i n-a áit? 'Tċífimid go díreaċ ar an bomaite?

Ins na tíorṫa teoḋa, go speisialta na Státaí Aontuiġṫe, an Éigipt, India agus Nigeria, tá dos ag fás atá fá ṫuairim trí troiġṫe go leiṫ ar airde. Plannta an Ċadáis an t-ainm a ḃeirtear ar an dos seo. Tig duilleaḃar agus bláṫa air agus fásann tom beag bán olna air fosta. An tom beag bán sin ní ḟuil sé éagcosṁail le canaċ an tsléiḃe a 'tċífeá ar 'aċ aon ċnoc i n-Éirinn. Cruinniġṫear na tomanna sin, ceangaltar suas i mbeairtíní nó i saic ṁóra iad, a's ḃeirtear iad go caṫraċa móra na Sasana agus an Oileáin Úir. Tá muilte ins na caiṫreaċa sin a ġní cadás bréaġ bán amaċ as na slámáin ḃeaga ġeala sin a ṫáinig as réagúin an teasḃaiġ. Anois is é an cadás sin a ċuir ó ṁargaḋ agus ó aṁarc na ndaoine an línéadaċ bréaġ a ḃí le feiceáil i ngaċ uile ṫeaċ i n-Éirinn tá ceiṫre fiċid bliaḋain ó ṡoin. Agus go dearḃṫa ní h-é a ḟeaḃas a ḟágas a leiṫéid de ráċairt ar an ċadás, nó ní ḟuil caiṫeaṁ ar biṫ ann; aċt tá sé bréaġ saor. Ball línéadaiġ cosnann sé a ċeiṫre oiread a's ċosnas ball cadáis. Aċt mairfiḋ an ball línéadaiġ fiċe uair níos faide 'ná ṁairfeas an ball eile. Anois nár ċóir gur coṁṫromuġaḋ margaiḋ a ḃéaḋ annsin? Aċt, ní h-eaḋ; nó ċan ar ḃuanṁas atá uṁail ḃunaḋas na ndaoine aċt ar ṡaoirse.

'Tċímid anois gur ḟágamar sinn féin a ḃeagán nó a ṁórán i muiniġin na gcoiṁiġṫeaċ ó ṫugamar cúl ar an tsean-tsaoġal.

A ċAORA ḂEAȜ ḎÍLIS.

Ȝo minic i nḋeireaḋ an Earraiġ fáȝaiḋ corr-ċaora na cnuic a's tiȝ sí anuas 'un na n-ísleán a ċuartuġaḋ féir mín. Aȝus ȝo minic fosta ṫéiġiḋ sí ṫar ċlaiḋṫeaċa aȝus asteaċ i ȝcuraiḋeaċt. Caora ar biṫ a ṫoisiġeas a ḃraḋġail mar seo caiṫ-fear a ceanȝal nó a cur i ȝcró. Mur' nḋeántar sin muirḃfear í.

Ḋeirtear ȝur i ȝceanntar na Cairrȝe a cumaḋ an t-aṁrán bréaġ seo ; aċt tá sé le cluinstin ṫríḋ Ġaeḋealtaċt Ṫír' Ċonaill uiliȝ.

I.

A ċaora ḃeaȝ ḋílis, fan ṫuas ȝo cionn míosa!
Ná bí ṫusa aȝ ísliuġaḋ an ġeaṁair ȝaċ lá :
Nó cuirfear fá ṡnaiḋm ṫú; béiḋ díoġḃáil do ḃiḋ ort,
Aȝus ȝan aṫruġaḋ de ġníoṁ ann aċt ṫú ḋaoraḋ 'un báis.
Ní ċodluiġim ins an oiḋċe aċt aȝ osnaiġil aȝus aȝ smaoitiuġaḋ,
Ȝo mbéiḋ tú i bpríosún fá ocras aȝus cráḋ,
ꝛ a ċaora ḃeaȝ ḋílis, naċ truaġ duit an niḋ sin,
A ċuirfeas an tsnaiḋm ar do sceadamán ḃán!

II.

"Ḃarraiḋeaċt a ġlac mé, faraor, de do ċoṁ-airle,
Aȝus ní ġlacfad níos mó dí," 'sé duḃairt sise liom.

"Tá m'uainín gan dóiġ ⁊ ní ḃéiḋ agam deor dó
Mur' ḃfaġaiḋ mise cead a ḃeiṫ ṫríd a ḃfuil ann.
A's a Ṡéamais, a stóirín, ná ceangail i rópa mé ;
Agus cuirfead ort cóta a ḃéas deas ar do ḋruim.
Ná cuir ionnam sonnruġaḋ anois go dtí an foġṁar ;
A's ní luġaide do ḋornán mo ṡoc-sa a ḃeiṫ ann!

III.

"A's a Ṗeadair Uí Ḋálaiġ ná bí a mo scannruġaḋ
Le madaiḋ agus le gárṫa má ṫigim fá'n ċlaiḋe.
Préata nó gráinnín ní ḃainfead go bráṫ leo.
⁊ an tráiṫnín a íosfas mé fásfaiḋ sé arist.
A's a Ḋoṁnaill Ṁic Ṁáġnuis, má leigeann tú fá'n ṗáirc mé,
Ḃéarfaiḋ mé trian duit a ḃfuil ar mo ḋruim.
Ġeoḃaiḋ tú uaim scríḃinn le peann agus páipéar,
Naċ dtéiġim-se go bráṫ ṫar an teorainn anonn!

IV.

"A's a Ṁíċeáil Uí Ċianaiġ, ar roṁar tú an garrḋa?
An ḃfuil tomóg nó gráinnín ag gobaḋ aníos?
Mo ṁallaċt go bráṫ ar an tulaiġ a ḃíos árd,
Ní ḃíonn uirṫi aċt ciaplaċ agus dosóga fraoiċ!"
Ṫug sise rása anuas ó na h-árdáin
Agus asteaċ 'un na bpáirceann go dteárn' sí cuairt.
Ḃí Míċeál go fáilṫiḋe i gcoirneál an ġarrḋa.
A's fuair láṁ i n-a lomairt agus greim ar a cluais.

V.

Marb sé mo ċaora agus ġearr sé a scórnaċ!
Feannaḋ go feoil í a's stiallaḋ go cnáṁ!
Tá a h-uainín ag méiḋliġ ag iarraiḋ a ṁáṫar,
Agus ag cuartuġaḋ na bpáirceann aċt ní fuil
sí le faġáil.
Mí-raṫ ar an tslaḋaiḋe a ṁarb mo ṗeata,
Agus d'fág tú 'do ḋíleaċta, a uainín ḃig ḃáin!
A's a ċaora beag ḋílis, cé mín deas na h-ísleáin,
Is mairg nár fan tú ar an tulaiġ atá árd!

Aṫ-Ṗósaḋ Ḟinn Ṁic Ċuṁaill.

Ulpóg Earraiġ a ḃuail an ċéad ḃean a ḃí ag Fionn Ṁac Ċuṁaill agus níorḃ' ḟada ag éileaṁ í go dtug an bás leis í. Ḃí Rí na ḃFiann buaiḋ-earṫa cráiḋte, niḋ nárḃ' iongnaḋ, agus rinne sé daonán truaġcánta 'na diaiḋ. Ḃunaḋ na h-Éireann uilig ṫáinig brón orṫa. Agus nár de na coṁarṫaí gur plúr na mban a ḃí ins an ṁnaoi a d'imṫiġ nuair a ṡeasuiġ Fionn ar ṁullaċ ṫrí n-árd go dtug sé móid agus mionna naċ ndeánfaḋ sé aṫ-ṗósaḋ go deo go ḃfuaruiġeaḋ a ḃéal agus go dtigeaḋ ṫiar aniar? Ḃí sin maiṫ go leor. Aċt ní ṫeaċaiḋ aċt bliaḋain agus bruideog ṫart go dteárn' Fionn aṫ-ċoṁairle. Smaoitiġ sé go díreaċ nárḃ' ḟéidir dó onóir ní ba ṁó a ṫaḃairt do'n ċeann a ḃí ag iomċar na ḃfód 'ná ceann eile a ċur i n-a h-áit. Agus ba h-é an ċéad rud a rinne sé a intinn a leigean le n-a ċuid fear. Ḃí 'ḟios aige go molfaḋ siad-san leis agus ṁol. Aċt ḃí an méid seo de ḋuifear eadar Fionn agus na fir. Ḃí seisean tíoraṁail agus ní ṫaḃarfaḋ sé droiċ-ṁeas ar a ṁac a saṁail féin: ḃí siad-san bródaṁail díomasaċ, agus duḃairt siad anonn agus anall leis naċ raiḃ bean ar biṫ i n-Éirinn maiṫ go leor aige aċt Gráinne inġean Ċormaic Ṁic Airt, an t-Áird-Rí.

"Tá an óige aici, agus tá an scéiṁe uirṫi, agus tá an uaisleaċt innti," arsa siad-san. "Sin a's uilig ní ḟuil mórán de ḃárr aici agus a ḃeiṫ maiṫ go leor agat."

Ċarḃ' iongantaiġe dadaiḋ d'á gcualaṫas ariaṁ ar ṫulaiġ nó ar ṫráiġ 'ná nár ṫuit Fionn as a ṡeasaṁ nuair a ċuala sé an ċainnt sin. Eisean a ḃí 'na ḃaintreaḃaċ stáluiġṫe agus clann a ċloinne i

n-aois gaisceaṁlaċta,—eisean a raiḃ a ċeann gealliaṫ agus a aġaiḋ ruicneaċ,—eisean ag iarraiḋ ceileaḃar pósta a ċur ar Ġráinne inġean Áird-Ríoġ na h-Éireann!

"Dar a ḃfeicim agus naċ ḃfeicim!" arsa Fionn, arsa seisean; "ċar ṁaiṫ liom a ġaḃáil go falaing agus féasóig Ċormaic agus a leiṫéid d'aṫċuinge in mo ḃéal!"

Aċt an raiḃ gar do Ḟionn a ḃeiṫ ag cur i n-éadan a ċuid fear? Ḃaige, ní raiḃ! Duḃairt siad gurḃ' ḟaide a ṡaṁraḋ-san 'ná saṁraḋ Ġráinne í féin, go raiḃ ċuma óġánta air ar fad, gur ḃaġánta d'á aois é 'ná aon ḟear eile i n-Éirinn, go raiḃ seasaṁ margaiḋ ní b'ḟeárr ann 'ná ḃí ins an Ḃreasalán Ṁór fear a raiḃ súil aige ar inġean an Áird-Ríoġ fosta, agus gur go buiḋeaċ beannaċtaċ a ḃéarfaḋ Cormac a inġean do ċeann-urraiḋ na ḃFiann. Dá mb' ḟíor agus dá mb' aṁlaiḋ ḃí, ba ṁaiṫ. Ċa dteárn' Fionn a ḋaṫ aṁáin aċt scaifte fear a ṫaḃairt leis a's ṡín siad leo ag tarraingt ar ḋaingean an Áird-Ríoġ. Aċt nuair a ḃí siad ag gaḃáil ṫart i n-áit a raiḃ síoḋán fosclaḋ coṁla ḃreac na creige, ṫáinig neaċ amaċ a's arsa seisean:

"Pill, pill, a Ḟinn Ṁic Ċuṁaill!
Ná deán an siuḃal go toiġ Ṁic Airt!
Ġráinne, inġean óg an Ríoġ,
Má ġeiḃ tú í ní feárrde ḋuit!

"Ṫug tú mionna a ḃí mór
Naċ bpósfá aríst go lá na gcreaċ.
Ná taḃair do ḃriaṫar ar do ṁian;
An té rinne ariaṁ ní ṫeaċaiḋ leis!"

Asteaċ leis an neaċ annsin agus ḋruid an doras 'na ḋiaiḋ.

"Dearbráṫair Breasaláin Ṁóir atá ann," arsa fear de na Fiannaiḃ. "Tá sé 'na ċoṁnaiḋe ins an tsíoḋán sin a's ba ṁaiṫ leis beag-uċtaċ a ċur orainn."

"Maise, asteaċ a ḟosclas an ċoṁla ḃreac sin," arsa fear eile. "Ṡonnruiġ mise sin a's is leor é mar ċruṫuġaḋ naċ de'n tsaoġal seo an neaċ a laḃair."

"Is cuma cia aca saoġalta nó neaṁ-ṡaoġalta arraċtaċ an dáin," arsa Fionn, arsa seisean. "Ní loicfimid-inne anois dá mba i ndán a's go dtiocfaḋ Bioróg an tSléiḃe, Muġarnán na luaṫ agus Faṫaċ Mór Ruiḃlinne roṁainn. Dá loicimist ċluinfeaḋ Conán an scéal a's ċuirfeaḋ sé amaċ as Éirinn sinn le n-a ċuid magaiḋ."

Ġread leo, agus níor stad siad go raiḃ siad ag daingean Ċormaic. Leigeaḋ asteaċ iad, d'innis Fionn a ġnoiṫe, a's ní raiḃ sé saor gan faitċíos a ḃeiṫ air. D'éist an t-Áird-Rí, ċuir goic air féin, a's annsin ṫug a inġean i leaṫ-taoiḃ.

"A Ġráinne," arsa seisean, "an bpósfaiḋ tusa Fionn Ṁac Ċuṁaill?"

Ṫug sí móid naċ bpósfaḋ.

"Agus caidé na loċta a 'tċiḋ tú ann?" arsa Cormac.

"Tá, maise," arsa Gráinne, "tá sé ró-ṡean; tá sé ró-ṁíofar; agus tá sé 'na ruagaire reaṫa. Sin trí loċt agus nár leor ceann aṁáin?"

"Ḃall," arsa Cormac, "má tá Fionn sean féin 'ar ndóiġe ní ḃéiḋ agat le n-a ċnáṁa a ṗiocaḋ. Agus de ṫairḃe a ċuid míofaireaċta an méid atá a ḋíṫ air-sean de scéiṁe tá sin de ḃarraiḋeaċt ort-sa. Duḃairt tú go ḃfuil sé 'na ruagaire reaṫa. Ḃall, is feárr é ḃeiṫ 'na ruagaire reaṫa 'ná a ḃeiṫ 'na rúcadán."

Ṫáinig Cormac ar ais ċuig Fionn.

"Fios na ndéag-scéal ċugainn!" arsa Fionn. "Aċt ní ḟuil scéal maiṫ leat-sa. Aiṫniġim i gceart naċ bfuil."

"Ní ḟóireann an bréag do'n rig aċt a oiread leis an tuata," arsa Cormac. "Mionnuig sí go díreaċ naċ mbéad roinn ar biṫ aici leat."

"Is leor sin!" arsa Fionn. "Naċ mairg a ṫáinig! Aċt dá luas a bainfeas sinn as amaċ is aṁlaid is feárr agus is fiúntaiġe dúinn é. Agus imṫeoċamuid anoċt de ṡiubal oiḋċe."

"Ní corróċaid sib amaċ as an teaċ seo go dtí i mbáraċ," arsa Cormac, "agus béid scéal eile agam-sa do Ḟionn annsin."

"A Ri," arsa Fionn, "cinnte ní ag dréim atá tú go n-aṫróċaid Gráinne a h-intinn."

"A Ḟinn," arsa Cormac, "naċ gcuala tú an sean-ḟocal seo ariaṁ?—'I ndiaid na mionnaí is feárr na mná.' Aċt go bé go dtug sí móid naċ nglacfad sí ṫú dub-eitiuġad a béad ann."

Bí 'ḟios ag Fionn gurb' é Mac Airt an fear a ba tuigsiġe i n-Éirinn agus ní ṫeaċaid sé 'un díospóireaċta leis. Ar maidin lá ar n-a báraċ ċuaid Gráinne ċuig n-a h-aṫair.

"An maiṫ leat-sa mise an sean-stalcaire sin a ḟósad?" arsa sise.

"Is maiṫ," arsa Cormac.

"Cad ċuige?" arsa Gráinne.

"Cuirfid mé an t-iomlán amaċ ar mo ḃois," arsa Cormac. "Dá mbínn-se 'mo scolóig ní leigfinn duit túitín de bainteabaċ a ḟósad. Aċt tá mé 'm' Áird-Rig agus is iomda beárna ar ċlaide garrda an Áird-Ríog. Anois is maiṫ an maide beárnad Fionn Mac Ċuṁaill. Ċa dtig olc nó urróid asteaċ ar an beárnaid a mbéid

seisean innti. Mo ṁairg agus mo ró-ṁairg nać bfuil tuilleaḋ d'á ṡeort le fagáil a's tuilleaḋ ingeanać agam-sa le n-a mbréagaḋ ćugam leis na beárnaća eile a ćosnaṁ!"

"Tuigim ćú i gceart," arsa Gráinne; "agus póspaiḋ mé do ġrág beárnaḋ, ní le gráḋ ar an ġráig sin, aćt le ćú a ṡásugaḋ. Agus cibé mar ćreabḟas sinn ní béiḋ daḋaiḋ le h-aifirt ortsa."

Bí lúćgáir ar Ḟionn go bonnaib a ḋá ćois nuair a ćuala sé go dteárn' ingean an Ríog aṫ-ćomairle. Leagaḋ amać an baineis do'n oiḋće sin agus ćuaiḋ teaćtairí ar ṁuin teaćtairí amać a ṫaḃairt curtać do'n toiciḋe agus do'n boćtán, do'n bodać agus do'n bacać. Agus nuair a fuair Gráinne faill ćuir sí cideog ar a ceann, ćug léići bascáiḋ, a's ćuaiḋ amać fá na cuiḃrinn gur ćruinnig sí lán na bascáiḋe de neaṁain agus de bó muc. Annsin bruiṫ sí agus d'aṫ-bruiṫ sí na luiḃeanna go maiṫ agus ćuir sí an súg i leaṫ-taoib. Bí go maiṫ agus ní raib go h-olc. Ćruinnig lućt na bainse agus bí daingean agus cuid scioḃól Ćormaic ploduigṫe, nó ṫáinig a bfuair cuireaḋ gan tráćt ar ćorrstocaire. Ins an am sin ba h-é an gnás a bí ar na bainseaća go gcaićfeaḋ an bríideog an biotáilte a ćur ṫart. Agus rud eile, béaḋ sé mí-ḋlisteanać agus dío-múinte ag duine ar biṫ cur suas do'n dig nó gan í a ṁolaḋ. Fuair Gráinne meadar ṁór, ćuir steall biotáilte innti, agus annsin líon an soiṫeać go béal le súg na luiḃeann i gan 'fiost do'n ćuideaćta. Ṫug sí an ćéad deoć d'á h-aṫair.

"Sin scoiṫ na dige," arsa Cormac.

"Maiṫ go leor," arsa Gráinne. "Ól tuilleaḋ dí!" Rinne sé sin.

Ṫuȝ an ḃríḋeoȝ an ḋara ḋeoċ ḋo'n ḟear a raḃṫar i nḋiaiḋ í a luaḋaḋ leis.

"An ḃiotáilte is feárr a ḃlais mé ariaṁ!" arsa Fionn.

"Maiṫ ȝo leor," arsa Ȝráinne. "Ól tuilleaḋ dí!" Rinne sé sin.

Ṡiuḃail an ḃríḋeoȝ ṫart ar an ċuiḋeaċta uiliȝ astiȝ a's amuiȝ. D'ól an t-iomlán aca, ṁol siaḋ an ḋeoċ, aȝus d'ól siaḋ arist. Ċar ḋe'n ṁúineaḋ nó ḋe'n ċóir Cormac aȝus a inȝean a náiriuȝaḋ i n-a ḋteaċ féin. Aċt ḋar siúḋ a's ḋar seo, ní raiḃ an ḃiotáilte ólta aca ceaṫraṁaḋ uaire ȝo raiḃ luċt na bainse uile ȝo léir, aċt Ȝráinne í féin, 'na ȝcnap ċoḋlata. Ḃí siaḋ annsin, a mbéal foscailte, a's leis an tsrannfaċ a ḃí aca ṡílfeá nár ċoḋluiȝ siaḋ néall le seaċt mbliaḋna. Ṡiuḃail Ȝráinne aníos aȝus síos anonn aȝus anall a's ȝan 'ḟios aici i ȝceart cia aca a raċfaḋ sí a ȝáiriḋe nó a ċaoineaḋ. Le sin ȝo díreaċ ṁoṫuiȝ sí trup cos aȝ an ḋoras a's nuair a d'aṁarc sí ṫart ċonnaic sí an t-óiȝ-ḟear bréaȝ ḋóiȝeaṁail ċuici.

"An ḋe'n ḟéinn ṫusa?" arsa Ȝráinne aȝ ȝaḃáil i n-airicis an diúlaiȝ.

"Is eaḋ aȝus ní h-eaḋ," ars' an t-óiȝ-ḟear. "Ḃeir an ḟiann leo mé nuair a ḃíos siaḋ aȝ ȝaḃáil i ȝcontaḃairt, aċt fáȝaiḋ siaḋ 'na nḋiaiḋ mé má ḃíonn siaḋ aȝ ȝaḃáil ċuiȝ cuirm."

"Aȝus cá ainm atá ort?" arsa Ȝráinne.

"Mise Diarmuiḋ na mḂan," ars' an t-óiȝ-ḟear.

"Maise, a Ḋiarmuiḋ na mḂan," arsa Ȝráinne, "caiṫfiḋ sé naċ ḃfuair tú cuireaḋ 'un na bainse nuair naċ ḋtáiniȝ tú ȝo ḋtí seo."

"Fuair mé cuireaḋ an stocaire," arsa Diarmuiḋ. "Níor h-iarraḋ orm ȝan a ṫeaċt."

"Is cuma," arsa Ȝráinne; "ṫáiniȝ tú annseo

go díreaċ nuair a bí péidhm leat. Tá mise 'a do ċur anois faoi ġeasa a ġreamóċas duit mé a ṫabairt leat amaċ as an dainġean seo sul a musclaiḋ aon fear de na fearaiḃ sin agus gan scaraṁaint liom go bfágaiḋ an anál tú!"

Ċa dteaċaiḋ leaṫ-uair ṫart go raiḃ Diarmuid agus Gráinne réiḋ a's ar śiubal leo méad a bí i n-a gcorp. Agus má d'imṫiġ siad féin níor de láṁa folaṁa, nó bí mórán iolṁaiṫis leo ar a nduim. I dtráṫa éirġe gréine ṁuscail luċt na bainse uiliġ, agus sin an áit a raiḃ an taṁaċ táisc nuair a tugaḋ fá dear' naċ raiḃ an bríideog le faġáil ṫall nó i bfos. Cuid de'n ċuideaċta ba beag a ċuideoċaḋ leoḃṫa ġabáil a ġáiriḋe, aċt bí gnúis ċairrfiaiḋ i n-abar ar Ċormac agus gruiġ ṫairḃ i bpunta ar Fionn. Le sin go díreaċ cia 'tcíḋ siad ċuca aċt Conán Maol, fear magaiḋ na bFiann. Ní bfuair seisean cuireaḋ 'un na bainse, níorḃ' fiú leis a ṫeaċt gan cuireaḋ, aċt ṫáiniġ sé anois go bfeiceaḋ sé an bfuiġeaḋ sé alpán biḋ agus steall diġe. Sin mar ċuir Conán asteaċ a śaoġal: i ndiaiḋ fuiġeall bainseaċ agus ag magaḋ ar 'aċ aon duine.

"An bfuil dadaiḋ fágṫa do'n teangaiḋ ṫirim, do'n ġoile folaṁ, a's do'n bolg śeang?" ars' an fear maol nuair a ṫáiniġ sé i láṫair.

D'éigean adṁáil naċ raiḃ plaic nó striog fágṫa, nó h-ólaḋ an biotáilte uiliġ agus ṫáiniġ an ċonairt ar an biaḋ nuair a ṫáiniġ an codlaḋ ar na fir.

"Ball, go slogṫar asaiḃ ar it sib agus ar ól sib ó riġ go radaire!" arsa Conán.

"A Ċonáin," arsa Fionn, "dá mbíoḋ m'fearg agus mo buaiḋreaḋ ort déanfá dearmad de do ġoile!"

"Agus a Finn, caidé tá ort?" arsa Conán.

"Ó, tá," arsa Fionn, "an ḃean a raiḃ mé luaiḋte léiṫi d'imṫiġ sí agus d'ḟág sí mé!"

"Hurú!" arsa Conán, "agus sin a ḃfuil ort! Maise, nár ṫuitiḋ dadaiḋ níos truime ar do ċrann go deo agus nár ċluinmid-inne scéal níos truaġ-cánta ó do ḃéal a ċoiḋċe!"

"Agus sin a ḃfuil de ṫruaiġe agat daṁ!" arsa Fionn.

"A śúgáin gan casaḋ," arss Conán, "ba ṁó an truaiġe i ḃfad a ḃéaḋ agam duit bá mbíoḋ éiġreaċ ar do ċosa! Aċt mo ḋearmad! An dtug an ġioḋróg a cruḋ léiṫi?"

"Ṫug," arsa Fionn. "Agus ní cruḋ aṁáin a d'áirdiġ sí léiṫi aċt seaċt gcruḋ!"

"Ó, maise, a Ḟinn ḃoiċt," arsa Conán, "tá truaiġe ag mo ċroiḋe duit anois."

Le sin go díreaċ 'tċíḋ siad ċuca an t-Ioscadán lom, fear luaṫ-ċosaċ na ḃFiann.

"Caidé do scéal, a Ioscadáin luim?" arsa Fionn, arsa seisean.

"Cos luaṫ cos tapaiḋ!" ars' an t-Ioscadán. "Ċonnaic mé eadar mé agus léas Diarmuid agus Gráinne, an cuilceaċ fir agus an canaċ mná! Ar śiuḃal liḃ ins an ruaḋ-ṫóir, an spágaire agus an rácálaiḋe, agus nár ḟóiriḋ ar an ḟágálaiḋe!"

Ar an ḃomaite d'éiriġ buiḋean de'n Ḟéinn 'na seasaṁ agus ar śiuḃal le Fionn agus leo féin ins an tóir i ndiaiḋ Ḋiarmuda agus Gráinne. Agus go cionn śeaċt mbliaḋan ḃí an lánaṁain ar a seaċnaḋ agus Rí na ḃFiann agus a ċuid fear 'á gcuartuġaḋ. Ó ḃárr sléiḃe go cuas maiġe agus ó ċuas maiġe go scealp tráġa go dteárn' siad easair-ċosáin de a raiḃ i n-Éirinn de neartraiġ, de ḋomasaiġ, de ċuraiḋeaċt, agus de inġeilt. Agus i riṫ an ama śáruiġ ar Riġ na ḃFiann breiṫ ar an ḃeirt a

raiḃ sé 'na ndiaiḋ. Acht ba ṁaiṫ an scéal do'n ḃeirt ċéadna gur ṫuit Fionn an ċéad lá a ṫoisiġ an tóir agus gur ġortuiġ sé órdóg a láiṁe deise. D'fág an taisme sin é gan an t-eolas a ġeiḃeaḋ sé i n-aimsir ċogaiḋ agus ġéiḃinn, nó ní raiḃ sé ceadṁać aige an órdóg a ċur faoi n-a fiacail go gcneasuiġeaḋ sí. Acht fá deireaḋ ċneasuiġ órdóg Finn agus nuair a ċualaiḋ Diarmuid agus Gráinne sin ṫáinig siad anuas go Tír Conaill. Lean Fionn agus a ċuid fear iad. Acht bí Gráinne fad-ċeannać a's smaoitiġ sí ar ċleas a ċuirfeaḋ an gorm ar Riġ na bFiann agus ar a órdóig. Ċuaiḋ sí féin agus Diarmuid síos 'un na Rosann, ṫug aníos dá ualać droma de ġainiṁ fairrge, a's rinne fáir ċodlata dóiḃṫe féin ar fior-ṁullać Ċarn an Ṁaoin. Ċogain Fionn a órdóg agus 'ar ndóiġe ċonnactas dó go bfaca sé Diarmuid agus Gráinne 'na gcodlaḋ ar ġainiṁ ċladaiġ. Rí na bFiann agus a ċuid fear ḃain siad an tráiġ amać agus ċait siad seal fada ag cuartuġaḋ a bfuil de farragáin agus de ḃeanntraċa ó Ṫóin Glinne soir go Ḃéal Súiliġe. I rit an ama seo fuair an lánaṁain suaiṁneas bréaġ i measc na gcnoc. Acht fá deireaḋ ṫiar ṫall rinneaḋ scéala ar Diarmuid, agus ṫarraing Fionn agus a ċuid fear ar na cnuic. Bí 'fios ag Gráinne gur mar sin a ḃéaḋ agus níor ġlice Fionn 'ná í. Ċoṁ luaṫ agus moṫuiġeaḋ na Fianna ag teaċt ṫug sí féin agus Diarmuid dá ualać droma de ḋonn-fraoċ an tsléiḃe leo, ḃain cladać na fairrge amać, a's ċodluiġ ar an fraoċ. Ċogain Fionn a órdóg ó ċroiceann go feoil, ó feoil go fuil, ó fuil go cnáṁ, ó ċnáṁ go smior, agus ó smior go smaois. Agus rinne sé sin uiliġ le neart feirge agus mire ċaṫa. Acht níor léar dó a ḋaṫ aṁáin acht go raiḃ an lánaṁain 'na gcodlaḋ i ndonn-

fraoċ an tsléibe. Ċaiṫ Fionn tamall fada anois ag cuartuġaḋ na gcnoc a's fuair Diarmuid agus Gráinne seal suaiṁnis fá ċladaiġe na fairrge. Aċt ins an deireaḋ rinneaḋ spiodóireaċt orṫa aṫ-uair, a's b'éigin dóiḃṫe teiċeaḋ amaċ as Tír Ċonaill arís.

Go h-aiṫġiorra 'na diaiḋ seo ṁarḃ mac tíre Diarmuid. Agus biṫear le n-a ċur ar ṁullaċ Ċarn an Ṁaoin, de ḃriġ gurḃ' ann a b'fáide a fuair sé féin agus Gráinne suaiṁneas, aċt ṫáinig a ċuid daoine muinnteardha agus ṫug siad an corp leo siar go Connaċta.

Gráinne ḃí sí 'na baintreaḃaiġ anois. Aċt má ḃí ní raiḃ sí i bfad mar sin. Ċa dteaċaiḋ leiṫbliaḋain ṫart gur pós sí Fionn Ṁac Ċumaill.

"Bíonn nuaideaċt ins na h-aṫruiġṫeaċa," arsa Cormac. Agus sin ar ḋuḃairt sé.

Aċt dóiḃ féin a h-innstear é, ní raiḃ teaċt le ċéile ró-ṁaiṫ ag Riġ na bFiann agus ag an dara mnaoi! Ḃí seisean goirgeaċ agus ḃí sise giorraisc. An ċéad rud a ċuir an luaiṫ dearg amaċ ar an fuinneoig agus ar an poll deataiġ ṫúsuiġ Gráinne aon lá aṁáin agus ṫug sí an-ṁolaḋ go deo do Diarmuid agus ḋuḃairt gur ṁór an truaiġe a ḃás. Ṁol Fionn an ċéad bean a ḃí aige féin. Ar an bomaite ċuaiḋ Gráinne ar an daoraiḋ.

"A Finn," arsa sise, ag aṁarc go fiata air, "cáin do ċéad ċéile!"

"Ní ċáinfead," arsa Fionn, "go gcáiniḋ tusa Diarmuid!"

Ḃí siad ag caiṫeaṁ na teineaḋ ar a ċéile ní ba ṁó. Cinnte go leor leigfeaḋ Fionn d'á raiḃ ṫart a ḃeiṫ ṫart, aċt de ṫairḃe Gráinne de ḃí droiċtreall innti mar ḃíos i mórán ban a bfuil barraideaċt scéiṁe orṫa agus a fios sin aca;

agus bíoḋ sí ar fad ag bruiṫ tinn ar a fear. Ceannurraiḋ na bFiann, an duine boċt, ba ṁinic a ġeibeaḋ sé a leiṫéid de ċlaṁairt go bfáġaḋ sé an teaċ aici a's go n-imṫiġeaḋ sé amaċ tríd na coillte. Agus nuair a bíoḋ sé amuiġ amnsin ar an uaigneas smaoitiġeaḋ sé ar an ċainnt a dubairt neaċ an tsíoḋáin :—

" Pill, pill, a Ḟinn Ṁic Ċuṁaill!
Ná deán an siubal go toiġ Ṁic Airt!
Gráinne, ingean óg an Ríoġ,
Má ġeib tú í ní fearrde duit!

" Ṫug tú mionna a bí mór
Naċ bpósfá aríst go lá na gcreaċ.
Ná tabair do bríaṫar ar do ṁian ;
An té a rinne ariaṁ ní ṫeaċaiḋ leis."

(Seo an innse a bíoḋ ag sean-daoine an Ċinn Ġairḃ, baile sléibe atá i lár Ḋún na nGall, ar " Ṫóraiḋeaċt Ḋiarmuda agus Gráinne.")

Gleann Doṁain.

Bí inġean de Ċonall Ṁac Daeid, cailín darḃ' ainm Citi, pósta amuiġ i nGleann Doṁain agus bí dóiġ ṁaiṫ uirṫi annsin. Acht nuair a ċaiṫ sí bliaḋain ins an áit buail cuṁaiḋ í a's ṫug sí aġaiḋ ar an Ṁín Ċairrgiġ arísd. An ċuma a bí uirṫi go mb'ḟeárr léiṫi gan a ġaḃáil ar ais go Gleann Doṁain ní ba ṁó. Ṫug an t-aṫair fá dear' caidé mar bí agus ċum sé an t-aṁrán seo,—trí ċeaṫraṁa di-se agus ceaṫraṁa aṁáin dó féin 'á freagairt.

Ċaiṫ an file deireaḋ a ṡaoġail i nGleann Doṁain.

I.

"Tá deireaḋ mo stóir-se caiṫte, mo brón,
'San baile udaiḋ ar ċaiṫ mé bliaḋain ann!
Ní maoiḋte mo dóiġ, ní béiḋ mé i bfad beo!
Tá an ċoigċríoċ go mór dom' ḟiaċailt.
Ag an Aifreann Dia Doṁnaiġ is faiṫċeaċ mo ġlór,
Agus gan duine ann a ṫógfaḋ cian díom.
A's má ṫéiġim go Gleann Doṁain ní de mo ḋeoin,
Nó ní ṁairfiḋ mé mórán bliaḋantaċ.

II.

"'Sí an ċoigċríoċ, faraor, a breoiḋfeaḋ an saoġal
Agus d'ḟaoigfeaḋ na daoine tréiṫ-laġ!
'Sí ġealuiġ mo ḋlaoi, agus d'aṫruiġ mo ġnaoi,
Agus ní ḟuil seasaṁ ag éinneaċ léiṫi.

Aon duine ar mian leis mo ṫeagasc ná bíoḋ,
  I bfad ó n-a ḋaoine céile.
Nó i n-easbaiḋ má bíonn tú, i dtinneas, nó
    claoiḋte
  Ní ḟuil na coiṁiġṫiġ iontaoḃṫa i ngéibeann!

III.

"Mar beaṫa na naoṁ go gcaiṫfinn mo ṡaoġal
  Ar an baile seo 'a mbínn mo ċoṁnaiḋe.
Is ann atá míonlaċ, saṁaḋ, sub craoḃ,
  An ġiolcaċ, an fraoċ, agus an neoinín:
Seisc, biolar, a's mín-lusa, seascáin a dtig cíob
    orṫa,
  A's sruṫáin ag gaḃáil ṫríd go ceolṁar.
Is neaṁ-ionann a's an taoḃ a bfuil mé de'n tír
  Atá i n-easbaiḋ gaċ niḋ de'n tseort sin!"

IV.

"Órú, a Ċití, a stóir, glac meisneaċ ró-ṁór,
  A's ná cluintear níos mó ṫú ag éagcaoint!
Bí carṫannaċ cóir le a ngeoḃaiḋ* an ród;
  Agus ná dearmad go deo a beiṫ déirceaċ!
Dá mbíoḋ againn bólaċt, airgead, agus ór
  Nár ċuma 'san doṁan cá mbéimist?
Agus molaim Gleann Doṁain ṫar ḟeaḃas Ċríċ
    Fóḋla;
  A's gaċ Nodlaig bím leo ar féasta!"

* Dearc ar na nótaí ag deireaḋ an leaḃair.

ASTAR ĊRÍO AN TUAISCEART.

I.

Ċeannuiġ Míċeál Ó Domnaill ġearrán iarainn úr a ḋtug sé corraḋ le naoi bpunta air. Ḃí anbróḋ air as, agus go cionn ċupla lá bíoḋ sé 'á ċaisbeáint do ġaċ uile duine a ṫiġeaḋ an bealaċ. Rinne sé amaċ ins an deireaḋ naċ ḋtiocfaḋ leis daḋaiḋ ní b'feárr a ḋeánaṁ 'ná ġaḃáil ar astar ċríḋ an Tuaisceart. Ḃí an t-am de ḃliaḋain fóirstineaċ i gceart, nó bí an ċoláiste druiḋte a's ḃéaḋ go cionn fada go leor. An aimsear bí sí fíor-ṁaiṫ agus cuma uirṫi go mbéaḋ sí buan. Agus annsin an gléas siubail a ċuir an Rí ċuige ní ṫiocfaḋ a ṡáruġaḋ. Ní raiḃ ag tastáil anois aċt ḋá niḋ agus fuair sé an ḋá niḋ sin : ceaḋ a aṫara agus a ṁáṫara imṫeaċt ar astar go cionn tamaill, agus cupla punta le cur in a póca.

Ḃí fear ann i bfaḋ ó ṡoin aduḃairt, "Triallaimís timċeall Ċríċe Fóḋla." Níor ḋuḃairt Míċeál na focla sin 'na ḋiaiḋ, aċt duḃairt sé,— "Triallfaiḋ mise timċeall Ċúigiḋ Ulaḋ sul a bpilliḋ mé!"

Ċeangail sé mála beag de riaṫtanais ar ḋeireaḋ an ġearráin iarainn, d'fág slán ag n-a ḃunaḋ, ċuaiḋ a ṁarcaiḋeaċt a's ar ṡiubal leis, a's a aġaiḋ soir. Níor staḋ sé go raiḃ sé ar ṁullaċ Ċnoc Mín' an Fir Ruaiḋ. Ṡeasuiġ sé annsin agus d'aṁarc ṫart. Siar, ó ḋeas, agus soir uaiḋ ní raiḃ le feiceáil aċt cnuic agus sléibṫe ar ċúl a ċéile agus gleanntáin astiġ eatorṫa. Dar leis go raċaḋ sé a ḋ'aṁarc ar Pollán na gCorp, nó ba ṁinic a ċluineaḋ sé na sean-daoine ag cainnt air. D'fág sé a roṫar ar ċúl claiḋe an ḃealaiġ ṁóir

a's ċuaiḋ trasna an ċaoráin go dtí an áit a n-éiriġeann an tSúiliġ. Sin an áit a ḃfuil Pollán na gCorp. Ċuiṁniġ Míċeál anois ar an scéal truaġcánta a ċuala sé céad uair. Marḃaḋ annsin deiċ gcloigne agus fiċe de Ċloinn Ṁic Ċearáin—fir, mná, agus páistí—lá ar n-a ḃáraċ nó oiḋċe ar na ḃáraċ i ndiaiḋ Ḃriseaḋ Scairḃ Śolais.* Śíl siad gur scoiṫ siad na Sasanaiġ agus go raiḃ an ċontaḃairt ṫart a's las siad teine ḃeag. Aċt níor éiriġ an ċéad toit go raiḃ an náṁaid ins an ṁullaċ orṫa. Ċar imṫiġ aon duine de Ċloinn Ṁic Ċearáin slán. Ċonnacṫas do Ṁíċeál gurḃ' í an áit í a b'uaigniġe d'á ḃfaca sé ariaṁ. Ní raiḃ teaċ ar aṁarc agus ní raiḃ le cluinstin aċt cearca fraoiċ agus mionnáin aeir. Ṫug sé aġaiḋ ar an ḃóṫar aríst. Ag teaċt trasna an ċaoráin dó smaoitiġ sé ar an Ṗeata Ḃán, nó ba ṁinic a d'innsistí an scéal i n-a éisteaċt. I dtráṫaiḃ an ama a raiḃ Napoleon Mór ag strócaḋ agus ag stiallaḋ ṫríd Ilċríoċ na h-Eorpa ṫigeaḋ an Peata Ḃán trasna an Ċnuic Ṁóir go Mín an Ḟir Ruaiḋ a ḋ'aṁarc ar Śiġle Ḃáin, an ainnir a ba ṁaiseaṁla i bparráiste na Congḃála. Ḃí áird ag Siġle air agus ḃí fáilte aici roiṁe, aċt ḃí fuaṫ an daoil duiḃ ag n-a cuid dearḃráiṫreaċ air agus ḃí na dearḃráiṫreaċa na gconstáblaí. Aon lá aṁáin ċuaiḋ an scafaire bán as aṁarc go díreaċ mar ślogfaḋ an talaṁ é nó mar d'imṫeoċaḋ sé i nglinnte an aeir.

"Ċuaiḋ sé go Flanders!" arsa na constáblaí.

"Ċuaiḋ sé go Flanders," arsa muinntear na h-áite.

Sin a raiḃ de sin an uair sin. Aċt seaċt mbliaḋna 'na ḋiaiḋ sin d'éiriġ cárcaiġil lá aṁáin

* Scarḃaiġ na Soillse ag cuid de na sean-daoine.

eadar fear de na constáblaí agus bean as Gleann tSúiliġe. Bí siad ag scallaḋ a ċéile i gceart a's bí leaṫ an ḟobail ag éisteaċt leo, nó Doṁnaċ Aifrinn a bí ann. Fá deireaḋ arsa bean an Gleanna :

" Má deir tú an dara focal raċaiḋ mé caol díreaċ go seasuiġiḋ mé ar uaiġ an Ḟeata Ḃáin agus ní ḃéiḋ orm a ġaḃáil go Flanders! "

Sin a raiḃ de.

Nuair a ṫáinig Míċeál 'un an ḃealaiġ ṁóir arís ṡuiḋ sé go dteárn' sé scíste. Annsin fuair sé a roṫar, anoir leis leaṫ-ṁile, agus amaċ Mín na bPoll. Níor stad sé go raiḃ sé i nGleann Doṁain. D'ḟág sé a ġléas siuḃail i dteaċ annsin agus ċuaiḋ suas go mullaċ cnuic. An radarc a bí ó'n ċnoc sin níorḃ' ḟéidir a ṡáruġaḋ. Siar uaiḋ bí Sliaḃ Sneaċta agus Loċ Beara. Deir na seanċaiḋċe gur annsin a marḃaḋ an mac tíre deireannaċ a bí i nDún na nGall. Síos uaiḋ bí Doire Ḃeiṫe agus Gleann Ḃeiṫe, na h-áiteaċa a ḃánuiġ Adair nuair a díbir sé iomlán na dteannántaiḋċe as a gcuid talaiṁ ins an bliaḋain 1861. Agus amaċ soir uaiḋ ba léar dó cuiḃrinn glasa Gartáin an áit i n-ar rugaḋ naoṁ mór Tír' Conaill. Ċaiṫ sé tamall fada ag aṁarc ṫart agus ag meaḃruġaḋ. Aċt fá deireaḋ d'ḟág sé an cnoc, ḃain an bealaċ mór amaċ, a's ṫug leis a ġearrán iarainn. Soir leis tríd Gleann Doṁain, agus níor stad go raiḃ sé ag leac na Cuṁaḋ. Ċuala sé go minic gurḃ' é an gnás a bí ann i bfad ó ṡoin duine ar biṫ a mbéaḋ buaiḋreaḋ nó craḋ croiḋe air ṫeaċt agus codlaḋ oiḋċe ar an leic sin. Nár ċodluiġ Colm Cille é féin ar an leic an oiḋċe sul ar imṫiġ sé go h-Albain? Ċuaiḋ Míċeál anois soir go bfaca sé an baile a dtugṫar an Losaid air.

"Nior marbaḋ ariaṁ a's ní ṁuirbḟear go deo aon neaċ d'á bḟuil beo eadar an leac agus an losaid!"

Deir na sean-daoine gur dubairt Colm Cille sin, agus gurb' é sin an rud a ṡábáil Adair oiḋċe amáin.

Rinne Míċeál turas Gartáin anois, casaḋ fear air a tug gráinnín beag de Úir Gartáin dó, agus ċuaiḋ sé 'un na reiligе go bḟaca sé na h-uaigeanna i n-a bḟuil Mágnus an Ṗíce, gaisciḋeaċ de ċuid 1798, agus a bean Brigid na Glaisige curta. 1843 a bí ar ċeann de na h-uaigeanna agus 1844 a bí ar an ċeann eile. Anall leis anois ar Ḋroiċead na Leanainne agus bí clap-ṡolas ann nuair a fuair sé 'fad le Mín an Lábáin. Ar an baile sin a ċait sé an ċéad oiḋċe de'n astar.

D'éirig sé go moċ ar maidin lá ar n-a bárać agus i ndiaiḋ a breicfeasta buail sé an bóthar arís. Táinig sé bealać Dubglaise, nó Ráth Teápaill mar deir cuid de na sean-daoine, agus ċonnaic sé annsin ballóg an toige aḋraiḋ i n-ar baisteaḋ Colm Cille. Dubglaise ceann de na reiligeaċa is ársa i gCúigeaḋ Ulaḋ. Asteaċ leis annsin go Srać Séideoige agus soir go raib sé ar an Muileann Úr. Siubail sé anois agus é ag smaoitiugaḋ ar na h-áiteaċa staireaṁla a bí ins an ċeanntar sin agus ar a gcuala sé nó ar ar léig sé fá dtaob díoḃta. Bí áth ar an tSúilig annsin ar a dtugtaí Áth Tairise. D'éirig le Seagán an Díoṁais agus le dornán beag d'á ċuid fear fagáil anonn ar an áth sin nuair a claoiḋeaḋ iad ar an Ḟearsaid Mór. Ar an taob ṫoir de'n Muileann Úr tá Scairb Ṡolais. Sin an áit a dteárnaḋ árṁać léanṁar ar na Gaeḋil ar an aonṁaḋ lá ríċeaḋ de Mí na Fé i' Eoin ins an bliaḋain 1650. Eadar an abainn agus an bealać

mór tá árd a dtugtar Árd an Ċaoi air go dtí an lá a bfuilmid ann. An oiḋċe roiṁ an bríseaḋ agus an oiḋċe 'na diaiḋ ċualaċas mná siḋe an Dúin ag caoi ṫart fá'n árd sin. Fuair Míċeál 'fad leis an Ċongbáil. Ċuiṁnig sé gur annsin a bí Seafraḋ Ó Doṁnaill curta agus gur ṫóg Naoṁ Fiaċra mainistir ann tamall i ndiaiḋ ama Ċolm Cille. Bí tobar ar an ṁalaiḋ agus d'fág Fiaċra miorbailte i n-uisce an tobair. Aċt ċualaiḋ Míċeál go minic gur stad na daoine a ḋeánaṁ an turais ariaṁ ó'n am a leag Bóid Baile Mic Ċuṁaill an balla a bí ṫart ar an tobar ionnas go bfuigeaḋ a ċuid eallaig 'fad leis an uisce! Ní raiḃ bréag ann. Aċt naċ raiḃ sé ins an scéal posta go dtáinig díoġaltas ar an tigearna talaiṁ céadna? Nó nuair a d'éirig sé maidin amáin tamall 'na diaiḋ sin bí céad ceann d'á ċuid bológ sínte marḃ ar ṁalaiḋ na Congbála!

Ċuaiḋ Míċeál a ṁarcaiḋeaċt ar a ġearrán iarainn aríst agus soir go Leitir Ceanainn. Ní ṫeárn' sé moill ar biṫ annsin aċt ṫiomáin anonn tríd an tSean-Baile agus níor stad go raiḃ sé i Rát Boṫ. Ċuiṁnig sé gur ar an baile sin a rugaḋ an Taoiseaċ Risteárd Montgomeri fear a fuair céimiḋeaċt ṁór ó Ṡeoirse Washington agus a ċuidig na Sasanaig a ruagaḋ amaċ as an Oileán Úr. Ba doilig tabairt ar Protastúnaig agus ar Plantóiri an Lagáin creidḃeáil gur fear d'á mbunaḋ-san an ċéad Poblaċtaċ a bí ariaṁ i n-Éirinn.

Nuair a fuair an Dálaċ greim bíḋ tug sé cúl do Rát Boṫ, soir leis tríd Gráinseaċ Ailt an Ċaistín, tríd an Ċairrgín, agus ní táinig d'á ġearrán go raiḃ sé astig i nDoire. Rinne sé sciste agus annsin siubail ṫart go bruair sé aṁarc maiṫ ar

an ċaṫair. Ċonnaic sé na ballaí agus ceann de na gunnaí móra a bí ag cosnaṁ na mballaí nuair a d'ṗéaċ na Gaeḋil an ċaṫair a baint amaċ i n-aimsir Liaim a's Ṡéamais. Ċonnaic sé leac ċuiṁne Ḃálcer, taisbeánaḋ ḋó an ṗóḋ talaiṁ ar ar ṫóg Colm Cille a ċéad teaċ aḋraiḋ, ċuaiḋ sé amaċ ar a roṫar go bṗaca sé an Ċúil Ṁór, agus aċt go bé an tuirse agus an doṙċadas ní raċaḋ sé ṗá ċoṁnaiḋe an oiḋċe sin go bṗeiceaḋ sé Grianán Oiliġ, an áit a mbíoḋ Riġte ag baint ṗúca tá trí ṁíle bliaḋain ó ṡoin. Aċt bí sé sáruiġṫe agus ṁeas sé gur ṫairbiġe ḋó ġabáil go teaċ lóistín, plaic ṡuipeáir a ṗaġáil, agus coḋlaḋ go maidin. Agus rinne sé sin.

Bí sé ar a ċois go moċ ar maidin lá ar n-a báraċ agus i ndiaiḋ a breicṗeasta ċuaiḋ sé 'un an bealaiġ aríst. Ar léim an Ṁadaiḋ a bí a aġaiḋ agus i riṫ an ċasáin bí uisce loċ ṗeaḃail le ṗeiceáil aige ó'n bóṫar. Ba le Cloinn Ċaṫáin iomlán an ċeanntair sin i bṗad ó ṡoin. Ġéilleaḋ Muinntear Ċaṫáin do na Niallaiġ, agus bíoḋ siad ṗéin agus Clann Ḋoṁnaill na n-Oileán, bíoḋ siad i dtólaiṁ ag deánaṁ cleaṁnas a's ag tráċtáil agus corr-uair ṗosta ag ciapáil le ċéile. Ar aḃainn na Ruaiḋe eadar léim an Ṁadaiḋ agus Baile an Ṁullaiġ atá Druim Ceata. Annsin a bí coṁḋáil ṁór de Ġaeḋil na h-Éireann agus na h-Alban i n-aimsir Ċolm Cille. Ḋoġ Míċeál leis anois a's níor stad go raiḃ sé i gCúil Raṫain. An scéal is truaġcánta i stair na h-Éireann innstear é ṗá'n baile sin. An taoiseaċ deireannaċ de Ṁuinntir Ċaṫáin ċuir na Sasanaiġ asteaċ i bṗríosún é agus 'na ḋiaiḋ sin ḋíbir siad amaċ as an tír ar ṗad é. Aċt níor leor leo sin gur leaġ siad a ċaisleán a's gur ċaiṫ siad a bean amaċ ar an bealaċ ṁór. Cia bí ag ġabáil

an bealaċ tamall 'na ḋiaiḋ seo aċt bean Sasanaċ, Duchess Bucingham, a ḃí pósta anois ar Iarla Aontroma. Ḃí sí seo i bpáṫaċ go mór bean an Taoisiġ Uí Ċaṫáin a ḟeiceáil. Ċuaiḋ sí 'un an ċaisleáin a ḟágaḋ gan ceann gan ḋíon agus ċonnaic sí ruḋ a ḃainfeaḋ deor as croiḋe an Turcaiġ. An bean uasal Ġaeḋealaċ a tógaḋ go te téagarṫa agus naċ raiḃ 'ḟios aici i dtús a saoġail caiḋé 'n mid airc nó anás, ḃí sí 'na suiḋe ag bun ballóige, í uiliġ ar criot leis an ḟuaċt, cupla plaincéad caiṫte ṫairsti a's í ag iarraiḋ teine a ḋearġaḋ le brosna glas naċ nglacfaḋ leis an ḃlaḋaire!

Ċodluiġ Míċeál an oiḋċe sin i gCúil Raṫain; agus ba h-é an ruḋ a raiḃ sé ag smaoitiuġaḋ air agus é ag tuitim 'na ċodlaḋ gurḃ' iomḋa aṫruġaḋ a ṫáinig ar Ṫír Uí Ċaṫáin ó aimsir na dtaoiseaċ.

AITREACAS AN BRÁTAR BOICT.

Tá an dán beag deas seo an-ċoitċeannta i measc na ndaoine aosta i lár Tír' Ċonaill. Ní fios d'aon duine cia ċum é. Roiṁe seo deirtí an laoiḋ seo agus "Dán Ḋonnċaiḋ Ṁóir" ar ḟairiḋeaċa i ndíaid an Ṗaiḋrin.

I.

A Íosa, i n-a bfuil mo speis,
Is beag mo ṫréan agus is lag mo neart.
Cuir ċugam Do ċabair i n-am,
Agus ná fág m' anam i bpéin i bfad.

II.

Tá mo náṁaid ar mo ṫaoib liom,
I riṫ na h-oiḋċe agus ar feaḋ an lae.
Ní fios daṁ naċ in mo ṡuan
A ṫiocfas an uair a mbreaṫnóċṫar mé.

III.

Ṗeacuiġ Maoise agus ṗeacuiġ Áḋaṁ,
Ṗeacuiġ Dáibiḋ a's ba ṁaiṫ an triúr;
Ṗeacuiġ Peadar ceann na cléire,
A's Críost gur ṡéan sé ós coinne A ṡúl

IV.

Ṗeacuiġ sinne agus ṗeacuiġ siad-san;
Is ionann Dia a bfuilmid faoi.
Do Aiṫne agus Do Neart le ċéile,
Orainn féin ná cuir i gcríċ.

V.

A Dia a rinne fíon de'n uisce
Cé ar ṁiste a déanaṁ aríst?
Tabair daṁ-sa fíon na h-aiṫrige,
Ionnas go nigfí na peacaiḋ díom.

VI.

Prionnsa uasal i mbun a focail,
Nać mór an soćar é i dtír?
Agus nár geall Tú daṁ-sa párdún?
A Rí na nGrásta, is Tú atá fíor!

VII.

Nać bfuair fear a h-aon déag,
Páige an lae mar fear a trí?
Ba ṁinic a bí cú mall sona,
Tá féile agus trócaire in mo Rig.

VIII.

Goilfiḋ mé i rić na h-oiḋće,
Agus aríst ar feaḋ an lae;
Goilfiḋ mé go deireaḋ mo saogail,
Mar i núil go bfuiginn Grásta Dé.

IX.

Goilfiḋ mé le h-éagcaoint géir,
Silfiḋ mé na frasa deor;
Scoiltfear cloća agus crainn
Nó geobaiḋ mé roinn de'n glóir.

ASTAR TRÍD AN TUAISCEART.

II.

Is iomḋa uair a ḃeirtear fá dear' go dtig rudaí asteaċ i gcionn duine i ndiaiḋ oiḋċe a ċodlaḋ naċ raiḃ sé ábalta smaoitiuġaḋ orṫa an lá roiṁ ré. Ba h-é a ḋálta sin ag Míċeál Ó Doṁnaill é. Nuair a d'éiriġ sé ar maidin lá ar n-a ḃáraċ ċuiṁniġ sé gur i gConndae Ḋoire fá ḋá ṁíle de Ḃaile an Ṁullaiġ a rugaḋ an t-Ultaċ neiṁ-eaglaċ agus an scríḃneoir iomráiḋteaċ Seán Mistéal. Nárḃ' iomḋa uair a léiġ sé a ċuid leaḃar?—Beaṫa Aoḋa Uí Néill, Irisleaḃar Ṗríosúin, an Ġaḃáil Ḋeireannaċ, Leiṫscéal do'n tSasanaċ i n-Éirinn, Stair na h-Éireann. An gráḋ a ḃí aige ar na Gaeḋil agus an fuaṫ a ḃí aige ar na Gaill ba h-é sin bun agus bárr, fréaṁ agus toraḋ a ċuid scríḃneoireaċta uilig. Agus nuair a ḃí sé amuiġ i *Van Diemen's Land* ní raiḃ aon lá d'á dtáinig nár smaoitiġ sé ar Ṫír Uí Ċaṫáin agus ar uisce na Ruaiḋe. 'Ḟobar go bpillfeaḋ an Dálaċ go ḃfeiceaḋ sé an baile a dtugṫar Camnois air i n-ar rugaḋ an Mistéalaċ, aċt rinne sé aṫċoṁairle, agus i ndiaiḋ a ḃreicfeasta ċuaiḋ sé ar a ġearrán iarainn agus síos go bun na Banna. Áit deas agus áit ḟolláin ċonnacṫas dó. Agus dar ndóiġe, ḃí an áit staireaṁail. Naċ ag an inḃear sin a ċas Clann Lir agus an eaċraiḋ siḋe ar a ċéile? Nárḃ' iomḋa rud a ċan siad air do réir na sean-scéalta! Ċualaiḋ Fionnġuala agus a triúr dearḃráiṫreaċ go dteaċaiḋ a mbunaḋ uilig a ċoṁnaiḋe faoi na cnuic an áit naċ raiḃ aois nó aicid nó airc, agus d'éist an eaċraiḋ le scéal truaġcánta na n-ealaiḋeaċ boċt.

"Seo ar mbiaḋ agus ar lionn,
Gainiṁ ḟionn agus sáile searḃ!
Minic d'ólaimist mioḋ ċuill,
As cuirn ċruinne ċeiṫre gcearn!"

Aċt ċuiṁniġ fear an ġearráin iarainn go raiḃ tuilleaḋ staire ag baint le béal na Banna. Ṫuas ar an árd ós cionn na h-aḃna a ṫóg Seán de Courci caisleán mór ins an bliaḋain 1197. Niorḃ' fiú a ṡaoṫar é, nó ba ġairid 'na diaiḋ sin gur cuireaḋ De Courci d'á ċosa agus annsin fronn Rí na Sasana an caisleán ar fear eile.

Rinne an Dálaċ amaċ anois go raċaḋ sé gíota eile. Fuair sé a roṫar, ċuaiḋ ṫríd Port na Deinne Uaine, agus níor stad go raiḃ sé i bPort Ruis. Tá na h-Ultaiġ uiliġ bróḋaṁail as Port Ruis, nó ní fuil aon áit de'n tseort i n-Éirinn ionċurṫa leis. An lá seo bí sé maiṫ agus bí na slóiġte amuiġ ag siubal ar an tráiġ nó 'á ngrianruġaḋ féin ar na carraiġeaċa. Aċt ní ṫeárn' Míċeál de ṁoill ar an baile aċt 'ḟad a's bí sé ag iṫe greim dinneára. Ḃog sé leis soir annsin a's níor stad go raiḃ sé ag Dúnlios. Moṫar de ṡean-ċaisleán atá i nDúnlios a bfuil scéal mór fada ag baint leis. Deirtear gur taoiseaċ darḃ' ainm Mac Eoin a ṫóg an caisleán an ċéad uair mar ċosnaṁ i n-aġaiḋ na Loċlannaċ agus muinntear na h-Alban. Fuair De Courci seilḃ ar an daingean go cionn tamaill, aċt ċuir Ó Floinn an tóir air ins an deireaḋ. Clann Ṁic Ċuilinn a fuair maiġis-treaċt ar Dúnlios annsin agus ċoinniġ siaḋ-san é gur bain Clann Ṁic Doṁnaill díoḃṫa é. An saiġdeoir króda sin Soṁairle Buide b'iomda lá a ṡeasuiġ sé ar bárr an ċaisleáin ag feiṫeaṁ leis

na Sasanaiġ agus leis na Niallaiġ, nó ḃí an dá dream 'na náiṁde aige.

Tá sean-reiliġ le taoiḃ Dúnleasa. Agus is iomḋa uaiġ Spáinneaċ ins an reiliġ ċéadna. Oifigiġ agus saiġdeoiri de ċuid an Armada a ḃí ionnta a ḃáiṫeaḋ nó a marḃaḋ ar ċóiste Aontroma agus a cuireaḋ annsin. Tá sé ráiḋte go ḃfuil cuid de'n uaisle a ba suallaiġe agus a ba ḃróḋaṁla dá raiḃ i gCastile ins an seiseaḋ h-aois déag, go ḃfuil siad annsin i gcréafóiġ Dúnleasa ag feiṫeaṁ le scairt an Árd-Aingil.

Ṫug Míċeál cúl do Dúnlios anois agus ḃog leis ar a ṡuaiṁneas féin go raiḃ sé i Muileann na Duaise. Ḃain sé faoi ar an ḃaile sin an oiḋċe sin. Agus ṁuscail sé agus d'éiriġ sé go moċ ar maidin lá ar n-a ḃáraċ, nó ḃí sé ag gaḃáil a d'aṁarc ar ċionn de ṡeaċt n-ionġantais an doṁain an lá sin. Ċoṁ luaṫ a's ġlac sé a ḃreic-feasta fuair sé a roṫar a's ba ġairid go raiḃ sé ṫíos ag Cloċán na bFoṁóraċ. De na seaċt n-ionġantais sin cinnte. Tá na milte agus na milte de ċolaṁain ann a's iad uiliġ buailte asteaċ le ċéile. Ní ḟuil aon ċolaṁan aca naċ ḃfuil ó ċúiġ troiġte déag go dtí deiċ dtroiġte ḟiċeaḋ ar airde. Cuid aca a ḃfuil trí taoḃ orṫa, tuilleaḋ aca a ḃfuil naoi dtaoḃ orṫa, aċt tá a mbunaḋas uiliġ cúig-ċúinneaċ nó séċúinneaċ. Cloċ ċruaiḋ ḋuḃ a dtugann luċt ealaḋan basalt uirṫi, is í atá ins na colaṁain seo go h-iomlán. Agus an rud a mbéiṫeá ag dúil leis tá uaṁaċa astiġ faoi na beanntraċa móra basalt. Tá dá uaiṁ aca an-ṁór. Port an Ċuain a ḃeirtear ar ċionn aca agus an Ronncaire a ḃeirtear ar an ċionn eile. Tiġ le duine ġaḃáil asteaċ céad go leiṫ slat i bPort an Ċuain. An Ronncaire tá sé níos mó 'ná dá ċéad

go leiṫ slat ar fad. Cluin tú búirṫe agus éagnaḋ na fairrge ins an dá uaiṁ le cois mac alla atá aistiḋeaḋ.

Ċarḃ' iongnaḋ do na sean-Ġaeḋil smaoitiuġaḋ gur fáṫaiġ nó Foṁóraiġ a rinne an obair ṁór iongantaḋ seo. Agus mur ab iad ciarḃ' iad na h-oibriḋṫe a d'fág lorg a láṁ anseo? Ḃeir luċt ealaḋan freagra ar an ċeist sin. Na míle bliaḋain ó ṡoin ṫáinig stuf dearg—ṫe amaċ as bolcán nó as croiḋe na cruinne. Spréiḋ sé go díreaċ mar ġní láiḃe agus d'fuaruiġ sé. Agus le linn é fuaruġaḋ scoilt sé agus ṫáinig cuma ṡé-ċúinneaċ ar na giotaí móra fada.

Ṫug an Ḋálaċ cúl do Ċloċán na bFoṁóraċ anois, fuair a ġearrán iarainn a's ar ṡiubal. Níor stad sé go raiḃ sé ag Dún Soḃairce. Tá ballóg ṡean-ċaisleáin annsin agus tobar beannuiġṫe a dtugṫar Tobar Pádraig air. Deir na sean-scéalta gur i nDún Soḃairce a ḃí Conall Ceárnaċ 'na ċoṁnaiḋe lá d'á laeṫe. Aċt b'iomḋa aṫruġaḋ a ṫáinig ar an ċaisleán ó aimsir Ċonaill go h-aimsir Ṁonroe. Monroe a ḋóiġ agus a ċreaċ an dainġean as a ċroċ Giallduḃ Ó Caṫáin an fear ar leis é. Tobar Pádraig ní ṫeaċaiḋ sé ariaṁ tirim siúd a's go bfuil sé céad troiġ níos airde 'ná an tráiġ. Rinne Míċeál an turas, ċuaiḋ a ṁarcaiḋeaċt annsin, a's ní ṫáinig d'á roṫar go raiḃ sé i mBaile an Ċaisleáin. Baile beag deas agus cuan deas. Amaċ ó'n ċuan sin a ċuaiḋ Fearġas Mac Earca agus a ċuid dearḃraiṫreaċ nuair a d'fág siad Éire ins an bliaḋain 470 le rioġaċt a ċur ar bun ṫall i n-Albain. Agus asteaċ annsin a ṫáinig Clann Ṁic Ḋoṁnaill, Clann Ṁic Alastair, agus Clann Ṁic Néill nuair a ṫeiċ siad anall as Albain. Ar an taoḃ amuiġ de Baile an Ċaisleáin tá sean-

ṁainistir de Órd Naoiṁ Proinnsiais. Tá sean-reilig ann fosta agus is ins an reilig sin a cuireaḋ an gaisciḋeaċ céimeaṁail Soṁairle Buiḋe Ṁac Doṁnaill. Ḃog Míċeál leis agus ċar stad go raiḃ sé i mBun Aḃann Duine, agus ṫóg sé a lóistín ar an ḃaile sin an oiḋċe sin. Ḃí sé ar a ċois go moċ ar maidin lá ar n-a ḃáraċ agus ċuaiḋ díreaċ go ḃfaca sé an áit i n-ar marḃaḋ Seán an Díomais. Annsin ċuaiḋ sé go Bun Aḃann Dála agus ċonnaic sé asteaċ uaiḋ gleanntáin aoiḃne Aontroma. Ba ṁaiṫ leis siuḃal ṫríd na gleanntáin sin dá mbíoḋ an ċaoi air a's an ḟaill aige, aċt ní raiḃ ; a's ṡín leis. Ċuaiḋ sé ṫríd Ġleann Arma, ċoinniġ bealaċ an ċladaiġ a's ċar stad go raiḃ sé i Laṫarna. Baile an-deas ar fad ċonnacṫas do Ṁíċeál. Asteaċ annsin a ṫáinig Éamonn Brús ins an ḃliaḋain 1315. Ar an taoḃ amuiġ de Laṫarna atá Inis Ṁic Aoḋa. Rinneaḋ ár mioṫrócaireaċ ar scaifte de Ġaeḋil ḃoċta a ḃí ar an oileán sin ins an ḃliaḋain 1642. Ċa dteárn' an Dálaċ mórán moille i Laṫarna. Ċuaiḋ sé ṫríd Carraig Ḟeargasa an áit a dtáinig Liam agus a ċuid fear i dtír ins an ḃliaḋain 1690 agus ó sin go Béal Feirste. Ṡiuḃail sé ṫríd an ċaṫair ṁóir ḃréaġ sin a d'ḟás agus a spréiḋ mar ċeann de ċaṫraċa an Oileáin Úir i n-am an-ġairid. Agus tá an ċaṫair staireaṁail fosta. Cuireaḋ "Óglaiġ Ġrattan" ar bun ins an ċaṫair ins an ḃliaḋain 1779. Agus ḋá ḃliaḋain déag 'na ḋiaiḋ sin ṫáinig Theobald Uolf Tone agus Samuel Neilson go Béal Feirste gur ḃunuiġ siad an ċéad ċumann de na "h-Éireannaiġ Aontuiġṫe." Protastúnaiġ go h-iomlán a ḃí ins an dá ḋream i dtús báire ; aċt ba h-é an ċéad rún a ċuir siad ar a gcuid leaḃar gur ċeart deireaḋ go deo a ċur leis

na Dlig̃t̃e Pianam̃la agus cead creidim̃ a t̃ab̃airt do Ċatoilicig̃ na h-Éireann.

B̃ain Mic̃eál Ó Dom̃naill faoi i mBéal Feirste an oid̃ċe sin, agus ba h-é an rud a raib̃ sé ag smaoitiug̃ad̃ air agus é ag tuitim 'na ċodlad̃ gurb̃' iomd̃a sin at̃rug̃ad̃ a t̃áinig ar an ċat̃air ó aimsir Tone agus Neilson.

Doimnic Ruaḋ na Glaisiġe.

Tá an Ġlaiseaċ ar an ċionn uaċtaraċ de Ṗarráiste Ġleann' Ḟinne. Ḃí caisleán nó daingean ag na Dálaiġ annsin agus ḃí treis ṁór agus saiḋḃreas aca seal. "Teaċ Mór na Glaisiġe" a ḃeireaḋ na daoine ar an ċaisleán agus b'ann a ḃíoḋ caibidil ag cléir Ráṫ' Ḃoṫ go dtí am an Easpuig Ṁic Loċlainn.

Ġeoḃṫar cunntas maiṫ ar Ḋálaiġ na Glaisiġe agus ar a gcliaṁain Maġnus an Ṗíce i gcionn de na tráċtais atá ins an leaḃar "Ó Ċaṁaoir go Clap-Solas."

Deirtí roiṁe seo gur bean siuḃail darḃ' ainm Máire Ċonnaċtaċ a ċum an t-aṁrán seo.

I.

Ar an Ġlaisiġ seo ṫiar tá an fial-ḟear fuileaċtaċ
tréan,
De ḟíor-scoiṫ na n-Iarlaí a ḃí ariaṁ i dTír Ċonaill
i gcéim.
Dá maireaḋ na tréan-ḟir ḃéaḋ do scéal-sa ró-
ṫaitneaṁaċ ag Gaeḋil :
7 nuair a téiġmid fá'n tsliaḃ bí féile 'á scabaḋ
ar an tsaoġal.

II.

Nuair naċ maireann de na h-uaisle ar an taoḃ
ó ṫuaiḋ seo de ḟíor-scoiṫ na nGaeḋeal,
Aċt ṫú, a Ḋoimnic Ruaiḋ, gur go buan a ḃéas tú
i dtreis 7 i gcéim!

Tá an Spáinneać ag gluaiseaćt fá ćuanta le loingis
7 scléip.
7 má ṫig orainn ruaig ar cuairt ar an Ġlaisiġ
go mbéinn.

III.

Is é Doimnic Ruaḋ a ṫug buaiḋ as gać ríoġaćt
i gcéin.
Le géar-lannaiḃ cruaiḋe 'sé ḃuailfeaḋ 7 a ṫreas-
carfaḋ céad.
Mar Iollann an Ċruaćan fear luaimniġṫe ḃí toiġte
ag an Ḟéinn,
Nó mar Ċúćulainn uasal nár luaiḋeaḋ leis buille
gan ćéim.

IV.

Is é Doimnic Ó Doṁnaill an fial-ḋuine a scabfaḋ
an fíon,
Ḃéarfaḋ congnaṁ i n-am dóláis do ṁórán agus
do ḃoćtaiḃ an tsaoġail,
Crann díreać Ċríće Fóḋla ba ćóir a ḃeiṫ i dTeaṁair
na Ríoġ,
Agus go ḃfuil Bainríoġan na Glóire 'á ṫreoruġaḋ
go Caṫair na Naoṁ.

V.

I gceart-lár na Spáinne tá árd-ćíos agus treis
ag an Ḟéinn.
Crann díreać Ċineaḋ Dálaiġ ġeoḃaḋ fáilte ann
dá mbíoḋ ar a ṫriall.
An rí 'gus an ḃainríoġan agus gać árd-aicme dá
ḃfuil ó sin siar,
Go mbéaḋ Doimnic ar láiṁ leo agus ar ṗárlúr
go gcaiṫfeaḋ leo biaḋ.

VI.

Is é Doimnic an tréan-fear do b'féile agus ba deise a ḋí i gcríċ.
Naċ meallta a ḋí Déirdre a ṫug spéis ṁór agus taitneaṁ do Naois!
Dá maireaḋ *Queen Helen* a ṫug léir-scrios ar aicmiḋ na Traoi,
Leis an Dálaċ go mbéaḋ sí agus gan ċéile a ḋéaḋ Páras Ṁac Ṗriaiṁ!

III.

Nuair a mhuscail Míceál Ó Domhnaill ar maidin lá tar n-a bárac cuimhnig sé gurb' é an Domhnac a bí ann. Fuair sé ar a bonna, cóirig é féin, a's cuaid cuig Airfreann luat. I ndiaid an Airfrinn glac sé a breicfeasta, agus annsin cuaid sé a bualad an bóthair arís. Tug sé a agaid soir ó tuaid ó Béal Feirste a's bí amarc bréag aige ar loch Laoig ó'n bealach mór. Na longa agus na bádai ba h-iad ba mó a cuir iongantas air. Soir leis trí Ard Mic Nasca agus car stad go raib i mBeannchar. Baile an-folláin agus baile áluinn, connactas dó. Agus bí iomráid mór ar an baile céadna i stair na h-Éireann. Tóg Naomh Comhgall mainistir chlúiteach ann ins an bliadain 558. Agus go h-aithgiorra 'na diaid sin cuiread scoil ar bun ann a dteachaid a cáil ar fud na seacht réagún. Ar an scoil sin a fuair Naomh Columbánus agus Naomh Gall a gcuid oideachais. Creach na lochlannaig an baile, an mhainistir, agus an scoil, agus mharb siad naoi gcéad de na manaig. Ní fuil dadaid fágta anois de'n tsean-foirgneamh acht bun ballóige.

Tug an Dálach agaid anois ar Baile Ard Uladh. Tá Mag Bile i n-aice an baile sin. Bí scoil iomráidteach annsin ag Naomh Fionnán ins an tsean-am. Nach i Mag Bile a scríob Naomh Colm Cille coip de'n leabar a thóg oiread tormáin a's tógad fá leabar ar bith ó shoin. Ní teárn' Ó Domhnaill moill ar bith i mBaile Ard Uladh acht sin leis ó deas trí an Comar, an Coillid léit, agus níor stad go raib sé i nDún Pádraig. Deirtear gur ar an baile seo atá na trí naomh Pádraig, Brigid,

agus Colm Cille curta. Bí clap-ṡolas ann anois agus ċoṁairliġ Míċeál baint faoi i nDún Pádraig an oiḋċe sin. Bí sé ar a ċois go leor de luaṫas ar maidin lá ṫar n-a bárać, ċuaiḋ a roṫaireaċt arist, agus níor stad go raiḃ sé i n-Iubar Ċinn Tráġa. Agus ar an bealać ċonnaic sé uaiḋ Sliaḃ Crúb agus na Beanna Boirċe. Ní ṫeárn' sé de ṁoill i n-Iubar Ċinn Tráġa aċt 'fad a's bí sé ag iṫe proinne. D'imṫiġ leis annsin agus níor stad go raiḃ sé i nDún Dealgan. Na ceanntair a dtáiniġ sé ṫríoṫa agus na ceanntair ṫart fá'n baile i n-a raiḃ sé anois bí iomráḋ orṫa ariaṁ anall de ṫairḃe gaisceaṁlaċta agus filiḋeaċta. Cia h-é an t-Éireannać nać gcualaiḋ tráċt ar Ċúċulainn agus ar Ṁag Ṁuirṫeiṁne? Agus cia h-é an Gaeḋeal a ḃfuil teanga na nGaeḋeal aige nać gcualaiḋ iomráḋ ar Ṡéamas Ṁac Cuarta, ar Ṗeadar Ó Doirnín, ar Ṗádraig Ṁac Ġiolla Ḟionntain, agus ar Art Ṁac Cubṫaiġ?

Bí Míċeál tuirseać i gceart anois, nó ba h-é astar an lae sin an ceann a b'ḟaide a rinne sé ó d'ḟág sé an baile. Mar sin de ṫóg sé a lóistín i nDún Dealgan an oiḋċe sin, agus dálta an té a bíos sáruiġṫe ċodluiġ sé go maiṫ go maidin.

Níor de ċuid loċt an Dálaiġ a beiṫ spadánta nó trom-ċodlataċ aon uair aṁáin a ṫiocfaḋ spéarṫa an lae. Mar sin de, níor luaiṫe an ġrian 'na suiḋe 'ná é. Ċoṁ luaṫ géar a's fuair sé a breicfeasta d'imṫiġ sé amać go fać airt. Ar an baile sin nó i ndeas dó a rugaḋ Naoṁ Briġid ins an bliaḋain 460, agus ba annsin posta a claoiḋeaḋ agus a marḃaḋ Éamonn Brús oċt gcéad go leiṫ bliaḋain 'na diaiḋ sin. Bí fear an ġearráin iarainn eadar-ċoṁairleaċa anois cia aca a raċaḋ sé ó ṫuaiḋ go bfeiceaḋ sé Sliaḃ gCuilinn nó béarfaḋ sé a aġaiḋ

siar. Siar a ṫug sé a aġaiḋ fá ḋeireaḋ, agus nuair a ċuir sé ḋá ḟiċid míle nó mar sin ṫairis ḃí sé astiġ i mbaile an Ċaḃáin go díreaċ nuair a ḃí an ġrian ag gaḃáil a luiġe. Agus ba h-é a ḃí tuirseaċ sáruiġṫe! Ṫáinig sé ṫríd na trí ḃaile, Carraig Ṁaċaire Rois, an tSearcóg agus an Sraṫ Doṁain; agus ṫug sé fá dear' an éagcosaṁlaċt atá eadar na bailte sin agus na bailte atá níos faide ó ṫuaiḋ. Ċuaiḋ sé a luiġe agus é ag smaoitiuġaḋ ar na h-aṫruiġṫeaċa a ṫáinig ar Ḃreifne Uí Raġallaiġ le cupla céad bliaḋain.

Ḃí sé tamall ins an lá sul ar éiriġ sé ar maidin lá ar n-a ḃáraċ. Ġlac sé a ḃreicfeasta agus annsin ċuaiḋ amaċ. Ṡiuḃail sé ṫart go ḃfaca sé baile an Ċaḃáin. Ḃaile bréaġ mór agus baile maiṫ margaiḋ, ċonnacṫas dó. Ḃí cupla áit a ba ṁaiṫ leis a ġaḃáil dá mbíoḋ an ḟaill aige. Ḃa ṁaiṫ leis Cluain Eois a ḟeiceáil agus siuḃal soir nó siar ar lorg Ċlaiḋe na Muice Duiḃe atá leaṫ bealaiġ eadar an Caḃán agus Cluain Eois. Ḃa ṁó 'ná sin an fonn a ḃí air ġaḃáil amaċ ṫríd an tír a's seanċasc a ċur ar na daoine aosta fá Naoṁ Féiḋlimiḋ, an naoṁ a raiḃ baint aige leis an Ċill Ṁóir. Aċt ḃí an t-am ag gaḃáil ṫart agus ṁoṫuiġ an Dálaċ a ċuid pócaí ag éirġe éadtrom. Agus nuair a ṁoṫuiġeas duine a ċuid pócaí ag cailleaḋ an ṁeaḋaċain ḃeir sé a aġaiḋ ar an ḃaile. Fuair Míċeál a roṫar a's d'imṫiġ. Ṫug sé a aġaiḋ siar ó ṫuaiḋ, ċonnaic uaiḋ an áit a ḃfuair Eoġan Ruaḋ Ó Néill bás, agus níor stad go raiḃ sé i mḂéal Áṫa Conaill. Ċa dteárn' sé moill ar biṫ ar an ḃaile sin aċt le greim a iṫe, agus ṡín leis ag tarraingt ar Ġleann Gaiḃleann. Ar an ḃealaċ ċonnaic sé uaiḋ an maolán nó an taoḃ cnuic a dtugṫaí Maġ Sléaċta air i ḃfad ó ṡoin

agus ċuala sé go ḃfuil cloċa coṁgaraċ do'n áit a ḃfuil ciorcail a's lúbṫaċa gearrṫa asteaċ ionnta. Ċarḃ' iongnaḋ dó a ḃeiṫ tuirseaċ agus an uair a ḃeiṫ déiḋeannaċ nuair a ċuaiḋ sé a luiġe an oiḋċe sin i nGleann Gaiḃleann uaigneaċ.

Ċa raiḃ an ġrian i ḃfad ós cionn an ċnuic ar maidin lá ar n-a ḃáraċ go raiḃ Míċeál Ó Doṁnaill ar an ḃóṫar arís. Ċuaiḋ sé go ḃfaca sé Log na Sionna mar deirtí roiṁe seo. I Log na Sionna atá bárr nó foinse na Sionainne. Ní ṫeárn' sé moill ar biṫ ins an áit uaigniġ sin aċt d'imṫiġ leis. Ba ġairid go raiḃ sé ar aṁarc an dá Loċ Mac n-Éan. Ċuaiḋ sé ṫríd an Leargaiḋ agus "Béal Cú," ċor soir annsin taoḃ na láiṁe deise, agus níor stad go raiḃ sé i n-Inis Ceitleann. Fuair sé tráṫ biḋ ar an ḃaile sin a's é i n-a ḟéiḋm. Ṫug sé a aġaiḋ siar ó ṫuaiḋ anois a's é ar ḃealaċ atá ar an taoḃ ó ḋeas de Loċ Éirne Íoċtair. Ċonnaic sé an t-oileán beag ins an loċ a dtugṫar Daiṁinis air. Ċuaiḋ sé síos go dtí an bruaċ go ḃfaġaḋ sé aṁarc ní b'ḟeárr air. An tor nó an cloigṫeaċ mór árd sin agus na sean-ḃallóga atá annsiúd agus annseo cia h-é sin naċ gcuirfeaḋ spéis agus suim ionnta? Ar an oileán ḃeag sin a ḃí Naoṁ Maol Íosa 'na ċoṁnaiḋe, agus ḃí creideaṁ agus léiġeann ins an áit nuair naċ raiḃ ar fud na h-Eorpa aċt páġántaċt agus ain-eolas. Tá Loċ Éirne lán oileán, aċt níor ċuir Míċeál a ḋaṫ de ṡuim ins an dara ceann go dtáinig sé 'ḟad le h-Inis Ṁuiġe Saṁ. Ṡeasuiġ sé ar ṫaoḃ an ḃealaiġ ṁóir agus ċaiṫ tamall ag aṁarc amaċ ar an inis ḃig sin. Nó ḃí iomráḋ ins na sean-scéalta ar Inis Ṁuiġe Saṁ agus ar ḟaṫaċ a ḃí 'na ċoṁnaiḋe uirṫi. Ṫáinig sé asteaċ i gcionn Ṁíċeáil anois gur i Loċ Éirne Uaċtair atá an t-oileán a

tugtar *Belle Isle* anois air. Deirtí Seanaid Mac Magnusa ar an oileán i bfad ó soin agus b' ann a scríob Catal Mac Magnusa " Annála Ulad " ins an cúigead h-aois déag. Ba beag a cuideoćad le h-Ó Domnaill pillead ar a coiscéim nó go bfeicead sé *Belle Isle* ; act rinne sé at-comairle a's bog leis. Fá ćionn uaire eile bí sé astig i mBéal Leice—baile na criadóireacta—agus bain sé faoi annsin go maidin. An raib sé tuirseać? De na comarćaí go raib ćuaid sé a luige ćom gasta a's ćiocfad leis agus ní raib a ćeann leagta ar an ćeannadairt i gceart go raib sé 'na ćnap ćodlata.

Ní fuil comgaisí nó íocślainte ar an tsaogal seo ćom maić le codlad na h-oidće. Deir codlad maić brig agus úire duit nać dtiocfad leat a fagáil ar dóig ar bić eile.

Tuirseać a's mar bí Mićeál ag gabáil a luige dó bí sé ćom lúćmar éascaid le cairr-fiad nuair a mhuscail sé ar maidin. Agus rinne sé moić-éirge, nó bí sé leagta amać aige an t-astar a ćríocnugad agus an baile a baint amać dá mb'féidir é sul a dtéigead an grian i bfairrge an nóin sin. Ćom luat a's fuair sé a breicfeasta bain sé Béal Áta Seanaig amać. Anois a táinig sé asteać i n-a ćionn go gcuala sé nó gur léig sé gurb' é an sean-ainm a bí ar Abainn na h-Éirne an tSamaoir. Seasuig sé ar an droićead tamall agus d'amarc síos a's suas an abainn. Nárb' iomda ačrugad a táinig ar Éirinn agus ar an tsaogal mór ó báićead an t-Áird-Rí Aod Ruad ačair Maća Mong Ruaide ag an eas udaid tíos? Tug Mićeál fá dear' anois leac ćuimneacáin Liam Allingham i mballa an droićid agus léig sé an scríbneoireacť atá uirti. 'Na diaid sin ćuaid sé go bárr an ćnuic big ćruinn acá ar an taob amuig de'n baile. Mullán

na Siḋe an t-ainm a ḃeirtear ar an ċnoc sin anois, aċt Síoḋ Aoḋa a ḃeirtí air i ḃfad ó ṡoin, nó b'ann a cuireaḋ an t-Ấird-Rí a báiṫeaḋ ag an eas. Tá teampall Gallda ar ḃárr Ṁullán na Siḋe agus tá reilig le taoḃ an teampaill. Ṡiuḃail Míċeál ṫríd an reilig a's é ag léiġeaṁ na gcunntas a ċuir na beoḋa ós cionn na marḃ. Agus go díreaċ sul ar ṁoṫuiġ sé ḃí sé 'na ṡeasaṁ le taoḃ an tumba atá ós cionn an Ṁáirtíniġ, an t-oifigeaċ saiġdeor duḃ a marḃaḋ i nGaoṫ Doḃair i n-am an Land League. Léiġ sé an scéal atá ar an leic a's ṫug altuġaḋ do Ḋia go raiḃ ceist an talaiṁ socair.

Dá mbíoḋ faill ag an Dálaċ raċaḋ sé síos go ḃfeiceaḋ sé Inis Saimér an áit ar ċoṁnuiġ Pártalón agus a ḃean agus a ċú seal d'á saoġal; aċt ní raiḃ faill aige, nó ḃí astar fada roiṁe a's ḃí an lá ag gaḃáil ṫart. Mar sin de, ṁeas sé go mb'ḟeárr dó a ḃeiṫ ag bogadaiġ. Ṫáinig sé anuas ó Ṁullán na Siḋe, ṫug a ġearrán iarainn leis, a's ċuaiḋ amaċ siar go ḃfaca sé sean-ḃallóg ṁainistir Easa Aoḋa Ruaiḋ. A ṁarcaiḋeaċt leis arist a's ċar stad go raiḃ sé ag sean-ċaisleán Ċill' Ḃáirrḟinn. Ḃí ceall ag Naoṁ Báirrḟionn annsin ins an seiseaḋ h-aois a's 'na ḋiaiḋ sin ḃí caisleán ag Cloinn Uí Ċléiriġ ann. Ar aġaiḋ leis anois soir ó ṫuaiḋ a's níor stad go raiḃ sé ag Ấrd Faiṫċe. Annsin a ṁair an t-Ấird-Rí oirḋearc Doṁnall Ṁac Aoḋa Ṁic Ainmire lá de'n tsaoġal. Deirtear gurḃ' é Doṁnall an t-Ấird-Rí a b'ḟeárr d'á raiḃ i n-Éirinn ariaṁ. Ba le n-a linn a ṡiuḃail óig-ḃean áluinn na seod Críoċ Fóḋla uilig gan ċuṁail, gan ċuideaċta. Agus ḃí na Gaeḋil uile go léir ċoṁ smaċtuiġṫe riaġalta sin ag Doṁnall nár ṡanntuiġ siad an scéiṁe nó an saiḋḃreas. Aċt nár ṡean-aimsearḋa an ṁaise do

na Muiṁniġ é an scéal beag sin a ġoid agus a ráḋ gur i n-aimsir Briain Bóirṁe a ṫárlaiḋ astar na h-óg-ṁná ? Ba ċuma fá'n ḟírinne aċt a ṁór a ḋeánaṁ de Ḃrian agus Doṁnall a ċur as aṁarc agus as iomráḋ.

Tá Árd Faiṫċe i bparráiste Ḋruim Ṫuama.

Ċuaiḋ Míċeál 'un an ḃealaiġ anois aríst. Ṫáinig sé tríd Ḃaile an tSraṫa, ṫríd Laṫaiġ, agus asteaċ go Dún na nGall. Ċaiṫ sé tamall ag aṁarc ar ṡean-ċaisleán Uí Ḋoṁnaill agus 'na ḋiaiḋ sin ċuaiḋ sé go ḃfaca sé ballóga na sean-ṁainistreaċ. Ba le h-Órd Naoiṁ Proinnsiais an ṁainnistir sin agus fá ḃun na mballóg sin a scríoḃ an Bráṫair Míċeál Ó Cléiriġ a's a ċuid comráḋaiḋṫe "Annála Ríoġaċta Éireann." Níor ḟan Míċeál i mBaile Ḋúin na nGall aċt 'ḟad a's ḃí sé ag iṫe greama. 'Na ḋiaiḋ sin ṫug sé a aġaiḋ ar Śraṫ an Urláir. Ċonnaic sé uaiḋ ar ṫaoḃ na láiṁe clí an Loċ Áluinn sin a dtugṫar Loċ Iasc air agus amuiġ ar ċúl an Loċa an Ċruaċ Ġorm agus an Ḃeinn Ṁór. Dá ḃfágaḋ sé an gearrán iarainn 'na ḋiaiḋ ṫiocfaḋ leis aiṫġiorra a ḋeánaṁ trasna na gcnoc sin 'un an ḃaile : anonn ag Loċ Iasc, suas ag Eas Dúnáin, ṫart ag Loċ Ḃéal Séad—an loċ is uaigniġe agus is deise i n-Éirinn—an áit a ḃfuil folaċán óir agus aṫair neiṁe agus cat fiaḋain 'á ċoiṁead—suas an Aḃainn Duḃ, anuas ag Leitir Ċoilleaḋ agus asteaċ ar ḃealaċ Ġleann' Ḟinne. Ḃéaḋ an bealaċ sin creagaċ maslaċ agus ṁeas Míċeál go mb'ḟeárr dó an bealaċ mór a ċoinneáil. Agus ċoinniġ sé é. Ṫáinig sé anuas an Beárnas Mór, áit ar a mbíoḋ droc-iomráḋ i ḃfad ó ṡoin de ṫairḃe gadaiḋeanna agus ceiṫearnaiġ ċoilleaḋ. Ḃí an ṁalaiḋ leis agus ba ġairid go raiḃ sé i Sraṫ ar Urláir. Ċuaiḋ sé go ḃfaca sé uaiġ Isaac Butt, agus 'na ḋiaiḋ

sin taisbeánaḋ ḋó an teaċ i n-ar rugaḋ an ḃainfile ḋall Frances Browne ins an bliaḋain 1816. D'éiriġ leis cuiṁniuġaḋ ar ċeaṫraṁa aṁáin d'á cuid filiḋeaċta—focla a ċuir sí i mbéal duine de na h-Éireannaiġ Aontuiġṫe a ṫáinig 'un an baile ó'n ċoigċríċ fiċe bliaḋain i ndiaiḋ an Éirġe Amaċ.

"Caiḋé ṫug ar ais ṫú agus do ċuid comráḋaiḋṫe uiliġ marḃ?" arsa duine eiġinteaċt leis.

"Oċ, go díreaċ," arsa seisean, "ṫáinig mé ar ais go ḃfeicinn na sléibṫe!"

"Oh! where are the brave hearts that bounded of old?
And where are the faces my childhood hath seen?
For fair brows are furrowed, and hearts have grown cold,
But our streams are still bright, and our hills are still green;
Ay, green as they rose to the eyes of my youth,
When brothers in heart in their shadows we met;
And the hills have no memory of sorrow or death,
For their summits are sacred to liberty yet!"

Ṫug Míċeál a ċúl ar Śraṫ an Urláir anois agus a aġaiḋ ar an ḃaile. Ḃí deifre air, nó ḃí an ġrian ar an ċnoc, a's ba ġairiḋ go mbíoḋ clap-ṡolas ann. Ṫáinig sé aníos Ġleann Finne, an áit a raiḃ an naoṁ-ḃean Taoḃóg Ní Ḋuiḃeannaiġ 'na coṁnaiḋe i ḃfad ó ṡoin agus ċonnaic sé an áit ar rugaḋ Isaac Butt. Ṫug uair eile 'un an ḃaile é agus ḃí a ṁáṫair go díreaċ ag coigilt na teineaḋ nuair a ṫáinig sé asteaċ.

D'ḟéadfá a ráḋ go raiḃ fáilte ṁór roiṁe. Deiċ n-oiḋċe agus deiċ lá ó d'imṫig sé agus munar ṡiuḃail sé timċeall Ċúigiḋ Ulaḋ ní ṫeárn' duine ar biṫ ariaṁ é.

Aṁrán Ṗádraig Ṡéamais.

Ḃí teaglaċ de na Dálaiġ i Rann na Feirste eadar 1800 agus 1850 a dteaċaiḋ a gcliú i ḃfad agus i ngearr de ṫairḃe a gcuid filiḋeaċta. Ḃa h-é Séamas Ó Doṁnaill a b'iomráiḋtiġe de na Dálaiġ seo. Seo aṁra nó feart-laoiḋ a ċum sé d'á ṁac Pádraig a báiṫeaḋ oiḋċe aṁáin a's é ag teaċt as an Ḃun Ḃeag, a's gan ins an ċuraċ aċt é féin.

D'ḟoillsiġ an Dr. Séamas Ó Searcaiġ agus "Iolann Fionn" an caoineaḋ seo agus ḃí sé i gcló ins an *Irish World* fosta.

An ċéad Ṁárta de Ḟoġṁar ba ḃrónaċ tuirseaċ
mo scéal :
Láṁ ṫapaiḋ ḃí cróḋa ag gaḃáil roṁam ar leabaiḋ
na n-éag!
Ar Ċarraig na nDeor is dóiġ gur ċaill mé mo
raḋarc,
Agus go dtéiġiḋ mé faoi fód ní ṫógfad m'aigneaḋ
'do ḋiaiḋ.

Tá do ṁáṫair agus Niall faoi ċian agus is fada
leo an lá,
Tá osna in a gcliaḃ naċ leiġeasfaḋ doctúir nó
leáiġ.
Ar ṡoláṫair mé ariaṁ a's bíoḋ sé uilig cruinn in
mo láiṁ,
Go dtaḃarfainn é uaim aċt fuasclaḋ Ṗaidí a ḃeiṫ
slán!

Tá do ḋeirḃṡiúraċa cráiḋte de ġnáṫ agus iad ag
sileaḋ na súl.
A's gan 'ḟios cia an lá go bráṫ a n-imṫeoċaiḋ a
gcuṁaiḋ.

D'fág tú d'aicme faoi smál mo chráidh! mar rinne tú an siubal,
Nuair nár agair tú Pártas le spás beag eile a thabairt dúinn!

Ba chartannach fial thú ariamh a's ba sona do lámh,
Agus go mbéithea faoi chian mur' riartha a dtiocfaidh 'do dháil.
Ba deismear do chiall le gach aon de d'aicme ar an tsráid;
Agus ní mhairfidh mé bliadhain i mbuaidhreadh i d'easbaidh mar táim!

Mo mhallacht go buan fá bhruach an chladaigh seo thíos!
'Sé d'fág d'aicme faoi ghruaim agus rinne gual díom i n-aice mo chroidhe.
'Sé do chur ins an uaigh monuar! d'fág mise gan bhrigh.
Gan mheisneach, gan stuaim, acht 'mo thruaill bocht ag imtheacht le gaoith!

Is fada mo shaoghal agus mé ag deánamh mo ghearáin go bráth,
Agus mé ag amharc uaim síos fá bhruach an chladaigh gach lá.
Ní fuil cuideachta ag aon mar bhíodh fá'n rannaigh seo tráth,
Acht osna i n-a gcliabh, faraor, agus gan fortacht le faghail!

Ó, stadfad de'n ghéar-ghol agus deánfad mo ghearán le Cách
Fuair piolóid agus pian ar thaobh na croiche go h-árd.

A Muire, má's féidir linn d'aon-Mac agrad gan
spás,
Guidimid é a beit fabarach do Paidí fá'n cáin!

Míle ⁊ oct gcéad a léigtear ó cáinig Sé 'un an
tsaoghail,
A cúig ⁊ a sé leis an scéal sin a aithris go
fíor,
Ó cáinig Mac Dé 'un an tsaoghail le'r gceannach
go daor,
Cuaid Paidí i gcré, mo léan, a's ní pillfid sé
a choidhc'!

Aṁrán an ṁuiltín.

I Mín na Gualanna i bPárráiste Inis Caoil ar ċríċ Párráiste Gleann' Finne, nó Cill Taoḃóg, a rugaḋ Peadar Breaṫnaċ. Ṫáinig sé ar an tsaoġal i dtráṫa' 1820 agus fuair bás eadar 1880 agus 1885. Táilliúr a ḃí ann agus ċaiṫ sé a ṡaoġal ag táilliúraċt annsiúd agus annseo. File an-ṁaiṫ a ḃí ann fosta. Ċum sé fá ṫuairim fiċe aṁrán, cuid aca ag baint le gráḋ, cuid aca greannṁar, a's cuid scórṫa. An file seo níor ṁill sé focal ariaṁ mar ṁaiṫe le fuaim.

Seo an ḃun-tsíocair a ḃí le "h-Aṁrán an Ṁuiltín." Fronn duine eiġinteaċt molt beag ar an file. Aċt ċa raiḃ órdlaċ talaiṁ ag Peadar a's b'éigean dó an muiltín a ċur ar téad a's a fáġáil i mbárr garróa nár leis féin. Aċt ní fóireann an ceangal do na caoiriġ, nó do na daoine ar leo iad, nó caiṫfear a n-aṫruġaḋ do réir mar ḃíos siad ag iṫe; agus ḃíonn an failliġe ann. Ins an am sin ḃí Albanaċ nó Protastúnaċ 'na ċoṁnaiḋe i Mín na Gualanna—fear a dtugṫaí Tam Duiḋe Ó h-Annluain air. D'iarr Tam ar Peadar an muiltín a leigean le n-a ċuid caoraċ —san go cionn bliaḋna. Leig agus fáilte. Aċt nuair a ċuaiḋ Deicí, máṫair Taim Duiḋe, amaċ ar maidin lá ar n-a ḃáraċ a ċunntas na gcaoraċ ṫug sí fá dear' an muiltín coiṁiġṫeaċ i n-a measc a's ḋreasuiġ sí a cuid madaḋ ann. D'imṫiġ an molt boċt anois a's ḃain faoi i measc cuid caoraċ Ṁiġ Floinn, fear eile a ḃí 'na ċoṁnaiḋe i Mín na Gualanna.

I bfoirm ċoṁráiḋ atá an t-aṁrán agus tá an ċoṁráḋ eadar an file agus an muiltín. Tugṫar fá dear' gur ṁaoiḋ an molt beag gur ṫaisbeáin

Beicí doiċeallt dó cionn is go raiḃ sé 'na Ġaeḋeal.

I.

Ḃí muiltín beag agam ar téad,
Agus leig sé liom féin a ġloim.
D'agair sé mise go géar
Naċ seasóċaḋ Éire an roinn.

II.

"Ní aṫruiġṫear mise i riṫ lae;
Tá m'easnaċa géar a's mo ḋruim.
Agus níorḃ' eagal go raċainn-se ar strae
Dá leigṫeá liom féin mo ceann."

III.

"Dá leiginn-se ṫusa de'n téad,
B'aiṫreaċ daṁ féin d'á ċionn,
Agus gan fios agam cá raċainn 'do ḋiaiḋ,
Agus olann a ḋ'féiḋm gan ṁoill."

IV.

"Faoigfiḋ mé an lomairt 'mo ḋiaiḋ,
Fág giobaċ mo ḃléan ⁊ mo ḋruim;
A's caiṫfiḋ mé an Nodlaig fá ṗléisiúr
Ṫoir ag cuid caoraċ Taim.

V.

"Nuair a ċuaiḋ mé asteaċ ar an tsréad
Níor ṫaisbeáin siad faġar daṁ ann,
Cionn is go raiḃ mé 'mo Ġaeḋeal;
Agus ċa raiḃ croiḋe aca d'aon aċt Gall.

VI.

" Scaoileaḋ a ġcuid madaḋ 'mo ḋiaiḋ
Ṫríd ċurraiġ agus éadan beann ;
Agus ní ḃfuiġinn faill amaṁarc 'mo ḋiaiḋ
Dá ġcaillinn-se léaḋb de'n druim.

VII.

" 'Fad a's ḃéas Deicí in d'fagar,
Déanfaiḋ sí plás a's ġreann!
Acht ná creideaḋ aon duine faoi'n ġréin,
Gur ionann léiṫi Gaedeal ⁊ Gall.

VIII.

" Naċ mise a ḃí i ndeireaḋ na péice,
Nuair a ṫárluiġ mé ar ṡréidín Taim!
Acht ċan fuair mé suaiṁneas nó pléisiúr,
Go dteaċaiḋ mé go dtí Mag Fíoinn."

An Ḟiann agus an Ḟiannaiḋeaċt.

Ní ḟuil duine ar biṫ de Ċlanna Gaeḋeal—bíoḋ Gaeḋilg aige nó ná bíoḋ—naċ gcualaiḋ iomráḋ ar an Ḟéinn agus ar a gceann-urraiḋ ċliúiteaċ Fionn Ṁac Ċuṁaill. Aċt bunaḋ na Gaeḋealtaċta, go speisialta na sean-daoine, is minice a ḃíos ag scéalaiḋeaċt fá na gaisciḋiġ móra seo a ḃí i n-Éirinn ins an aimsir ċian-aosta sul a dtáinig Pádraig. Nárḃ' iomḋa uair a d'éisteamar agus lúṫġáir ar ar gcroiḋe leis na seanċaiḋṫe céadna?

Anois ba ċóir go mbéimist i n-inniṁ ceist mar seo a ḟuasclaḋ: An raiḃ an Ḟiann ariaṁ ann? Deir béaloideas na ndaoine go raiḃ. Ní ḃéaḋ gar cur i n-aġaiḋ an tseandream' a ḃfuil an béaloideas aca agus a ráḋ nár ṁair Fionn nó a ċuid fear ariaṁ, agus naċ ḃfuil ins an Ḟiannaiḋeaċt aċt síobóga agus scéalta siḋe. Dearḃóċṫar duit go raiḃ an Ḟiann ann agus gur ḟág siad lorg ar ainmneaċa áiteaċ na tíre. Agus má leantar do'n díospóireaċt cluinfiḋ tú scéalta a's dánta fá eaċtraí na ḃfear, scéiṁe na mban, agus tréarṫa na madaḋ.

Aċt caidé deir na sean-leaḃarṫaí? Tá, maisē, tig na sean-leaḃarṫaí le béaloideas na ndaoine ar an poinnte. Tiġearnaċ, Míċeál Ó Cléiriġ, agus Seaṫrún Céitinn—na trí staraiḋe a ba léiġeannta agus a ba ċéimeaṁla de'n iomlán—adṁuiġeann an triúr go raiḃ Fionn agus na Fianna ann, agus ḃeir siad cunntas ar a gcuid gníoṁarṫa, ar a ngléas beo agus ar a gcuid geinealaċ. Agus taoḃ amuiġ díoḃ seo ar fad tá na sean-scríḃne lán de scéalta agus de laoiṫe fá na laoċra a ḃfuilmid ag cainnt orṫa.

Mar sin de tá sé inċreidte i gceart go raiḃ Fionn Ṁac Ċuṁaill agus an Ḟiann ann. Anois,

caidé 'n seort dreama a bí ionnta? Tá, maise, sluaġ saiġdeor a bí ionnta, agus bí siad i dtreis agus céimiḋeaċt ṁór aca le linn Ċuinn Ċéaḋċaṫaiġ, Ċormaic Ṁic Airt agus Ċairbre Lifeaċair. Dunuiġeaḋ iad leis an tír a ċosnaṁ ar allṁuraiġ agus le cuidiuġaḋ leis an Áird-Riġ i n-am riaċtanais. Ba doiliġ faġáil asteaċ ins an Féinn. Ní ġlacfaí le clairseaċa, fallsóirí, ainḃfiosaċáin nó daoine a mbéaḋ a ġcuid máirtín síos leo. An t-óig-fear a béaḋ i bfáṫaċ ġaḃáil i n-arm Finn ċaiṫfeaḋ sé a beiṫ ċoṁ luaṫ-ċosaċ le cairr-fiaḋ, agus a beiṫ an-ṁaiṫ ag léimniġ agus ag coraiḋeaċt. Biṫear ag dúil fosta go mbéaḋ sé i n-inniṁ é féin a ċosnaṁ le n-a scéiṫ agus naonḃar laoċ ag caiṫeaṁ a ġcuid sleaġ air i ġcuideaċta a ċéile. Le n-a ċois sin ċaiṫfeaḋ sé oiread filiḋeaċta a beiṫ aige ar a ṫeangaiḋ a's ċoinneoċaḋ é ag aiṫriseoireaċt oiḋċe fada ġeiṁriḋ. Aċt ċarḃ' é sin deireaḋ. Biṫear ag órduġaḋ fosta do'n Féinn a beiṫ firinneaċ, glan-ċroiḋeaċ, agus, tré bit síor, cur le n-a bfocal. Oisín, a bfile féin a ċan an ċeaṫraṁa :

"Ní ċanaimís an Fiann gó ;
Bréag leo níor saṁluiġeaḋ ariaṁ,
Aċt le firinne a's neart ar láṁ,
Ṫigimís slán as gaċ gliaḋ."

Ba h-é Fionn Ṁac Ċuṁaill an gaisciḋeaċ a b'iomráiḋtiġe de'n Féinn. Bí Fionn 'na file fosta agus bí sé fial flaiṫeaṁail. Do réir sean-scéalta Ṫír' Conaill an náire ba ṁó a fuair Fionn ariaṁ bí an ġreim deireannaċ i n-a béal agus ní raiḃ aon ġreim i n-a láiṁ nó ar an ċlár le taḃairt do'n ċoiṁiġteaċ a ṫáiniġ asteaċ agus ocras air. Aċt tá sé ráiḋte fosta go raiḃ droiċ-ṫreall i Riġ na bFiann agus naċ dtug sé

maiṫeaṁnas ariaṁ do'n té a ċuir go dtí é ar dóiġ ar biṫ. Dí Oisín 'na ṁac ag Fionn agus file cliúiteaċ a bí ann posta. Deir an Ḟiannaiḋeaċt go dteaċaiḋ seisean go Tír na h-Óige le Niaṁ Ċinn Óir, go dtáinig sé ar ais, a's gur ṁair sé go h-aimsir Pádraig. Oscar Mac Oisín ba h-é an laoċ é ba ċróḋa d'á raiḃ i n-Éirinn ó ṡoin. Deirtí go raiḃ Goll Mac Mórna go raiḃ sé ċoṁ láidir urraḋanta le Samson a's nár ḟág sé "fuiġeall aon duille ariaṁ." Ċualaiḋ gaċ uile duine iomráḋ ar Diarmuid Ó Duibne. Ba h-é ba deaġ-ġnúisiġe agus a ba ġnaoiḋeaṁla de'n Ḟéinn. Do réir mar deir seanscéal aṁáin de ċuid Tír' Conaill na fir a bí míofar —agus bí Fionn orta sin—ní raiḃ áird aca ar Diarmuid. Ċar ṁaiṫ dearmad a déanaṁ de Conán Maol. Duine ciocraċ béal-scaoilte aċrannaċ a bí ann agus bíoḋ sé i dtólaiṁ ag tarraingt seantoiġteaċ anuas air féin nó ar a ċuid comráḋaiḋte. Fearḋaṁan, Mac an Fír Léiṫ, a raiḃ an easumlaiḋeaċt go smior ann agus a rinne a aiṁleas féin i ndeireaḋ na dála.

Sin anois cuid de laoċraiḋ na bFiann.

Caidé mar ċuireaḋ na laoċraiḋ seo agus a gcuid fear, caidé mar ċuireaḋ siad asteaċ an t-am? Tá, maise, ó Saṁain go Beálltaine ġníoḋ siad coinnṁeaḋ annsiúd a's annseo (do réir seanċaiḋte Tír' Conaill bíoḋ an Ḟiann ag aoiġeaċtaiġ; nó aoiġeaċt a bíoḋ ann cinnte). Annsin ó Beálltaine go Saṁain bíoḋ siad ag seilg trío cnuic agus gleanntáin na h-Éireann. Agus ní raiḃ clúid nó cearn ó Ġleann Ḟada na Sealg i nDún na nGall go Loċ Léin i gCiarraiḋe nár ṡiuḃail siad agus nár ċuartuiġ siad. Agus b'aca a bí na h-eaċtraí a bí suaiṫniḋ. Dí dá ċoin ag Fionn, Bran agus Sceolaing na h-ainmneaċa a bí orta, agus ní minice iomráḋ ar ċampa ṁór

Alṁaine 'ná ar an ċonairt sin. Agus an brat a bí ag Mac Cuṁaill—beirtí an Gal Gréine air—ní raiḃ a leiṫéid eile i n-Éirinn. Annsin cluinmid iomráḋ go minic ar an Dóro Fiann, nó an ceol géiḃeannaċ a ṫógaḋ 'aċ aon duine de'n buiḋin nuair a bíoḋ sé ins an ċontaḃairt agus tárrṫáil ag tastáil.

Aċt cróda, saiġdeorṫa, fearaṁail a's mar bí an Fiann níor ṁair siad aċt seal. Ceiṫre dream díoḃ a bí ann,—Clanna Mórna, Clanna Smóil, Clanna Baoiscne, agus Clanna Neaṁain, agus ar an droċ-uair dóiḃ féin bí easaontas eatorṫa, go speisialta eadar Clanna Mórna agus Clanna Baoiscne. Mar sin de, ba ṁó an ċontaḃairt 'ná an cosnaṁ do'n tír iad. An t-Áird-Rí Cairbre Lifeaċair, ċonnaic sé caidé mar bí agus ċoṁairliġ sé deireaḋ a ċur leo. Ní raiḃ moill siocair bruiġne a faġáil. Ċlaoiḋ Cairbre an Fiann i gCaṫ Gabra, i gCo. Ċill Ċoinniġ ins an bliaḋain 284 A.D., agus cé gur marbaḋ an t-Áird-Rí é féin ċuir sé deireaḋ go deo leis na saiġdeoirí callánaċa a raiḃ an tír ó ṁuir go Teaṁair faoi ṁaiġistireaċt aca le 'fad d'am.

Aċt aindeoin gur marbaḋ agus gur díbreaḋ an Fiann ċa dteaċaiḋ siad amaċ as cuiṁne na ndaoine. Leis an am toisiġeaḋ a scríoḃaḋ síos a gcuid eaċtraí i bpróS agus i bfiliḋeaċt, d'foġlaim an ċoitċeanntaċt na scéalta agus na dánta seo, agus ċuaiḋ siad féin a ċumaḋ, agus leanaḋ do'n obair sin ċoṁair a beiṫ go dtí an lá a bfuilmid ann. Mar sin de, tá an tír lán de scéalta agus de laoiṫe a baineas le Fionn agus le n-a ċuid fear a's beirtear Scéalta agus Laoiṫe Fiannaiḋeaċta orṫa. Cuid aca seo tá siad scríoḃṫa síos ins na sean-leaḃarṫaí a's tá an ċuid eile i mbéaloideas na

ndaoine. Seo teidil ċuid de na scéalta : Tóraiḋeaċt Ḋiarmuda agus Ġráinne, Caṫ Fionntráġa, Bodaċ an Ċóta Laċtna, Bruiḋean Ċaorṫainn, Foṫa Caṫa Cnuċa, Bruiḋean Ċéise Ċorainn, Fionn Ṁac Ċuṁaill agus an Breasalán Mór, Fearḋaṁan Mac an Ḟir Léiṫ, Goll agus Faṫaċ Mór Ruiḃlinne, an Giolla Deacair, Fionn ar son a Láiṁe Féin, Caṫ Ġaḃra ; agus is beag sin de'n iomlán. Deir na sean-scéalta gur ṁair Oisín go dtáinig Pádraig agus gurḃ' é Oisín a ċum mórán de na laoiṫe. Seo teidil ċuid de na laoiṫe sin : Na Fianna Ag Seilg, laoi na Sealga, laoi Ċailleaċ na nDorn, Ar ṫuit de Ṗiasta le Fionn, laoi na Ceárdċa, laoi na Mná Móire, Sealg Sliaḃ na mBan, Caṫ Ċnuic an Áir, Oscar agus Meargaċ, Mór Anoċt Mo Ċuṁa Féin, agus Caoi Oisín i ndiaiḋ na Féinne. Agus ní ḟuil an dá ḟiċideaḋ cuid aca annsin.

Tá Gaeḋilg ṁaiṫ ins na sean-scéalta seo. Agus tá Gaeḋilg ṁaiṫ agus filiḋeaċt ḃinn-ḃriaṫraċ ins na laoiṫe. Aċt ní h-é sin iomlán a ḃfeaḃais. Na scéalta agus na dánta seo ḃeir siad cunntas maiṫ dúinn ar an ċineál saoġail a ḃí i n-Éirinn ins an tsean-am.

An bonnán buiḋe.

File iomráiḋteaċ darḃ' ainm Caṫal Buiḋe Ṁac Ʒiolla Ʒunna a ċum an t-aṁrán seo. I dtráṫaiḃ na bliaḋna 1730 a ṁair sé. Deir bunaḋ Ṫír' Ċonaill ʒur i ʒCo. an Ċaḃáin a ruʒaḋ Caṫal, aʒus ḃíṫí 'á ráḋ fosta ʒur duine réiceaṁail a ḃí ann aʒus ʒur ċuir sé asteaċ a ṡaoġal ʒo h-an-draḃlasaċ ar fad.

An bun a ḃí leis an aṁrán seo: aʒ ʒaḃáil amaċ do Ċaṫal maidean ċruaiḋ ṡiocáin aṁáin ċonnaic sé bonnán buiḋe (bittern) 'na luiġe marḃ ar an ḃealaċ roiṁe. Le fuaċt aʒus anróġ aʒus b'ḟéidir ocras a fuair an t-éan boċt bás ; aċt ṁaoiḋ an file ʒurḃ' é an tart a ċuir ó'n tsaoġal é. Ṫoisiġ sé annsin aʒus ċum sé an t-aṁrán.

A ḃonnáin ḃuiḋe, 'sé mo léan do luiġe!
Aʒus do ċnáṁa sínte tar éis do ġrinn.
A's ċan easḃaiḋ biḋ aċt díoġḃáil diġe,
A d'ḟáʒ in do luiġe ṫú ar ċúl do ċinn.
Is measa liom féin 'ná scrios na Traoi
Ṫú ḃeiṫ sínte ar leacaiḃ lom' ;
Aʒus naċ dteárn' tú díṫ nó dolaiḋ 'san tír.
A's naċ mb'ḟeárr leat fíon 'ná uisce puill,

A ḃonnáin áluinn, 'sé mo ṁíle cráḋ ṫú,
Do ċúl ar lár roṁam amuiġ 'san tsliġiḋ ;
Aʒus ʒurḃ' iomḋa lá a ċluininn do ġráʒ,
Ins an láib, aʒus ṫú aʒ ól na diġe.
'Sé an niḋ deir cáċ le do ḋearḃráṫair Caṫal,
Ʒo ḃfuiġiḋ sé bás mar siúd má's fíor.
Aċt ní h-aṁlaiḋ tá, siúd an préaċán bréaġ,
Ċuaiḋ a ḋ'éaʒ ar ball le díṫ na diġe.

A bonnáin óig, 'sé mo ṁíle brón
Tú a beiṫ sínte fuar i measc na dtom ;
A's na luċa móra ag triall 'un do ṫórraiṁ,
A deánaṁ spóirt agus pléisiúir ann.
Aċt dá gcuirṫeá scéala fá mo ḋéin-se
Go raiḃ tú i ngéibeann nó i mbroid gan ḃriġ,
Ġeobainn-se braon duit as Loċ Ṁac n-Éan annsin,
A fliuċfaḋ do ḃéal agus do ċorp astiġ.

Ċan iad ḃur n-éanlaiṫ atá mé a ḋ'éagnaċ,
An lon, an smaolaċ, agus an ċorr ġlas,
Aċt mo bonnán buiḋe a ḃí lán de'n ċroiḋe,
A's gur cosṁail liom féin é i nós agus i ndaṫ.
Ḃíoḋ sé go síorraiḋe ag ól na diġe,
A's deirtear go mbím-se mar sin seal :
Ní fuil aon deor d'á ḃfuiġinn naċ leigfinn síos,
Ar eagla go ḃfuiġinn féin bás de'n tart.

'Sé d'iarr mo stór orm leigint do'n ól,
Nó naċ mbéinn-se beo aċt seal beag gearr.
Aċt dubairt mé léiṫi go dtug sí an ḃréag,
Agus gurḃ' faide mo ṡaoġal-sa an deoċ úd d'faġáil.
Naċ ḃfeiceann siḃ éan an ḟíoḃáin réiḋ
A ċuaiḋ a ḋ'éag de'n tart ar ball?
Agus a ḋaoine ċléiḃ, fliuċaigiḋ ḃur mbéal,
Óir ċan faġann siḃ braon i ndiaiḋ ḃur mbáis!

SOLAIS NA SPÉIRE.

Támuid ċoṁ cleaċtuiġṫe sin leis an ġréin, leis an ġealaiġ, agus leis na réaltóga naċ gcuireann-muid mórán suime ionnta. Agus an ḃfuil dadaiḋ eile do ċruṫuig Dia taoḃ amuiġ de'n duine atá ċoṁ suimeaṁail leo? Ní ḃéimist beo ar ċor ar biṫ gan an ġrian, agus aċt go bé an ġealaċ agus na réaltóga ḃéaḋ na h-oiḋċeanna ċoṁ dorċa léanṁar uaigneaċ sin nárḃ' ḟéidir do ḋuine ar biṫ a ċeann a ċur amaċ. Anois ó ṫárla sin mar sin ní am i muḋa é tamall a ċaiṫeaṁ ag cainnt ar na coinnle bréaġṫa oirḋearca seo a las Dia dúinn nuair a ċruṫuiġ Sé an doṁan.

Dearcaimist ar an ġréin i dtús báire. Ní ḟuil dadaiḋ eile ar aṁarc an ċineaḋ daonna atá ċoṁ h-áluinn loinnearḋa léiṫi. D'aḋraḋ ar sinnsear í a's ċa raiḃ mórán iongantais annsin. Deir réilteolaiḋṫe go ḃfuil an ġrian nóċa a trí milliún míle uainn. Sin fad sonnruiġṫeaċ, aċt tuigfimid é ar an dóiġ seo. Dá mbíoḋ eiteallán agat a ṡiuḃalfaḋ cúig ṁíle ins an ḃomaite agus dá mbíoḋ sé ar do ċumas an t-astar a ḋeánaṁ raċaḋ cúig bliaḋna déag agus fiċe ṫart sul a mbíṫeá ag an ġréin. Aċt siúd agus naċ dteaċaiḋ duine ar biṫ suas ariaṁ, ealaḋantóirí na h-aimsire seo glacann siad as láiṁ mórán a innse dúinn fán ċineál áite atá ann. Deir siad go ḃfuil an ġrian corraḋ a's milliún uair ċoṁ mór leis an doṁan. Agus an teas agus an ġile tá siad as cuimse. Ċonnaic tú an gléas atá ag daoine le teas a ṫoṁas agus a ṫaisbeáint. Ḃeirmid termóméadar nó teoiṁeaḋ air. Ní ḟuil ann aċt caol-ṗíopa deánta de ġloine agus airgead beo astiġ ann. Raċaiḋ an t-airgead beo síos leis an ḟuaċt agus suas leis an teas.

Do réir na h-oirnéise seo siocann uisce nuair a tig an t-airgead beo anuas go dtí an figiúr a dtugtar 32° air. Má cuireann tú an teoiméad faoi d'ascaill nó in do béal racaíd an t-airgead beo suas go 98°. Má téigid sé dadaíd ós a cionn sin tá tú tinn. Dá dtéigeadh sé 'fad le 105° béadh do cúrsa tugta, nó ní tiocfadh le do cuid fola an teas sin a seasamh. Dá céad agus a deich an teodhacht atá i n-uisce ghalach agus fá thuairim 600° an teodhacht a bíos ins na foirnéiseacha móra i n-a léigtear miotail. Acht caidé an teas atá ins an ghréin, do bharamhail? Tá, maise, deir réilteolaídhe go bfuil sé eadar 7,000° agus 10,000°! Go dearbtha, dá dtigeadh an ghrian choin comhgarach dúinn a's tá an ghealach léigfeadh an chruinne uilig, carraigeacha agus uile, 'fad a's béitheá ag bualadh do dhá bois ar a chéile! Acht ní h-é sin deireadh. An fairrge mhór teineadh sin éirigeann tonna uirthi atá na céadta uair níos mó 'ná sléibhte an domhain seo, agus léimeann bladairí scannruighteacha aisti agus cuid aca na milte míle ar airde!

Corr-uair bíonn urdubadh ar an ghréin. Acht ní bíonn sin amhlaidh acht i n-aimsir gealaige úire. An rud is cionntaige leis an urdubadh an ghealach a theacht eadar an chruinne s' againne agus an ghrian. Múchann sin solas na gréine go cionn tamaill big, agus tig cineál de dhorchadas ar an domhan. Bíonn feitheamh mór ag réilteolaídhe le h-urdubadh, nó is féidir leobtha mórán eolais a chruinniughadh ins an am sin.

I bfarradh a's an fad atá an ghrian uainn d'féadfaí a rádh go bfuil an ghealach ag maide an doráis againn. An ceathramadh cuid de mhilliún míle nó mar sin atá sé ó'n domhan 'un na gealaige. Agus "Bainríoghan na h-Oidhche," an t-ainm a bheir

cuid de na fili ar an ġealaiġ, ní ḟuil sí aċt beag. An ċruinne s' againne tá sí caoga h-uair ċoṁ mór leis an "Ḃainríoġan." Nó le n-a ráḋ ar ḋóiġ eile· má tá oċt míle mile i dtrastoṁas nó i ndiameter an doṁain ní ḟuil aċt fá ṫuairim ḋá ṁíle míle i dtrastoṁas na gealaiġe. Agus an ré ḃoċt ní ḟuil gile nó loinnear ar biṫ innti féin : an solas a 'tċímid ag teaċt uaiṫi ċan ḟuil ann aċt solas friotċaiṫte na gréine! Níor ṁaiṫ duit a ḃeiṫ 'do ċoṁnaiḋe ar an ġealaiġ, nó ḃéiṫeá gan aer, gan uisce, gan tráiṫnín de ḟéar ġlas ; agus ní ḟeicfeá a ḋaṫ aṁáin aċt sléiḃte móra loma, carraigeaċa, agus gainiṁ. D'innseaḋ seandaoine i dTír Ċonaill scéal roiṁe seo fá ġasúr ṁí-ḃéasaċ darḃ' ainm Doṁnall na Gealaiġe a d'áirdiġ an ġealaċ léiṫi oiḋċe aṁáin. Má tá an scéal fíor ní ḟuil a ṡaoġal ionṁaoiḋte ar Ḋoṁnall ḃoċt ṫuas annsin, agus ṫuig luċt an tseanċaisc an méid sin.

Dálta na gréine bíonn urḋuḃaḋ ar an ġealaiġ anois agus aríst. Aċt ní ḃíonn a leiṫéid aṁlaiḋ mur' raiḃ iomlán gealaiġe ann. An rud is cionntaiġe leis an urḋuḃaḋ an ċruinne a ṫeaċt eadar an ġrian agus an ġealaċ. Scáile na cruinne fáġann sí aġaiḋ na gealaiġe dorċa go cionn tamaill ḃig.

Trí niḋ atá ar eolas againn fá'n ré :—

(1) Is í is cionntaiġe leis an raḃarta, leis an ṁallṁuir, a's le h-oibriuġaḋ ṫonn na fairrge ;
(2) Ṫéiġid sí ṫart timċeall na cruinne uair ins an ṁí ;
(3) Coinniġeann sí cuideaċta leis an doṁan agus an doṁan ag deánaṁ an astair ḃliaḋantaṁla ṫart timċeall na gréine.

Agus ó tárlaíd an méid sin ráidte fágfamuid slán anois ag "Dainríoghan na h-Oídhe."

Is beag duine nach gcualaíd iomráid i n-am eighinteacht ar na pláinéidí agus nach bfuil eolas aige ar chionn nó dó aca. Seacht gcinn de na h-áird-reanna seo atá ann agus seo na h-ainmneacha a beirtear orta: Mercuri, Venus, Márs, Iúpiter, Saturn, Uranus agus Neptune. Tá dálta na gealaighe ar na pláinéidí, .i., ní fuil solas ar bith d'á gcuid féin aca; ní thig uatha acht solas fríothchaithte na gréine. Go dearbtha, áirmhíghtear go minic nach bfuil ins an chruinne s' againne acht pláinéid, nó dá mbíthéa thuas ag an ghealaigh 'tchífeá an domhan agus é go loinnearda solasta go díreach mar tá Venus agus Mars. Na h-áird-reanna seo uile go léir théighid siad tart timcheall na gréine, acht tá siad scabtha amach fad ó chéile nach bfuil contabairt ar bith go mbuailfí siad i n-éadan a chéile. Mercuri an ceann is comhgaraighe do'n gréin ní fuil acht 88 laethe ins an bliadain s' aici-se de bhrigh nach mbíonn sí acht an fad sin ama ag deánamh an astair. Tá Venus níos faide ó'n ghréin, tá ciorcal an tsiubail níos mó, agus nid nach iongnad tá 225 laethe ins an bliadain s' aici-se. An té nach raib lá ar scoil ariamh is feasach dó gur 365 laethe atá ins an bliadain s' againne ar an domhan seo. Tá Mars i bfad níos faide ó'n ghréin 'ná támuid-inne agus nuair atá ní de na h-iongantais gur 687 laethe atá i mbliadain na pláinéide sin. Tá bliadain Iúpiter chomh fada le dá bliadain déag de na bliadanta s'againne agus an tsiocair chéadna leis. Dá mbíthéa do chomhnaide amuigh ar Saturn béad do bliadain chomh fada le deich mbliadna fichead de na bliadanta s' againne. Tá Uranus níos faide amach arís a's ar an ádhbar sin tá bliadain ar an pláinéid sin chomh

fada le 84 de bliadanta an domain seo. Is í Neptune an ard-reann is faide ó'n gréin de'n iomlán. Anois tá sé doi-ćreidte acht tá sé fior gur ionann bliadain amáin ar an plánáid sin agus 165 de na bliadanta a bfuil sinne cleactuigte leo ar an tsaogal seo!

An Córas Gréine an t-ainm a beir ollamna a's luct léiginn ar an gréin a's ar na plánáidí seo atá ag iomrocugad tart fá dtaob dí.

Act caidé fá na réaltóga? Tá, maise, go n-abrann ealadantóirí go bfuil oiread duifir eadar réalt a's plánáid a's tá eadar teinid foirnéise a's moll créafóige. Ní fuil aon réalt ins an spéir nać bfuil dearg-te agus loinnearda go díreać mar tá an grian. Act má tá sin mar sin cad ćuige a bfuil oidće réaltógać ćom fuar le h-oidće ar bit eile? Ní fuil moill an ćeist a fuasclad. An réalt is comgaraige dúinn tá sí 250,000 fad uainn a's tá an grian agus ní fuil mocugad againn ar an teas. De tairbe an méad réaltóg atá ins an spéir uilig sin rud nać bfuil 'fios ag duine ar bit. Cunntas na réaltóga má tig leat é, deir an Biobla. An té a mbéad léarać an-mait aige deirtear go bfeicfead sé cúig míle. Má amarcann tú trí fadradarcán beag 'tćífid tú na céadta milte aca. Act má amarcann tú trí ćiandearcán an-mór 'tćífid tú na céadta milliún. Roime seo ćluinimist na sean-daoine ag cainnt ar Bealać na bó báine, agus b'iomda scéal a bíod aca fá dtaob de. Act tá 'fios againn anois gur réaltóga atá ins an Bealać uilig agus iad ćom tiug a's ćom fairsing sin go sílfeá gur min-nealta geala atá ins an iomlán. Go dearbta, tá sé ráidte gur crucuigead réaltóga i dtús an tsaogail a's nać dtáinig a gcuid solais 'fad linne i bfos annseo go

fóill, siúd a's go siubhlann solas suas le dá céad míle míle i mbuille an chluig!

Cia h-é sin nach bfaca réalt reatha a's nach gcualaid iomrád i n-am eiginteacht i n-a śaoġal ar réalt riobaill? Caidé an t-iongnad agus an t-uatbás a bíod ar dáoine i bfad ó soin nuair a 'tcíod siad a leitéidí! Deiread na sean-ionndairí roiṁe seo gurb' é an rud a ba ćionntaiġe leis na réaltóga reatha an t-ainspiorad ag iarraid faġáil ar ais 'un na bflaitheas, agus an t-árdaingeal 'á ćoinneáil amuiġ. Agus ba h-í an baraṁail a bíod aca i dtólaṁ gur ćoṁartha cogaid ar talaṁ réaltóg riobaill a beit le feiceáil ins an spéir. Nach dtarraingead siad ortha seannatán mar ćrutuġad ar sin? "Tuar fola go fíor réalt riobaill, síon, agus síor-śolas." Acht beir ealadantóirí na h-aimsire seo míniuġad eile ar na h-iongantais seo. Ní adṁuiġeann siad go bfuil dadaid mío-nádúrtha nó neaṁ-śaoġalta ag baint leo. Deir siad nach bfuil ins an réalt reatha nó an ćaor teinead acht cnapán beag de ṁiotal nó de ćloić a bíos ag gabáil tart tríd an spéir. Tig ar an ćnapán go bfágann sé a ćúrsa, go dtig sé ró-ćoṁgarać do'n doṁan, agus go dtarraingeann an doṁan ćuige é. Agus leis an ḟuinneaṁ a bíos leis an ćorpán ag teacht tríd aer na cruinne éiriġeann sé dearg-te agus 'tćímid an dealán bréaġ geal ag lasad suas spéir na h-oidće agus ag gabáil as i lár an rása. Agus caidé innstear dúinn fá'n rud a dtugtar réaltóg riobaill air? Tá, maise, innstear dúinn nach bfuil ann acht néall tanaid de stuf loinnearda atá ar seaćrán, mar déarfá, tríd an spéir, corr-am ag imteacht as aṁarc agus corr-am ag teacht ar aṁarc, nó ag imteacht a's gan ag pillead níos mó.

'Tcímid anois go bfuil an spéir agus doimneact na spéire, nó an spás mar deirtear i mBéarla, 'tcímid go bfuil siad lán de solas agus de druitleoga de ceimid beo. Dearcaimist suas orca go minic, nó ní fuil dadaid eile a beir taisbeánad com maic nó com soiléir dúinn ar cumact, ar mórdact, a's ar Ghlóir Dé

Aitreacas Catail Buide.

An scéal atá i dTír Conaill gur éirig Catal Buide Mac Giolla Gunna, gur éirig sé an-cráibteach i ndeireadh a saoghail agus gur cum sé an dán seo ráitce sul a bfuair sé bás.

I.

Anois is trát liom *parley* a deánamh feasta le Dia,
Ag smaoineadh ar an áit úd ar a dtráctann siad, árus na bpian.
Ó, a Rí na nGrás, a áirdigeas gealach a's grian,
I bpeacadh ó tárluigeas fág mé i b*power* a léigeas!

II.

A Rí na nGrás, is dána dam amarc Ort suas,
Agus nach bfuil oidce nó lá nach dtarraingim fuil as Do gruaidh!
A Mic Muire na páirte, a d'fulaing tairngí dár gceannach go cruaidh,
Mur' leasuigir Do lámh, mo cráidh, go scarfar mé uaitc!

III.

A Rí na réalt, a d'fulaing éag i mbárr an crainn,
Agus croide Do cléib gur réabadh le láimh an daill,
Fuil Do créact 'á téactadh ar lár 'na linn,
A's ar scát Do scéite beir féin go Párdas sinn!

IV.

A Íosa, a Spioraid Naoiṁ, a Aṫair agus a Uain,
A ṫug fíor-fuil Do ṫaoiḃe dár gceannaċ go
cruaiḋ ;
Bí 'mo ḋídean, ḃí 'mo smaoineaḋ, bí do m'
ḟaire gaċ uair,
Má's suiḋe daṁ, má's luiġe daṁ, má's seasaṁ,
má's suan!

V.

A Íosa, a ċuir dian-scrios ar ḋeaṁnaiḃ anuas,
Agus rinne príosún i ḃfad síos dóiḃ i n-ifreann
go suṫain ;
Go mba dídean daṁ Do ṗianta lá breiṫeaṁnais
agus luain,
A's taḃair croiḋe daṁ le go gcaoinfinn Do
ṗáis gaċ uair.

VI.

A Aon-Mic na h-Óiġe, a stóir agus a sciaṫ na
mboċt,
I n-éiric an ċrainn le'r ceanglaḋ Ṫú ḃí gan
loċt,
Braon de Do ṫrócaire dóirt ar m' anam anoċt,
Agus ná léig ar séad níos mó mé, aċt claoiḋ
mo ċorp.

VII.

Agus ísliġ mo ḟíoċ, mo ḟearg, agus mo ḟuaṫ,
A's díbir gaċ smaoineaḋ malluiġṫe uaim.
Leig braon ó'n Naoṁ-Spiorad ḃeannuiġṫe anuas
A ċlaoiḋfeas an croiḋe seo atá 'ná ċarraig
le cruaḋas.

VIII.

A Rí na nDúl a ṫug caḃair agus aṁarc do'n dall,
Agus d'ḟulaing sciuirsí an ċineaḋ lúḋaiġ 'ár gceannaċ ar ċrann,
A d'ḟulaing go h-uṁal Do úr-ċneas a ċeangal go teann,
Taḃair maiṫeaṁnas dúinn, an scúid boċt peacaċ, Do ċlann!

IX.

Ḃíonn-se am agus ṡanntuiġinn an nid a ḃéaḋ deas;
Agus ḃíonn-se am agus ṡanntuiġinn-se nid ar leiṫ;
Ḃí mise drúiseaṁail, drúideaṁail, goirgeaċ, agus ba ṁór mo leisc;
Aċt a Rí na nGrás, in Do ḟeirg ná taḃair Do ḃreiṫ!

X.

Is é mo léan géar, faraor, naċar rugaḋ mé dall,
Doḋar, balḃ, gan ċéill, agus gan aon smid teangaḋ in mo ċeann,
Sul a dteaċaid mé i dtréas mar ċeiṫearnaċ coilleaḋ le feall.
'Sé mo ḃuaiḋreaḋ go h-éag naċ dteárn' mé an aiṫriġe i n-am!

XI.

Fuair mé cúig nid ó'n Spiorad Naoṁ nárḃ' ḟiú mé 'faġáil,
Mar atá aṁarc na sliġeaḋ, mo ḃriġ, agus cluinim a lán;
Ḃias agus boladh, agus molaim Tú, a Rí na nGrás!
Agus moṫuiġeann mo ċroiḋe an uile nid, míle altuġaḋ Duit go bráṫ!

XII.

Nać truaġ mé Lá an tSléibe agus mé ar ṫoiseaċ an tslóiġ.
A's ġur measa mé 'ná an té rinne braṫ leis an ṗóiġ.
Déarfaiḋ mé Cré an Dáréaġ agus ġlacfar í ba ċóir,
Mar i ndúil a's go n-éiġfí i láṫair Dé, "*He's not guilty, my Lord!*"

XIII.

Tá mo léacsa caiṫte, a's is deimin nać fada 'mo ṡaoġal.
A's nać truaġ mé agus mo locta scríoḃṫa síos in m'aġaiḋ!
Aċt ġuiḋim tú, a Ṁuire, a Ḃuime agus a Ṁáṫair Ṁic Dé,
Nać n-íocfaiḋ aċt mo ċorp in ġaċ oiċ d'á dteár' mé!

Mo Ṗíopa Ġairid Donn.

Pádraiġ Ó Beirn a ruġaḋ a's a tóġaḋ ar na Cealla Beaġa i dTír Ċonaill a ċum an dán deas éadtrom seo. Fíor-ḟile a ḃí i bPádraiġ, ċum sé mórán dánta, a's rinne aistriúċáin ar ċuid de ċeolta Uí Ṁórḋa i ḃfad sul ar cuireaḋ Connraḋ na Ġaeḋilġe ar bun. Ċaiṫ sé seal d'á ṡaoġal ins an Oileán Úr. I dtráṫaiḃ na bliaḋna 1922 a fuair an Beirneaċ bás.

Is iomḋa buille searḃ trom
  A fuaras in mo ṡaoġal ;
Ba ṁinic ḃí mo ṗócaí lom,
  ⁊ cíos na míos' ġan díol.
Aċt i ngaċ buaiḋreaḋ beaġ nó mór
  Ní raiḃ mé ariaṁ ġan fonn
Nuair a ṗóġas ṫú, mo ṁíle stór,
  Mo ṗíopa ġairid donn!
Mo ḃeannaċt ort, a ċara ḟír,
  Céad beannaċt ar do ċionn ;
Ní iarraim ġráḋ aċt ṫú ġo síor,
  Mo ṗíopa ġairid donn!

An lá a d'ḟáġ mé tír mo ḃeo
  Le ġaḃáil ar fud an doṁain,
Ba ḟrasaċ ṫuit mo ḋeora teo
  Ba ġéar, ró-ġéar mo ḃrón.
I stoirm, i sín, i ngoiṁ, nó i ngáḃaḋ,
  Ar ḟairsingeaċt na dtonn,
Fuair mise sólás in mo ċráḋ
  Ó mo ṗíopa ġairid donn!
A's duḃras leat: "A ċara ḟír,
  Céad beannaċt ar do ċionn!
Ní ḟuil aġam anois aċt ṫú, faraor,
  Mo ṗíopa ġairid donn!"

Nuair a casaḋ tusa liom ar tús,
Ba scéimeamail tú 'gus bán,
Bí snas na h-óige ar do ghnúis
A's bí do ćolann slán.
Act anois atá tú féin ⁊ mé
Níos sine i bfad, mo ghrád.
Cuaiḋ fiće samraḋ tart indé
Ó bí tú in do blát.
Act beannaćt ort, a ćara fír;
Céad beannaćt ar do ćionn!
Ní féidir linn beit óg go sior,
Mo ṗiopa gairid donn!

Ba ćeannsa tú, a rúin mo ćroiḋe,
'Gus deirim é, a stóir,
Gur minic fuarais in mo ḋít,
An cúram nać raiḃ cóir.
Nár minic, minic buail mé féin
An sméaróid ar do ćárr?
A's níor dubrais liom ariam: "Mo léan,
Gan agat ciall níos feárr!"
B'foigdeać tú, a ćara fír,
Nuair a scoilt mé síos do ćeann.
Béiḋ lorg loite ann go sior,
Mo ṗiopa gairid donn!

Mo ćreać! nuair a ḋearcaim ar an tsaogal
⁊ ar nós na ndaoine ann,
A tréigeas bráćtair ins an baogal
A ćuir Dia ós a gcionn.
Nuair a smuainim féin gur ionann cré
Na ṗiopaí, fir ⁊ mná,

Ní ionȝantać é má ċluintear mé
  Aȝ seinm liom ȝo bráṫ :—
Mo b̓eannaċt ort, a ċara f̓ír,
  Céad beannaċt ar do ċionn!
Ní scarfar ṫú 'ȝus mé ȝo síor,
  Mo p̓íopa ȝairid donn!

na ceiṫre cailleaċa.

(Sean-Scéal.)

Ḃí sin ann i ḃfad ó ṡoin agus is fad' ó ṡoin é. Ḃí ceaṫrar cailleaċ 'na gcoṁnaiḋe ar an ḃaile seo i ḃfad ó ṡoin, agus ba h-iad na h-ainmneaċa a ḃeirtí orṫa Píonam Pánam, Cailleaċ an Ránaim, Píonam Putraim, a's Cailleaċ na nDorn. An talaṁ ḃí sé i gcoṁar aca, aċt ḃí cró ar biṫ ag 'aċ aon ċailliġ dí féin.

Tráṫnóna aṁáin nuair a ṫáinig Píonam Pánam 'un an ḃaile i ndiaiḋ a ḃeiṫ ar ṡiuḃal ag calḃaċas ó ṁaidin ṫug sí fá dear' go raiḃ a cuid dealgán ar iarraiḋ. Arsa sise léiṫi féin :

" Tá mo ġléas cniteála goidte agus is í Cailleaċ an Ránaim an gadaiḋe ; aċt ní raċaiḋ léiṫi ! "

Ins an am sin ḃíoḋ cainnt ag na h-ainṁiḋṫe ins an lá agus ag an trioc toiġe ins an oiḋċe.

" Cá raiḃ tú nuair a ḃíṫear ag goid mo ċuid dealgán ? " arsa Píonam Pánam le n-a madaḋ.

" Ḃí mé ins an ċoilliḋ i ndiaiḋ coinín," ars' an madaḋ.

" Agus cá raiḃ tusa ? " ars' an ċailleaċ annsin leis an ċat.

" Ḃí mé amuiġ i ndiaiḋ éanaċ," ars' an cat.

An oiḋċe sin nuair a ṁeas Píonam go raiḃ bunaḋ an ḃaile uilig fá ċoṁnaiḋe ṫarraing sí an doras amaċ 'na diaiḋ a's ṫug a h-aġaiḋ ar ċró an Ránaim. Ar ṫeaċt 'un an dorais dí ṫarraing sí an ruaḋóg, aċt ḃí an bolt curṫa, rud a ḃí an-annaṁ ins an am sin.

" A ṁaide ḃriste," arsa Píonam ag scairtiġ asteaċ ar ṗoll na fuinneoige,—" a ṁaide ḃriste, bain an bolt a's leig asteaċ mé."

"Is doiliġ dam," ars' an maide briste, "a's mo ċeann ins an ġríosaiġ, agus gur aċċuinge d'iarr an maide briste gan a beiṫ fágṫa mar sin."

"A scuab, leig asteaċ mé," arsa Fionam.

"Is doiliġ dam," ars' an scuab, "a's mo ċeann fúm, a's gur aċċuinge d'iarr an scuab gan a ceann a beiṫ fúiṫi."

"A stóil," ars' an ċailleaċ, "táinig mo ġar in do bealaċ. Deán bacadraḋ 'un an dorais agus leig asteaċ mé."

"Is doiliġ dam," ars' an stól, "a's mo ċeiṫre cosa i n-áirde, a's gur aċċuinge d'iarr an stól gan a beiṫ caiṫte ar ċúl a ċinn."

"Anuas leat, a ṁaide pota, a's leig asteaċ mé, agraim tú!" ars' an ċailleaċ.

"Is doiliġ dam," ars' an maide pota, "a's mé 'mo luiġe i ngraṁar mónaḋ, a's gur aċċuinge d'iarr an maide pota a beiṫ croċta i n-áirde ar an balla."

Nuair naċ raiḃ ní b'ḟeárr le deánaṁ b'éigean do Fionam Fánam pilleaḋ ar an baile ar ais.

Lá tar n-a bárac ċuaiḋ Cailleaċ an Ránaim amaċ go mbliġeaḋ sí an bó a bí ins an buailiḋ, aċt ċa raiḃ striog bainne ag an buin.

"A bó, cá dteaċaiḋ an bainne uait?" ars' an ċailleaċ.

"Bliġeaḋ ar an ṁeaḋón oiḋċe mé," ars' an bó.

"Cia bliġ tú?" ars' an ċailleaċ.

"Ní ċluinfiḋ tú sin go ndeánaiḋ tú an cineál céadna orm-sa a rinne tú ar an buin bó-toiġe aréir, nó tá an leiṫ-ċeal malluiġte," ars' an bó.

Ċuiṁniġ Cailleaċ an Ránaim anois go dteárn' sí an leiṫ-ċeal. D'imṫiġ sí, fuair sopóg arba, a's tug do'n buin buaileaḋ í. D'innis an bó di

annsin nár aiṫin sí an bean a bliġ í leis an dorċadas, aċt go bfaċtas dí go raiḃ trí ḟaiṫne ar ṁéara a láiṁe cli. Dar leis an ċailliġ go bfuiġeaḋ sise amaċ cá raiḃ bean na dtrí bfaiṫní. Ċruinniġ sí luiḃeanna, rinne ceiriḋín, ṡiubail an baile, a's scairt ag 'aċ aon doras go raiḃ leiġeas aici do ḟaiṫní a's do rosaideaċa. Aċt ċa raiḃ faic de ġar ann. Dubraḋ léiṫi nárḃ' eolaiġe í ná bean ar biṫ eile ar an baile. Mar sin de b'éigean dí a h-aġaiḋ a ṫaḃairt ar a cró féin agus gan í dadaiḋ aṁáin ní ba ċríonna 'ná nuair a ċuaiḋ sí amaċ. Aċt cia casaḋ uirṫi i mbéal na séibe aċt Pionam Putraim.

"Taḃair dam mias ṁine agus gogán bainne go tráṫnóna i mbáraċ," arsa Pionam Putraim. "Agus mur' dtugaiḋ—."

"Ní ḟuil min nó bainne in mo ṡeilḃ," arsa Cailleaċ an Ránaim. "Agus dá mbíoḋ féin—"

Ḃí an neiṁ ins an ḟeoil ag an dá ċailliġ sin d'á ċéile ní ba ṁó.

Ag sniomaḋ a ċaiṫeaḋ Cailleaċ na nDorn an ṁór-ċuid d'á h-am agus ní ċuireaḋ duine ar biṫ ċuici nó uaiṫi, nó ḃí eagla a gcroicinn ar iomlán díreaċ de ḃunaḋ an baile roimpi. Oiḋċe aṁáin tamall 'na ḋiaiḋ seo ṁoṫuiġ Bean na nDorn trostáil tríd an ċró. D'éiriġ sí, ṫionntuiġ beo ar an teiniḋ, a's d'aṁarc ṫart. Ḃí an túirne beag i lár an urláir i n-áit a ḃeiṫ ins an ċoirneál, aċt ḃí an t-eiteán, an ċoigeal, a's an siostal ar iarraiḋ.

"A ṁaide pota," arsa Cailleaċ na nDorn, "cá ḃfuil m'eiteán?"

"Tá sé i gcró Pionaim Pánam," ars' an maide pota.

"Agus a ṁaide bríste, cá ḃfuil mo ċoigeal?" arsa Cailleaċ na nDorn.

"Tá sí i gcró Ċailleaċ an Ránaim," ars' an maide briste.

"Agus a ċroċaiḋ, cá ḃfuil mo ṡiostal?" arsa Cailleaċ na nDorn.

"Tá sé i gcró Ṗionaim Putraim," ars' an croċaḋ.

Ní raiḃ sin ar ḋaoi nó ar ṡaoi ariaṁ an ṁire ċaċa a ḃí ar Ċailleaċ na nDorn nuair a ċuala sí cá raiḃ a cuid oirnéise. An ċéad rud a spreag í ġaḃáil amaċ trío an ḃaile agus cuid doirse na gcailleaċ eile a ċur asteaċ le n-a duirn. Aċt rinne sí aṫ-ċoṁairle fanaċt fá teaċ go maidin. Nuair a ṫáinig an ṁaidean amaċ léiṫi a's rún daingean aici coṁalṫaċa, ursanaċa, agus cloigne a ḃriseaḋ. Aċt cia casaḋ uirṫi a's í ar a triall aċt an Dall Ó Duinn a ḃíoḋ ag ġaḃáil ṫart ins an am.

"Naċ luaṫ ar do ċois ṫú!" ars' an dall, nuair a ḃeannuig sí dó.

"Ní luaṫas é do'n té atá ag ġaḃáil a ḟuagairt cogaiḋ ar ṁná an ḃaile," arsa Cailleaċ na nDorn, ag toiseaċ a's ag innse dó.

"Beir ar do ċéill agus ná deán dadaiḋ le driopás," arsa' an dall.

"Agus caidé ḋeánfas mé?" ars' an ċailleaċ.

"Tá, maise," ars' an dall, "pill ar ais 'un an ḃaile a's fiafruig de'n ṁadaḋ cia ṫug leis do ċuid acraí."

Ṗill Cailleaċ na nDorn ar a cró a's ċuir seanċasc ar an ṁadaḋ.

"Innseoċaiḋ mé sin duit," ars' an madaḋ. "Ṫug Muġarnán na luaṫ' do eiteán leis agus d'ḟág i gcró Ṗionaim Pánam é; ṫug Bioróg an tSléibe do ċoigeal léiṫi a's d'ḟág i gcró Ċailleaċ an Ránaim í; a's ṫug an Ḟuarálaċ Fann do ṡiostal leis a's d'ḟág i gcró Ṗionaim Putraim é."

Nuair a ċuala Cailleaċ na nDorn caidé mar ḃí ní leigfeaḋ an eagla dí ġaḃáil a ḟuagairt cogaiḋ ar a cuid coṁarsanaċ. Aċt rinne sí amaċ go mbagróċaḋ sí orṫa. D'ḟiafruiġ sí de'n ṁadaḋ an ndeánfaḋ sé teaċtaireaċt dí. Duḃairt an madaḋ gurḃ' olc an uair naċ ndeánfaḋ. D'iarr sí air annsin ġaḃáil go cróiṫe na gcailleaċ agus órduġaḋ dóiḃṫe na ruda nár leo féin a ṫaḃairt uaṫa agus mur' dtugaḋ go mbéaḋ ag aiṫriġe. D'imṫiġ an madaḋ agus ṫáinig ar ais i gcionn tamaill ḃig.

"Caidé do scéal?" arsa Cailleaċ na nDorn.

"Cluinfiḋ tú sin," ars' an madaḋ. "Duḃairt 'aċ aon ḃean aca liom,—"A ġeaṁaire ḋruim—ḋóiġte ġránna, ní ṫug mé liom agus ní ṫaḃarfaiḋ mé uaim!"

Cailleaċ na nDorn ní raiḃ aici anois aċt fuaruġaḋ ins an ċroiceann ċéadna ar ṫéiḋ sí ann, nó ċa raiḃ gar dí ġaḃáil i ndeaḃaiḋ lainne leis an triúr a d'áirdiġ leo a cuid gléasraí. Ḃí an baile socair anois go dtáinig an foġṁar. Annsin d'éiriġ aċrann úr nuaḋ. Fir na h-áite ḃain siad agus ṡáḃáil siad arḃar na gCailleaċ a's rinne cruaċ aṁáin de mar ba ġnáṫ leo ḋeánaṁ. Fá rann na cruaiċe a d'éiriġ an scannsáil. Ċuaḋṫas ċuig saoi, agus draoi, agus dall, aċt ċarḃ' ḟéidir an rud a ḃí ann a ṡocruġaḋ go dteacṫas ċuig Ó Doṁnaill é féin.

"Rannaigiḋ an ċruaċ i dturdáin ar an ċeaṫrar," arsa Ó Doṁnaill.

Rinneaḋ aṁlaiḋ, aċt caidé ḃí ann aċt turdán de ḃarraiḋeaċt.

Ċuaḋṫas ċuig Ó Doṁnaill aríst.

"Rannaigiḋ an turdán i stucaí ar an ċeaṫrar," arsa Ó Doṁnaill.

Rinneaḋ sin, aċt caidé ḃí ann aċt stuca de ḃarraiḋeaċt.

Ċuaḋṫas ċuiȝ Ó Doṁnaill arist.

"Rannaiȝiḋ an stuca i sopóȝa ar an ċeaṫrar," arsa Rí Ṫír Ċonaill.

Rinneaḋ aṁlaiḋ, aċt caiḋé ḃí ann aċt sopóȝ de ḃarraiḋeaċt.

"Is liom-sa an ṗunnann sin," arsa Píonam Pánaim.

"Ní leat, aċt is liom-sa í," arsa Cailleaċ an Ránaim.

"Ní leat, aċt is liom-sa í," arsa Píonam Putraim.

"Ní le ceaċtar aȝaiḃ í, mur' liḃ mise," arsa Cailleaċ na nDorn.

Ḃ'éiȝean a ġaḃáil ċuiȝ Ó Doṁnaill arist.

"Ranntar an tsopóȝ i sifíní," arsa Rí Ṫír' Ċonaill.

Rinneaḋ sin, aċt caiḋé ḃí ann aċt sifín de ḃarraiḋeaċt.

"Is liom-sa an sifín sin," arsa Píonam Pánaim.

"Ní leat, aċt is liom-sa é," arsa Cailleaċ an Ránaim.

"Ní leat, aċt is liom-sa é," arsa Píonam Putraim.

"Ní le ceaċtar aȝaiḃ é, mur' liḃ mise," arsa Cailleaċ na nDorn.

Ċarḃ' ḟéidir an ċárcaiġil a ṡocruġaḋ ċois baile a's ċuaḋṫas ċuiȝ Ó Doṁnaill arist.

"Rannaiȝiḋ na croiṫleoȝa ȝo coṁṫrom ar na ceiṫre cailleaċa," arsa Rí Ṫír' Ċonaill.

Rinneaḋ aṁlaiḋ, aċt caiḋé ḃí ann aċt croiṫleoȝ de ḃarraiḋeaċt.

"Is liom-sa an ċroiṫleoȝ sin," arsa Píonam Pánaim.

"Ní leat, aċt is liom-sa í," arsa Cailleaċ an Ránaim.

"Ní leat, acht is liom-sa í," arsa Pionaim Putraim.

"Ní le ceachtar agaib í mur' lib mise," arsa Cailleach na nDorn.

Chuadhas chuig Ó Domhnaill ar ais gur fágadh an cás ar a bhreithemhnas.

"An té a socróchas an chargáil caithfidh sé gabháil go baile na gcailleach," arsa Ó Domhnaill. "Ní fuil caoi orm-sa a gabháil, nó tá mé ag imtheacht go Connachta anois; acht cuirfidh mé m' abhac annseo, agus ní tuigsighe mé 'ná é."

Ío' 'ach Uilc an t-ainm a bheireadh na daoine ar abhac Uí Domhnaill agus má ba mhór a chliú níor mhaith. Nuair adeireadh Ri Tír' Conaill go raibh sé tuigseach deireadh Mac an Bháird 'á fhreagairt go raibh an tuigse i bhfad siar ann acht go dtáinig an diabhlaidheacht amach ar a chroiceann. Cibé ar bith níor mochuigeadh go raibh Ío' 'ach Uilc i mbaile na gcailleach.

"Tabairigidh dam an chroithleog sin," arsa seisean le fir an baile.

Cuireadh an dias beag bhaoideach i n-a bhois.

"Anois," ars' an t-abhac leis na cailleacha, "siubhlaigidh lib go bruach an loca seo thios."

Sios leis an iomlán aca.

Arsa Ío' 'ach Uilc, arsa seisean agus chualaidh an baile é:

"A chailleacha ceachardha gan ceannsacht atá ag gabháil 'un cearramansaidheachta ar chléir agus ar thuataí, caithfidh mise an chroithleog seo fad m'urchair amach ins an loch. Leanadh an ceachrar agaib í. Agus cibé geobas í is léithi í chom cinnte a's tá féasóg agus falaing ar Ó Domhnaill!"

Chait an t-abhac an dias beag bhaoideach amach fad a's thiocfadh leis. Agus níor luaithe chait 'ná léim

na ceithre cailleacha amach ins an uisce i gcuideachta a chéile. Toisigh an tsloparnach agus an tslaparnach agus an chrágáil agus an spágáil. Acht ca raibh áit nó clochán nó áit bhuinn le fagáil ins an loch a's bháitheadh an ceathrar.

"Tubaiste mo thoighe agus mo dhaoine go raibh leo!" arsa Ó Domhnaill nuair a chuala sé caidé tárlaidh. "Nach raibh na bailte tógtha ó lár aca?"

Agus bheirtear Loch na gCailleach ar an loch ó'n lá sin go dtí an lá indiu.

Ceiṫre ráiṫċe na bliaḋna.

Séamas Dall Ṁac Cuarta a ċum an dán bréaġ seo agus fá ṫuairim ḋá ḟiċid ceann eile diomaite de. Rugaḋ é i dtráṫaiḃ na bliaḋna 1650 agus fuair sé bás ins an ḃliaḋain 1732. Ḃí an Dall Ṁac Cuarta ar na filí a ba ċéimeaṁla agus a b'iomráiḋtiġe d'á raiḃ i n-Éirinn le trí ċéad bliaḋain agus tá giotaí d'á ċuid filiḋeaċta ṫríd Ċúigeaḋ Ulaḋ uilig. I dTuaisceart Co. Luġḃaiḋ a rugaḋ agus a tógaḋ an file seo.

I.

Tá an Foġṁar dár dtréigḃeáil, cúl feasta le féile,
A's gan againn i n-éiric aċt fearṫainn a's fuaċt.
A's an Geiṁreaḋ maol faoḃṫaiḋ ag teaċt ċugainn 'na ḋiaiḋ sin,
Is é a lomas na géaga agus ġní an raiṫneaċ ruaḋ.
Ċualaiḋ mé aréir iad agus mo ċluas leo ag éisteaċt,—
Ceiṫre ráiṫċe na bliaḋna i n-iomarḃáiġ ċruaiḋ.
Ḃí an urraim 'á h-iarraiḋ le taḃairt do'n té b'ḟéile,
A's ċar uṁluiġ aon aca an *gift* a ṫaḃairt uaiḋ.

II.

(Laḃrann an Geiṁreaḋ leis an Earraċ.)

Ars' an Geiṁreaḋ gan greann leis an Earraċ go teann :
" Is tú an seargánaċ seang a lomas gaċ aon ;
A's naċ ḃfuil traoṫ-lag nó fann ar an tsaoġal seo gan roinn,
Naċ gceasnuiġeann an ḟeall atá i gceart-lár do ċroiḋe.

Luċt múċta agus créaċta cuiriḋ an Márta 'un
na cille iad ;
Agus an t-eallaċ a ḃíos fann-lag go ḃfeannann
sé iad.
A's, a ċreaċtóir, naċ teann tú agus gan de
ṫréaṫra agat le h-innse,
Aċt an ċré a ḃíos tú a ṫionntoḋ agus ag síor-
ċur an tsíl! "

III.

(Labrann an t-Earraċ leis an Ġeimreaḋ.)

" A ċraosaire ḃréagaiġ, a ḃfuil casaḋ in d'éadan
le feannaḋ, le faoḃar, le sioc, a's le fuaċt,
Is tú a ṁasluiġeas gaċ aon niḋ d'á ḃfuil ar an
tsaoġal seo ;
Agus ar áilne na gréine go gcuirfeá droċ-
ṡnuaḋ!
Ċa n-uṁluiġim go h-éag do mur ngaisceaḋ agus
ċa n-éistim,
Is mé saoṫraiḋe an tsaoġail seo a ċuireas go
luaṫ.
Ní fuil sé faoi'n ġréin ar ḃoċt leis mo leiṫéid
féin a ṫeaċt,
A's gur i mbárraiḃ mo ġéag-sa a ġoireas an
ċuaċ."

IV

(Labrann an Saṁraḋ leis an Earraċ.)

" Má's tú ċuireas i n-am ċan tú ċóiriġeas an
plannta,
Ḃeir bláṫ ar an aḃaill nó meas ar an ċraoiḃ,
Toraḋ na talṁan a líonas an t-arḃar,
Ḃeir cnóḋanna i gcoilltiḃ nó daḋaiḋ mar ġním.

Bí deallraṁ na gréine gaċ lá in m'éadan,
An lile, agus an saṁarcán, agus an rós in mo ġruaiḋ.
A's gur i mbárraiḃ mo ġéag-sa a bíos árus ag éanlaiṫ,
Agus le mo linn a ṫig féar agus bainne ċuig na buaiḃ!"

V.

(Labrann an t-Earraċ leis an tSaṁraḋ.)

"Naċ iomarcaċ stráiceaṁail ṫú as an bláṫ sin
A ṡearġas gan spás agus a imṫiġeas le gaoiṫ.
A's dá mbíoḋ ocras ar ċáċ ba beag é de ṡásaṁ
Paṁsae de'n bláṫ sin a ċur ċuca i n-áit biḋ.
Do ṡoláṫar le ráiṫċe ní beaṫóċaḋ sé páiste
Mur' n-íosaḋ sé crág de bíolar ó'n díg.
A's a ċoiḋċe feasta ná tráċt-sa ar urraim a faġáil,
Agus feicí na sráide go bfáġann tú daor!"

VI.

(Labrann an Foġṁar).

"Molaim do gaċ aon agaiḃ umluġaḋ daṁ féin.
Is é mo ṡeal-sa is féile agus is fearaṁla gníoṁ.
Is mé apuiġeas gaċ aon rud d'á dtig ṫríd na réagúin,
A ḃaineas 'na ḋiaiḋ sin a's a ċruinniġeas go mín.
Ar an beaṫa go léir is agam atá an réimeas
Le sáḃáil do ċreaṫóir nó a leiġean le gaoiṫ.
Is mé ocróir an tsaoġail seo a's in mo ċiste atá an saiḋḃreas;
Urraim ní ḟéadaim-se a ṫaḃairt anois do aon!"

VII.

(Labrann an File.)

Tá an t-Earrac ag saoṫrugaḋ a's ag síor-ċur an tsíl,
Agus síleann sé féin gur ab aige atá an buaiḋ.
An Samraḋ mar an gcéadna ag cóiriugaḋ a's ag líonaḋ,
Agus an Foġmar go faoḃrac ag leagan le luas.
Tá an Geimreaḋ lom craosac ag scabaḋ a's ag scaoileaḋ,
A's gur ó ċeart-lár a ċroiḋe a ṫig ċugainn an fuaċt.
Siúd ceist ar gaċ aon d'á gcualaiḋ mo scéal-sa
Ceatrar i mbruiġin a's cia aca ṫug buaiḋ?

———

An bás agus an cláirineać.

File darb' ainm Séamas Ó Teiblin a ċum an dán seo i dtráṫaib na bliaḋna 1840. Feirmeoir beag a bí i Séamas agus bí sé 'na ċoṁnaiḋe i n-aice Ċeanannais i gCo. na Miḋe. Deir an Muirġeasać gur bris an file a ċos agus gur ḟág sin 'na ċláirineać é go cionn fada go leor. Nuair a bisiġ sé ins an deireaḋ ċum sé an dán seo agus ḋearbuiġ go dtáinig an bás fá na ċoinne cinnte go leor, aċt gur éiriġ leis-sean an gadaiḋe gránna a ċur ar śiubal le plásaiḋeaċt.

I.

Tráṫnóna liom féin ṫáinig an bás fá mo ḋéin,
A's nuair a ċonnaic mé a éadan 'sé ċreaṫnuiġ mé.
Bí a ċnáṁa go léir ar a gcorr a's iad géar ;
A's ċuir sé fuil in m'éadan má's tanaiḋe mé.
Bí a ḟiacla mar spící, gan puisín go fíor,
Bí a leicne agus a smaois éagsaṁalta.
Nuair a d'aṁarc sé aniar ḋruid mise uaiḋ siar,
A's annsin rinne sé gáire sár-aiḋbéalta.

II.

Ṫáinig glór as a ċliaḃ mar anfaḋ ar śliaḃ,
Agus bí cuḃar le n-a fiaclaiḃ meirgeać'.
Duḃairt sé le mo ḃéal : " An Gall ṫú nó Gaeḋeal,
Mahomatać, Hindiú, nó eiriceać?

Nó ar ġlac tú leis an dream sin ṡean-liútair
ċaim,
A fuair coġar faoi ċoim ó'n ainspiorad?
Is mór m'eagla go fíor go ḃfuil tú, faraor,
Leis na cianta fá ṡnaiḋm ag an tsean-
spiorad!"

III.

(Labrann an Cláiríneaċ.)

"Is cláiríneaċ mé atá i ndeireaḋ mo lae,
Agus ḃí mé seal aeraċ earráideaċ.
Aid'iġim do'n tsaoġal go raiḃ mé gan ċéill,
Agus tá 'ḟios ag Mac Dé gur ṗeacuiġ mé.
Aċt an creideaṁ a ṡeol Críost tá sé agam mar
ḃí sé;
Níor meallaḋ le Bíoblaí galla mé.
Leaḃar Ċalḃin na mbréag ċa ċreidim go h-éag
Go síntear i gcréafóig an talaiṁ mé.

IV.

"Anois, a ḃáis ḃuirb ċaoil, sin mar ċaiṫ mé
mo ṡaoġal,
Agus b'ḟeárr duit suiḋe síos go gcaiṫiḋ
mé
Tarraingt nó ḋó as mo ṗíopa le sóġ;
Agus innis má's féidir cá raċaiḋ mé.
Ná h-abair níos mó aċt fág uait an boġa,
Agus ná laḃair ċoṁ fiata fearġaċ.
Má imṫiġim-se féin ná bímist i mbruiġin,
Aċt seo ḋuit mo ṗíopa a's dearg é!"

V.

(Labrann an Bás.)

"Maise, deánfaid mé foiġde, óir is deas
liom do ṗléideáil,
Agus glacfaid mé traet, rud a b'annaṁ
liom.
Agus caiṫfid mé toit le duine gan loċt
A labras ċoṁ h-aerać greannṁar liom.
Tá mé i bfad ar an tsaoġal ag cur cailleać
i scaoll;
Is tú an ċéad duine 'riaṁ a ṫug cuiread
daṁ!
A ċláiríniġ ċléib, suid síos le mo ṫaob,
Ġeobaid tú fad ar do réim a's ċa ċor-
ruiġim ṫú!"

Cuid de éanaċaiḃ na h-éireann.

I.

Dálta na sean-ċiniḋeaċ uiliȝ ḃí ȝráḋ mór aȝ na sean-ȝaeḋil ar na cluiṁreaċáin ḃeaȝa a 'tċíoḋ siad aȝ eiteallaiȝ ós a ȝcionn ins an spéir. Ḃeir na filí cruṫuȝaḋ maiṫ dúinn ar sin. Ar an lon a ḃí mian ċroiḋe Ḟinn aȝus Oisín, ṫeann Colm Cille faoileoȝ na h-Éireann le n-a ċliaḃlaċ, aȝus ċaoin an Dall Ṁac Cuarta nuair nárḃ' ḟéidir leis an ċuaċ a ḟeiceáil. Anois ó ṫárlaiḋ sin mar sin, ní ḟuil doċar tamall a ċaiṫeaṁ aȝ tráċt ar na h-éanaċa aeir is coitċeannta i n-ar dtír.

An Spídeoȝ. Is beaȝ duine naċ ḃfuil eolas aiȝe ar an éan ḃeaȝ seo aȝus ar a ḃrollaċ ḃeaȝ ḋearȝ. Ní éan siuḃail atá ann, nó coṁnuiȝeann sé ins an tír i riṫ na bliaḋna, aȝus bíonn sé aȝ ȝaḃáil ċeoil nó aȝ bíȝearnaiȝ i lár an ȝeiṁriḋ. I ndeireaḋ an Ṁárta a ȝní an spídeoȝ an nead aȝus ȝní sí í i ȝclaiḋe, i bpoll, nó i n-áit eiȝinteaċt i mbíonn éiḋeann aȝ fás. Fá ṫuairim leaṫ-duisín uiḃeaċ a ḃeireas an ċearc, iad uiliȝ bán aȝus dearȝ-ḃallaċ. Ḋá éilín a leiȝeas an spídeoȝ amaċ ins an tséasúr. Tiȝ an t-éan seo i dtír ar ċnuṁóȝa, ar ċuileoȝa aȝus ar ċaora. Ní ḟuil áird aȝ luċt ȝarrḋantaċ ar an spídeoiȝ, nó deir siad ȝo ndeán sí creaċ ar ṫoraḋ, ȝo speisialta ar ṡuḃ talṁan.

Ȝo minic roiṁe seo ȝníṫí peata de'n spídeoiȝ. Ḃí sean-ḃean ar an ḃaile s'aȝainne a's ṫiȝeaḋ an t-éan asteaċ 'un an toiȝe ċuici ȝo n-iṫeaḋ sí na ȝraṁróȝa d'á bois. D'innseaḋ na sean-daoine

uilig caidé mar fuair an spideog an brollach beag dearg. Nuair a bí ar Slánuigteoir ar crann na croiche táinig an t-éan seo a's tug iarraid na spionta a tarraingt as clár A Éadain. Sáruig air, act bí a brollach dearg ní ba mó.

An Fáinleog. Éan fad-rioballach dub-druimeach atá ins an fáinleoig, agus í bán a íochtar. Ní fuil dálta na spideoige uirthi nó éan siubail atá innti: is ionann sin agus a ráid go bfágann sí Éire i ndeireadh an fogmair, go mbaineann sí na tiorta teo amach, a's nach dtig sí ar ais annseo go raib an t-Aibreán ann. Ní luaithe ar ais í nó téigid sí a déanamh nide. De clábar a gníthear an nead agus má's féidir leis an fáinleoig é déanfaid sí í astig i scioból. 'Téifid tú ar an nid sin cúig nó sé 'ceannaib de uibeacha bána donn-ballacha. Leigid an ceard amach dá éilin an bliadain céadna. Tá ceol deas aigeantach ag an éan seo agus gní sé eiteallach an-gasta agus luaimneach. Ar cuileoga is mó a tig an fáinleog i dtír agus leanaid sí eallach mar maithe leis na féileacáin beaga a bíos ag déanamh scíste ar a ndruim. Rud iongantach go leor, tig an fáinleog ar ais cuig an nid céadna gach bliadain.

An Feadóg. Can fuil moill ar bit an t-éan seo a aithne. Tá an druim glas, tá an sceadamán agus an brollach dub, an t-íochtar bán, agus tá curc cleiteach nó cluimrige ar cúl an cinn. Agus an glór—cia h-é sin nach gcualaid an glór? "Pi-but!" deir an feadóg má tig tú uirthi go tobann agus sin an t-ainm a beir lucht an Béarla uirthi go minic. Scaoth feadóg ag gabáil trasna na spéire gní siad eiteallach an-iogach agus an-chorrach ar fad. Bainid an feadóg fúithi ins an tír i rith

na bliadna, gní sí an neat i dtús an Aibreáin, agus beiriú sí ceithre cinn de uibeacha ballacha.

Ní ceart do luchd sealga nó do dhuine ar bith eile an t-éan seo a mharbhadh. Cad chuige? Tá, maise, is é an t-éan seo an chara is fearr d'á bhfuil ag an fheirmeoir agus ag an gharrdadóir, nó itheann sé suas na péisteoga a mhilleas an bárr. Tá cnumhóg amháin a dtugthar an chaoch ruadh uirthi, agus acht go bé an feadóg bhocht chróganta chreachfadh an chaoch ruadh glasraidh agus grán an domhain mhóir. Mar sin de, a ghasraí agus a gheirrseacha, fágaigidh aithne agus eolas ar an feadóig agus cosnaigidh í féin agus a neat beag.

An Naoscán. Cuid de na naoscáin comhnuigeann siad ins an tír, tuilleadh aca gní siad rud atá aistidheach i gceart, .i., tig siad a chuartaidheacht chugainn i mbéal geimhridh agus imtigeann siad ar ais i mbéal samhraidh. Mur' bhfuil eolas agat ar an éan seo ní díoghbáil nach bhfeiceann tú é minic go leor ; nó dá mhéad a mharbhthar aca ní féidir a ngannughadh. Tá an naoscán fá thuairim dheich n-órdlaigh ar fad, é odhar-dhruimeach, bán a íochtar agus gearr-ghob air. Geobaidh tú an neat i gcomnaidhe ins an chib amuigh ar an chaorán agus 'tchífidh tú annsin ceithre h-uibe odhar-dhonna. Dá éilín a leigthear amach ins an tséasúr. Ar na cnuic agus fá sheascáin a chaitheas an naoscán an mhór-chuid d'á am.

Éan eile atá an-chosmhail leis an naoscán, agus gaol eatortha, creidim, an mionnán aeir. Tá eolas ag lucht na gcnoc uilig ar an mhionnán aeir. Cleitire beag bocht scoitte uaigneach atá ann, a's gan áird ar bith aige ar chuideachta. Cluin tú a glór nó a grág fá na caoráin agus na portaig i dtráth'

ċlap-ṡolais. Agus sin féin an glór a ċuirfeaḋ uaigneas ort ḋá mba i ndán a's go mbéiṫeá ins an ġarrḋa le h-Áḋaṁ agus Éaḃa.

An Traona. Éan siuḃail atá ann. Caiṫeann sé an geiṁreaḋ agus cuid ṁór de'n earraċ ins na tíorṫa teo agus ní ṫig sé annseo go raiḃ an Ḃealtaine agus méiṫ na h-uaire ann. Tá druim an traona oḋar-ḃuiḋe agus tá stríocanna liaṫ-ḋonna ar na h-eiteoga. Ins an ṁíodún go díreaċ ar an talaṁ ċoṁṫrom a ġní an t-éan an nead agus 'tċí tú ar an nid sin níos mó 'ná duisín uiḃeaċ. Leigiḋ an ċearc amaċ ḋá ál ins an tséasúr. Ar ṗéisteoga agus ar ṗór féir a ṫig an traona i dtír. Ní maiṫ leis an éan seo a ḃeiṫ ag eiteallaiġ aċt tá rása as cuimse aige. Dálta an ṁionnáin aeir tá áird ṁór ag an traona ar an uaigneas. Nuair a ṫigṫear ar an éan seo i dtobainne a's gan caoi nó bealaċ aige teiċeaḋ leigiḋ sé air féin go ḃfuil sé marḃ.

Má's maiṫ le duine é féin a ḟolcaḋ caiṫfiḋ sé uisce glan a ḟaġáil. Tá éanaċa ann a niġeas iad féin i ndusta : ceann de na h-éanaċa sin an traona.

An Gealḃán. Éan beag naċ ḃfágann Éire atá ins an ġealḃán. Tá an druim agus na h-eiteoga donn, an gob duḃ, agus an ċuid eile de'n éan liaṫ-ḃuiḋe. Ġní an gealḃán an nead i mbun-tsop toiġe, i gcarraig, nó i gcrann ; agus go minic goidiḋ sé neadraċa éanaċ eile. Fá ṫuairim sé h-uiḃe, daṫ bán-ġorm orṫa, a ġeiḃṫear ar an nid ; agus leigṫear amaċ ḋá ál. Cuidiġeann an coileaċ leis an ċirc an nead a ḋeánaṁ, biaḋ a ṡeiftiuġaḋ, agus a gcuid a ṫaḃairt do na scolamáin. Tig an gealḃán i dtír ar ḃaċlóga, ar ḋuḃáin allaiḋ, ar ċaora, agus ar

ġrán. Cluin tú ceol beag anbfann an éin seo i rit na bliadna.

An Ċuaċ. Mur' bfeicid tú í cluin tú í a's tá go leor annsin. Tá eolas ag gaċ uile duine ar an éan siubail beag-ġobaċ liaṫ-ġorm seo a ṫig ċugainn leis an Dealtaine agus a imṫiġeas uainn leis an Féil' Eoin. Tá sí fallsa nó ní ṫeán sí nead ar bit di féin, aċt beireann sí a cuid uibeaċ i neadraċa éanaċ eile. Uibeaċa na cuaiċe tá siad an-deas: cuid aca bán-ġorm, cuid odar-liaṫ, cuid donn-buide, a's tuilleaḋ aca seort pinc. Ar nid leis an ġealḃán nó leis an bruaċalán nó leis an riaḃóiġ is minice a ġeib tú uibeaċa na cuaiċe. Aċt ní bionn na cuaiċíní ósa ar dóiġ ar bit buideaċ ar son an fáruis a fuair siad sul a dtáiniġ siad as na blaoscaċa. Tógann siad leis an ċirc—an ṁáṫair altroma—a leiġ amaċ iad, aċt caiṫeann siad amaċ as an nid ar fad na scolamáin beaga eile naċ d'á bpór féin. Agus ġní siad an dí-ġealḃuġaḋ sin le ċoṁ beag de daonnaċt nó de ṫróċaire a's deánfaḋ báilliḋe tiġearna talaiṁ é. Annsin tá an nead aca dóiḃċe féin. Ní fuil an ċuaċ do-ṡásta de ṫairḃe bid, nó iṫeann sí péisti capaill, dubáin allaid, cnuṁóga agus doird. Gaċ am a n-abrann an t-éan seo "cúcú!" cromann sí a ceann agus spréideann sí amaċ a rioball. Má's féidir é ar ċor ar bit tarraingeann an ċuaċ ar an ċeanntar ċéadna gaċ bliadain. Bionn an riaḃóg i gcoṁnaide i ndiaid na cuaiċe ó ċrann go crann.

An Dreolán. Tá an t-éan seo an-beag agus mionnda a's tá dat odar-buide air. Coṁnuiġ-ṫeoir atá ann agus ġní sé an nead i gcrann nó i bpoll i ndeireaḋ an Aibreáin. Beiriḋ an ċearc

suas le duisín de uibeaca bána dearg-ballaca a's leigid sí amac dá éilín ins an bliadain. Tá an coileac tábactac i gceart : ionnas go mbéad fairsingeac aca uilig gní sé tuillead neadrac, a's le n-a cois sin beir sé biad do na scolamáin. Ní cuireann an t-éan seo dúil ins an mhíneacht, nó ní fearr leis measrad crann agus pór féir 'ná feactaidí beaga salaca a geib sé i gclábar agus i gcréafóig. Bíonn an dreolán ag gabáil ceoil, maic olc an aimsear, i ric na bliadna. Agus is ag an éan beag céadna a bíos an ceol géar árd. Beirtear fá dear' go minic go gcaiteann an dreolán saogal mío-shuaimneac luascánac, nó ní luaite ar tor amáin é 'ná ar tor eile. Deir na daoine go bfuil an t-éan seo uasal. Ba córa dóibhe a rád go bfuil sé goilleamnac, nó má beir sé fá dear' gur bainead do'n nid tréigfid sé í ar an bomaite agus ní pillfid sé uirci níos mó.

An draoidín beag bocht nac bfuil ag deánam dócair do rud ar bit faoi'n gréin gil nac mór an náire do gasraí a beit ag toraidheacht air le n-a marbad! An gnás mío-gaedealac seo ba cóir a cur síos leis an tslait.

Mairgneać Nualann ní Néill fá Ċonndae Ḋúin na nGall i n-aimsir Ṡéamais I.

Ġeoḃṫar iomlán an dáin seo ins an leaḃar ḃréaġ sin "Ḋá Ċéad de Ċeoltaiḃ Ulaḋ." Deir eagarṫóir an leaḃair sin gur bain-ḟile darḃ' ainm Gormḟlaiṫ Ní Ḟloinn a ċum an dán agus gur ḋeirḃṡiúr de Aoḋ Ṁór Ó Néill an Nuala seo a raiḃ oiread gráḋa aici ar Ṫír Ċonaill.

Ċlumfeá corr-ċeaṫraṁa de'n laoiḋ seo ag na sean-daoine i nḊún na nGall go dtí an lá indiu.

I.

Is aoiḃinn aoiḃinn Tír Aoḋa na n-eaċ ;
Is aoiḃinn a blaḋ agus a conáċ.
Ní h-aoiḃne liom 'ná ó sin amaċ
Ó Ḋruim Ṫuama go Muirḃeaċ.

II.

Ġeoḃaiḋ tú mar ḃiaḋ ar do ṁéis
Inḃear éisc as cuan na nGall.
Taoḃ Ḃaile Aiḋeann le gréin,
A's mainistir ġléġeal Ḋúin na nGall.

III.

Is aoiḃinn aoiḃinn Inis Ṁic Naois,
Is trom a braon agus is milis a bláṫ ;
Is seang an searraċ, is binn an ċuaċ,
Agus bric ḃallaċ le n-a bruaċ ag snáṁ.

IV.

I nDún na nGall tá roǵa na seod,
Baile Uí Dom̀naill agus Lios na Ríoǵ.
Beir mo beannaċt-sa fá dó
Go beárnas Mór Ṫíre Aoda.

V.

Is aoibinn féar agus torṫa ag fás ;
Is aoibinn bláṫ agus barra crann ;
Is geal grian agus is trom driúċt ;
Agus is aoibinn anois ṫú, a Dúin na nGall.

VI.

Is aoibinn aoibinn am̀arc na n-Árd,
Dá ṫaob bréaǵṫa áilne Finne ;
Ó Bárr na gCruaċ amaċ go Guaire,
Agus ó ṫaob M̀aoil Ruaide ar fad go
Beinnín.

VII.

Is aoibinn aoibinn leitir M̀ic an Báird ;
Oileán sám̀ Inse Caoil ;
Cill Túrais na ndum̀ċann bán,
A's sruṫ na tráǵa le n-a ṫaob.

VIII.

Siúd an bealaċ a ngabainn leobṫa
Go Baoiǵeallaċ an tsóǵa a's an áiǵ.
Is ann a ṗronnad maiṫe seoda
Ar ċuraid a's ar leom̀ain Ċríċ Fáil.

IX.

Is mise an t-iasc ó tuinn go tuinn!
Is mé an long ar stiallaḋ a seol!
Is mé an ḃaill ar ḟeoḡ a bláṫ!
Agus d'aiṁḋeoin anróiḡ tá mé beo!

X.

Is mé Nuala inḡean Ui Néill
A ḃí i gcéim d'aiṁḋeoin Gall.
Mar ḡuṫ loin i dtom leis féin
Táim anois i gcéin agus mo ċeileaḃar mall!

Cuid de éanaċaiḃ na h-éireann.

II.

An Riaḃóg. Seo an t-éan beag a ḃíos i ndiaiḋ na cuaiċe i dtólaṁ. Ar an áḋḃar sin ḃeirtear giolla na cuaiċe uirṫi go minic. Tá druim na riaḃóige donn agus an ċuid eile dí buiḋe-ḃallaċ. Coṁnuiġṫeoir atá innti. Ġní sí an nead i ndeireaḋ an Aibreáin i ḃfraoċ nó i ḃféar, beirid sí suas le leaṫ-duisín de uiḃeaċa beaga bric-liaṫa, agus ċoṁ dóiġe le n-a aṫruġaḋ leigiḋ sí amaċ ḋá éilín ins an tséasúr. I ngnoiṫe biḋ tá sí so-ṡásta nó ní iarrann sí dadaiḋ níos feárr 'ná péistí cáil agus caiteoga. Tá coisiḋeaċt agus rása ag an éan seo, aċt tá sí an-ḟaitċeaċ agus furast a scannruġaḋ. Éiriġeann sé i n-áirde ins an spéir agus tig sí anuas ar ais go tobann. Tá ceol beag deas aici, aċt naċ ḃfuil buille árd nó íseal ann.

An Lon Duḃ. An t-éan duḃ a ḃeir na h-Ultaiġ ar an lon duḃ. Tá eolas ag gaċ uile ḋuine ar ċuma agus ar ḟeagraiḋeaċt an éin seo. Coṁnuiġṫeoir atá ann. Ins an Ṁárta ġní sé an nead i gcrann nó i ḃfál agus ġeoḃaiḋ tú ar an nid sin ceaṫair nó cúig de ċeannaiḃ de uiḃeaċa dearg-ḃallaċa. Cuidiġeann an coileaċ leis an ċirc an nead a ḋeánaṁ agus a gcuid a ṫaḃairt do scolamáin na dtrí n-éilín. Tig an t-éan seo i dtír ar ċnuṁóga agus ar ṡeilidí, aċt ġní sé creaċ ḃoċt i n-amanna ar ṫoraḋ garrḋa. Is beag an t-iongnaḋ gan áird a ḃeiṫ ag an ġarrḋadóir air. Tá ceol deas ag an lon duḃ agus cluin tú an ceol sin go luaṫ agus go mall ó'n Ḟéil' Briġde go dtí an Ṁí Ḃuiḋe.

An Ḟuiseog. Cé go siuḃlann an t-éan seo le h-aṫruġaḋ séasúir bainiḋ sí fúiṫi i n-áit eiġinteaċt

i n-Éirinn i rit na bliadna. Ní fuil ins an fuiseoig act éan beag. Tá an druim agus na h-eiteoga odar-donn a's an brollac breac-buide. Gní sí an nead ins an Aibreán. Agus ní feárr léiti áit 'á mbéid an nead 'ná go díreac i log ar an talam comtrom. Cuidigeann an coileac leis an circ ádbar na nide a cruinniugad agus biad a soláchar do na geárrcaig. 'Téifid tú ar nid na fuiseoige eadar ceithe cinn agus leat-duisín de uibeaca beaga breaca. Dá ál a leigtear amac ins an bliadain. Iteann an t-éan seo dubáin allaid agus péisteoga, dúilleoga, glasraid agus pór féir. Cluintear ceol na fuiseoig an mór-cuid de'n bliadain, agus sin an ceol atá árd aigeantac. 'Téifid tú an t-éan ag éirge ó'n talam, ag gabáil suas díreac go raib sí glan as amarc ins an spéir, agus ag pillead anuas an bealac céadna ; agus í ag gabáil ceoil i rit an ama. Act cé go bfuil sí mait ag eiteallaig itid sí agus gní sí a parad ar an talam comtrom.

Is minic a beirtear fá dear' an fuiseog 'á h-ionfairt féin ins an dusta dálta an traona. Dá mbiod cainnt ag na h-éanaca seo is dóige go dtadarfad siad folcad ar an béas sin.

An Truideog. Ca dteacaid an t-éan seo 'un an-méid. Dat dub-glas atá uirti, act tá corr-cleite buide i n-a cuid eiteog. Siúd a's go gcomnuigeann sí ins an tír i dtólam tá truideoga ann a gní imirce samraid ó tuaid agus imirce geimrid ó deas. I dtús an Aibreáin a gní an truideog an nead, beirid sí fá tuairim leat-duisín uibeac bán-gorm, a's leigid sí amac éilín amáin ar laigead ins an tséasúr. Deir an coileac cuidiugad mór do'n circ i n-a cuid oibre. Siúd

a's go n-iṫeann an truideog cnuṁóga, péisteoga a's gaċ uile ṡeort miodamais, tá áird aici ar an ṁinineaċt fosta. Tá 'ṡlioċt ar an ḟear a ḃfuil cruiṫneaċt, uḃlaí, a's seriḋeanna ag fás aige; ní h-í a ḃeannaċt a ḃeir sé do'n truideoig ċóir. Ceol an éin seo is é is iongantaiġe d'á gcualaṫas ariaṁ ar ṫalaṁ nó ar ṫráiġ. Nó ní ceol atá ann aċt casaċtaċ, feadalaċ, cursánaċt, glogarnaċ a's pusfaiġil,—iad uilig ṫríd a ċéile. Ḃíonn callán agus gleo ag na truideoga i gcoṁnaiḋe. Ḃeirtear fá dear' go minic naċ feárr leis na h-éanaċa seo aon áit d'á mbíonn siad 'ná 'na suiḋe ar ṡimléirí, agus ins an ḟoġṁar go gcuireann siad cuideaċta ar ṗréaċáin agus ar ḟeadóga.

An Smaolaċ. Éan deas donn agus brollaċ ballaċ air. Coṁnuiġeann an smaolaċ ins na tíorṫa seo i riṫ na bliaḋna, aċt ġní sí imirce ó ṫuaiḋ nó ó ḋeas do réir an tséasúir. Ġní sí an nead go h-an-luaṫ ins an earraċ agus is maiṫ léiṫi baint fúiṫi coṁgaraċ do ṫoiġṫe na ndaoine. Ar nid na smaolaiġe 'tċífiḋ tú ceiṫre h-uiḃe áilne gorma. Ḋá ál a ḃíos ann ins an tséasúr. Is maiṫ an cúl báire an coileaċ, nó ḃeir sé an-ċuidiuġaḋ do'n ċirc i n-a cuid oibre. Tig an t-éan seo i dtír ar ṡeilidí, ar ċnuṁóga, ar ṫoraḋ, agus ar ċaora. Ḃa doṡásta an té naċ dtaitneoċaḋ ceol na smaolaiġe leis.

An Crotaċ. Is cuma cia aca tógaḋ ṫú coṁgaraċ do'n ḟairrge nó nár tógaḋ ċonnaic tú an crotaċ nó ċualaiḋ tú iomráḋ air. Ḃeir cuid de na daoine an crotaċ mara air. Éan an-ṁór donn-ḃallaċ atá ann, é gobaċ i gceart, agus deánaṁ corráin ċoṁair a ḃeiṫ ar an ġob. Coṁnuiġṫeoir atá ann, aċt ġní sé imirce ó ṫuaiḋ agus ó ḋeas do réir an tséasúir.

Bainiḋ cuid de na crotaiġ fúṫa fá n-a cnuic ; is feárr le tuilleaḋ aca na cladaiġ. I luaċair nó i log ar an talaṁ lom a ġeoḃas tú nead an éin seo i gcoṁnaiḋe. Ġníṫear an nead ins an Aibreán. Fá ṫuairim ceiṫre cinn de uiḃeaċa ballaċa a ḃeirtear agus leigṫear amaċ ḋá ál ins an tséasúr. Cuidiġeann an coileaċ leis an ċirc, agus le n-a ċois sin cosnann sé an nead go cróda. Tig an t-éan seo i dtír ar ċaora, ar ċnuṁóga agus ar ainṁiḋṫe beaga na tráġa. Aċt ní ḟuil sé do-ṡásta, nó slogaiḋ sé gainiṁ agus min-ġrean. Aiṫneoċaiḋ duine ar biṫ glór an ċrotaiġ. Is é an t-éan é is coiṁeádaiġe amuiġ, agus ḃeir sé scéala do éanaċa eile má 'tċí sé an ċontaḃairt ag teaċt. Scaoṫ crotaċ ins an spéir tá siad cosṁail le V.

An Ċorr Ṁónaḋ. Tá sí an-ṁór ar fad. Is dóiġe go ḃfuil sé h-órdlaiġ déag agus fiċe ó ḃárr a guiḃ go bárr a riobaill. Tá an muineál bán, tá an druim agus na h-eiteoga liaṫ nó bric-liaṫ, a's tá an gob fada, láidir agus géar. Ġní an t-éan seo an nead i mbárr crainn áird ins na Faoilliḋ. Amaċ agus asteaċ fá ċeiṫre h-uiḃe, iad bán-ġorm, a ḃeirtear agus leigṫear amaċ aon éilín aṁáin agus corr-ḃliaḋain ḋá éilín. Garḃ-ġlór atá ag an ċorr ṁónaḋ agus gan binneas ar biṫ ann. Dálta na Sasanaċ is mó an áird atá ag an éan seo ar ḟeoil ná ar cineál ar biṫ eile biḋ, nó alpaiḋ sí suas luċóga, eadar mór agus beag, earca sléiḃe, min-éanaċa uisce, daola, agus froganna. Aċt cuiriḋ sí dúil i n-iasc fosta, agus 'tċífiḋ tú í go minic ag sáṫaḋ a guib ḟada síos i n-uisce aḃann agus ag taḃairt aníos breac nó gilidín.

Roiṁe seo ġníoḋ na daoine caileantraḋt fá'n aimsir as an éan seo agus an fuiseoiġ.

An Faoileoġ. Tá eolas aġ an tsaoġal ṁór ar an faoileoiġ. Ceann bán, muineál bán, brollaḋ bán, druim bán-liaṫ a's ġob ór-buiḋe—sin an t-éan bréaġ mór ar a bfuilmiḋ aġ cainnt. Comhnuiġteoir atá innt, aċt siúd a's naċ bfágann sí an tír fanaiḋ sí an ṁór-ċuid de'n am ar aṁarc na fairrge. Ġní sí an neaḋ i ndeireaḋ an Aibreáin fá na farraġáin agus na beanntraċa. Trí h-uiḋe donn-buiḋe a beirtear aċt ní leiġtear amaċ ins an tséasúr aċt aon éilín aṁáin. Suiḋiḋ an coileaċ ar na h-uibeaċa ar a ṡeal a's cosnann sé an neaḋ. Craosaire mór-ġoileaċ salaċ atá ins an faoileoiġ, nó iṫiḋ sí luċóga, éanaċa eile, péisteoga, iasc, partáin, báirniġ, le cois ġaċ uile ċineál ġramscair a ṫiġ i n-a bealaċ.

Ní fuil áiro aġ luċt na tíre ar na faoileoga. Deir siad ġur coṁarṫa doininne iad.

An Míoġaḋán Breac. Ceann, muineál agus druim dub-ġorm, eiteoġa bán-ġorma, ball bán ar an dá ṫaob, riball fada—sin an míoġaḋán breac nó an snaġ breac mar deirtear i ġcorr-áit. Bainiḋ an t-éan seo faoi ins na h-oileáin seo. Ġní an míoġaḋán an neaḋ i mbárr crainn i mí an Aibreáin. Fá ṫuairim leaṫ-duisín uibeaċ liaṫ-ġorm a bíos ar an nid, aċt ní leiġtear amaċ ins an tséasúr aċt aon ál aṁáin. Ċan fallsóir atá ins an ċoileaċ ; beir sé cabair do'n ċirc i n-a cuid oibre. Ar luċóga, féileacáin, péisteoga a's éanaċa beaġa eile is mó a ṫiġ an míoġaḋán breac i dtír. Níorḃ' féidir a ráḋ go bfuil ceol aġ an éan seo : seort feadalaiġe a bíos aiġe ins an earraċ agus sceaṫ-aireaċt nó ġeabaireaċt an ċuid eile de'n bliaḋain.

Is maiṫ leis an ṁíoḡaḋán a ḃeiṫ aḡ eiteallaiḡ coṁḡaraċ do'n talaṁ ; tá coisiḋeaċt aḡus rása aiḡe fosta. Éan ḡlic coiṁeádaċ dearcasaċ atá ann, nó ḃeir sé iarraiḋ ḃeaḡ biaḋ a ċur ṫart do'n ċois tinn.

Deir bunaḋ na ḡcnoc ḡo ḃfuil an míoḡaḋán breac uasal aḡus tá sé crosta ar ḡasraí baint do'n éan nó do'n nid.

An Seaḃac. Éan ḡearr-ṁór atá ins an tseaḃac. Bainiḋ sé faoi ins an tír aċt ḡní sé imirce ḡiota ó ḋeas ins an ḡeiṁreaḋ. 'Tċífiḋ tú an t-éan seo aḡ deánaṁ a nide i ḡcorp crainn i ndeireaḋ an Aibreáin, aḡus amaċ annseo ar ais ḃéarfaiḋ tú fá dear' cúiḡ nó sé 'ċeannaiḃ de uiḃeaċa duḃḋonna ar an nid sin. Ál aṁáin a ṫiḡ amaċ ins an tséasúr. Iṫiḋ an seaḃac éanaċa beaḡa, luċóḡa aḡus loscainn. Níor ḋuḃairt duine ar biṫ ariaṁ ḡo raiḃ ceol aḡ an éan seo. "Cic, cic, cic!" deir sé aḡus é ṫuas ins an spéir.

Is iomḋa bean toiḡe a ḃeir a mallaċt do'n tseaḃac, nó ḡeiḃ an sladaiḋe dolba seo de ċroiḋe a ṫeaċt aḡus éireoḡa aḡus éanaċa ḡé a áirdiuḡaḋ leis ó'n doras.

An Eala. Ḃíoḋ na h-ealaiḋeaċa an-ċoitċeannta roiṁe seo ; tá siad ḡearr-ḡann anois. Ḃ'féidir ḡo ḃfeicfeá iad uair aṁáin ins an ḃliaḋain ar loċ sléiḃe. Tá an eala uiliḡ ḡeal bán, ḡob donn uirṫi, a's í mór láidir. Bainiḋ sí fúiṫi ins an tír aḡus ḡní sí an nead ins an Aibreán amuiḡ ar an uaiḡneas. Naoi n-uiḃe ḡlas-ḃána a ḃeireas sí, aċt ní leiḡeann sí amaċ aċt aon éilín aṁáin ins an ḃliaḋain. Ḃeir an coileaċ cuidiuḡaḋ do'n ċirc an nead a ḋeánaṁ aḡus coṫuiḡeann sé na scolamáin. Ceol íseal binn atá aḡ an éan seo. Ar luiḃeanna uisce aḡus

ar féileacáin a t̓ig an ġéis i dtír. Deir na Gaeḋil gur mío-áḋaṁail an rud eala a ṁarḃaḋ.

Sílid cuid de na daoine go ḃfuil an t-éan deas bán seo ceannsa caoiḋeaṁail—gur cineál de uan atá innti ar fás cluiṁreać uirt̓i i n-áit olna. Ać̓t is mór atá na daoine sin ar seaćrán. Ní fuil aon éan ins an spéir ćoṁ colgać fíoćṁar leis an eala. Má ćuirtear go dtí í ar ḋóiġ ar bit̓ cuirfid sí troid ar ḋuine nó ar ṁadaḋ.

An ġleoiseać liat̓. Tá an t-éan seo beag mionnda. An druim tá sé donn, tá an brollać bric-liat̓, agus tá ball beag dearg-ḃuiḋe faoi'n sceadamán agus ceann eile eadar an dá ṡúil. Coṁnuiġt̓eoir atá ins an éan seo, ać̓t ġní sí imirce ó t̓uaiḋ agus ó ḋeas do réir na séasúr. I n-ait-eannaiġ is mait̓ leis an ġleoisiġ léit̓ an nead ḃeag a ḋeánaṁ agus ġní sí an nead sin i ndeireaḋ an Aibreáin. Cúig nó sé h-uiḃe a ḃeirtear, ać̓t leigt̓ear amać ḋá éilín. An cineál biḋ a t̓aitneas leis an éan seo baćlóga, toraḋ, caora, agus féile-acáin. Cluin tú an ceol ins an earrać agus sin féin an ceol beag binn éadtrom.

Tá an t-éan seo an-ṁío-ṡuaiṁneać agus cait̓eann sí mórán ama ag cleitearnaiġ. 'Tći tú scaot̓ ṁór aca i gcuideaćta a ćéile ins an fo̓ġṁar agus annsin bíonn siad an-ġleoiréiseać.

Fáilte do'n Éan.

Fáilte do'n éan is binne ar ċraoiḃ
  Labras ar ċionn na dtor le gréin ;
Daṁ-sa is fada tuirse an tsaoġail
  Naċ ḃfeiceann í le teaċt an ḟéir.

Cluinim giḋ naċ ḃfeicim a gné
  Gut an éin darab ainm cuaċ ;
Aṁarc uirṫi i mbárraiḃ géag,
  Mo ṫuirse ġéar naċ mise fuair!

Gaċ neaċ d'á ḃfeiceann cruṫ an éin,
  Aṁarc Éireann deas a's tuaiḋ,
Bláṫ na dtulaċ ar gaċ taoḃ—
  Dóiḃ is aoiḃinn beiṫ dá luaḋ.

Mo ṫuirse naċ ḃfuaras buaiḋ ar m'aṁarc
  d'ḟaġáil,
Go ḃfeicinn ar uaigneas uaisle an duil-
  leabair ag fás.
Cuid de mo ġruaim naċ nġluaisim 'un
  cruinniġṫe le cáċ,
Ar aṁarc na gcuaċ fá ḃruaċ na coilleaḋ
  go sáiṁ!

Séamas Dall Mac Cuarta.

Cuid de éanaċaiḃ na h-éireann.

III.

An Préaċán. Tá eolas ag gaċ uile ḋuine ar an éan ṁór ḋuḃ ġarḃ-ġlóraċ seo. Siúd a's gur coṁnuiġṫeoir atá ann ġní sé imirce ins an ġeiṁreaḋ agus tarraingiḋ sé ar na ċóistí. 'Tċí tú an préaċán ag deánaṁ na nide ins an Aibreán. Ġní sé an neaḋ i gcrann agus mur' ḃfuil crann le faġáil ġní sé i scealpaiġ í, i dtor, nó go díreaċ ar an talaṁ lom. Ceaṫair nó cúig de ċeannaiḃ de uiḃeaċa donnġlasa a ḃeireas an préaċán aċt ní leigṫear amaċ ins an tséasúr aċt aon ál aṁáin. Cuidiġeann an coileaċ leis an ċirc timṫireaċt a ḋeánaṁ fá'n nid. Craosaire as cuimse atá ins an ṗréaċán agus bíonn sé ag cuartuġaḋ agus ag alpaḋ leis ó éirġe go luiġe gréine. Éan mall-triallaċ spadánta callánaċ atá ann fosta, aċt tá sé sonnruiġṫeaċ glic, agus deirtear go n-aiṫneoċaḋ sé eadar bata agus gunna leaṫ-ṁíle uaiḋ. Tarraingeann na préaċáin ar na neadraċa céadna gaċ bliaḋain agus cóiriġeann siad iad.

Éan eile a ḃfuil gaol agus cosaṁlaċt ṁór aige leis an ṗréaċán an ḟeannóg ċarraċ. Tá na feannóga carraċa ċoṁ fairsing ins an tír seo leis na préaċáin. Ní ḟuil cliú ró-ṁór nó ró-ṁaiṫ ag an ḟeannóig ċarraiġ i mbéal-oideas na ndaoine.

An Colmán. Coṁnuiġṫeoir atá ins an éan seo. 'Tċífiḋ tú colmáin a ḃfuil gearr-ṁéid ionnta agus tuilleaḋ naċ ḃfuil aċt mionnda, aċt tá daṫ liaṫġorm ar an iomlán aca. Ġeiḃṫear neadraċa na gcolmán i gcrainn, i bpuill, i n-uaṁaċa, nó i gcarraigeaċa. I mí an Aibreáin a ġníṫear na neadraċa. Ní ḃeireann an colmán mórán uiḃeaċ

ać̇t bí na h-uiḃeać̇a uilig geal-ḃán. Tá an coileać̇ an-táḃać̇tać̇. Seiftiġeann sé áḋḃar na nide, ġní sé an tsaorsaiḋneać̇t, suiḋiḋ sé ar a ṡeal ar na h-uiḃeać̇a, a's ḃeir sé a gcuid do na scolamáin. Tig an t-éan seo i dtír ar ġrán, ar caora, ar ḟréaṁać̇a luiḃearnaiġe, a's ar ṁeas crann. Tá an colmán maiṫ ag eiteallaiġ, ać̇t tá rása a's coisiḋeać̇t aige fosta. Do réir cosaṁlać̇ta tá tart ar fad air, nó ć̇a dtiocfaḋ a ṡáiṫ diġe a ṫaḃairt dó, agus ní feárr leis fíor-uisce 'ná sáile. Glór an éin seo ć̇an ḟuil moill a aiṫne. "Cú-rú-cú-rú!" deir an colmán a's é ag lúbarnaiġil agus ag ciorcluġaḋ ós ar gcionn ins an spéir.

An Gé Fiaḋain. Deirtear go ḃfuil trí ć̇ineál de ġéać̇a fiaḋaine i n-Éirinn. An ceann is coitć̇eannta ins an tír tá sí ć̇oṁ cosṁail sin leis an ġé baile nać̇ ḃfuil moill ar biṫ a h-aiṫne. Go dearḃṫa, d'aiṫneoć̇ṫá a glór mur' mbíoḋ ann ać̇t sin. Tá sí ć̇oṁair a ḃeiṫ deić̇ n-órdlaiġ agus fić̇e ar fad, tá an brollać̇ uilig bán-liaṫ, a's cúl an ṁuineáil agus an druim donn nó breac-ḋonn. Cuid de na géać̇a fiaḋaine ġní siad na neadrać̇a ar an ć̇oigć̇ríć̇; tuilleaḋ aca a ġní na neadrać̇a ins an tír agus bíonn na neadrać̇a sin le faġáil ins an ć̇íb agus ins an ḟraoć̇ amuiġ ar an iargcúltać̇t. Leaṫ-duisín uiḃeać̇ is gnáṫać̇ a ḃeiṫ ar an nid agus bíonn daṫ glas-ḃán ar na h-uiḃeać̇a sin. Siúd a's gur coṁnuiġṫeoir atá ins an éan ḃréaġ ṁór seo gní sí imirce ins an ġeiṁreaḋ mar ḃéaḋ sí ag cuartuġaḋ áite i nać̇ mbéaḋ an fuać̇t ć̇oṁ féać̇ál̇ać̇. Cuidiġeann an gannḋal leis an ć̇ráin-ġé an nead a ḋeánaṁ agus biaḋ a ṡeiftiuġaḋ. Ar lustar uisce, ar ġrán, ar ḟéar agus ar ṁeas crann a ṫig na géać̇a fiaḋaine i dtír. Tá an t-éan seo an-ć̇oiṁ-

eádaċ agus an-aṁrasaċ. Ná saṁluiġeaḋ duine ar biṫ go dtiocfaiḋ sé ar an ġé fiaḋain gan ṁoṫuġaḋ.

Na h-éanaċa seo cuireann siad an ċluiṁreaċ agus na cleiteaċa go h-iomlán ins an Ṁí Ḃuiḋe.

An Cáġ. Ní cinnte gob ar feadóiġ 'ná gaol eadar an cáġ agus an préaċán. An dat céadna aċt go ḃfuil níos mó léiṫe ar ṁuineál an ċáiġ, na béasa céadna, an tsliġe beaṫa ċéadna, agus an biaḋ céadna. Aċt is feárr an cáġ ag eiteallaiġ 'ná an préaċán agus nuair a ḃíos sé i n-áirde ins an spéir tionntuiġeann sé ṫara n-a ċorp cupla uair agus ġní sé iol-lúbṫaċa le greann dó féin nó le h-iongantas a ċur orainne, b'féidir. Tá siubal stráiceaṁail ag an éan seo mar ḃíos ag cuid de na cailíní. Corr-uair tig sé agus suiḋiḋ sé ar ḋruim caorać. Ní fuil sin eadar grian agus grinneall aon éan atá ion-ġadaiḋeaċta leis an ċáġ ċóir.

Mur' raiḃ ins an Ġarrḋa aċt éanaċa ceoil ḃí dálta an préaċáin ar an ċáġ, ḃí sé amuiġ.

An Lać' Fiaḋain. Ní fuil aon éan de'n iomlán ċoṁ h-aistiḋeaċ nó ċoṁ suimeaṁail leis an ceann seo. Agus tá sí deas, nó tá loinnear ṡeaċt ndaṫann i n-a cuid cleiteaċ. Ó'n lać' fiaḋain a ṡíolruiġ an lać' ḃaile, aċt rinne an cró an lać' ḃaile míofar.

Coṁnuiġteoir atá ins an lać' fiaḋain, aċt ġní sí imirce do réir an tséasúir. Ḃainiḋ sí fúiṫi fá loċa uaigneaċa sléiḃe agus is maiṫ léiṫi a ḃeiṫ coṁgaraċ do'n uisce i dtólaṁ. Ġní sí an nead ins an Aibreán agus beiriḋ sí naoi no deiċ de ceannaiḃ de uiḃeaċa glas-ḃána. Aon éilín aṁáin a leiġtear amaċ ins an tséasúr. Agus má tá ceann ar biṫ de na scolamáin breoiḋte nó anḃfann i

ʒcuma marḃann an ṁáṫair é. Ins an tsean-am ġníoḋ cuid de na páʒánaiġ an rud céadna le naoiḋeanáin ḃeaʒa a mbéaḋ ʒron nó díṫ na sláinte orṫa. Iṫiḋ an laċ' ḟiaḋain lustain uisce, froʒanna, péisteoʒa, ʒilidí aʒus ʒrán. Aon uair aṁáin a ṫéiġid an laċ a ġor ní ḟáʒann sí an nead aċt aʒ boḋránaċt an lae aʒus aʒ clap-ṡolas, a's annsin cuiriḋ sí cluiṁreaċ ar na h-uiḃeaċa le n-a ʒcoinneáil te. Cuireann an bárdal an ċluiṁreaċ ḋá uair ins an ḃliaḋain, aʒ Bealtaine aʒus i Márta an Ḟoġṁair, aʒus ar feaḋ an ama cailliḋ sé lúṫ na n-eiteoʒ a's ṫéiġid sé i ḃfolaċ. Tá an t-éan seo ʒasta, luaimneaċ a's maiṫ aʒ eiteallaiġ.

Dálta na lodarḋán anásta a 'tċímid fá na doirse ní ḟuil ʒuṫ ró-ḃinn aʒ an laċ' ḟiaḋain.

An Fiaċ. Éan mór, duḃ, ʒiobaċ, colʒaċ, ʒarḃġoṫaċ,—sin an fiaċ. Caiṫeann sé an t-am uiliʒ ins na h-oileáin seo, aċt bainiḋ sé faoi ins na sléiḃte aʒus ar an iarʒcúltaċt. I ndeireaḋ na ḃFaoilleaċ nó i dtús an Márta a ġní an fiaċ an nead aʒus ġní sé í ar ḃárr beinne nó creiʒe. Na cúiʒ nó sé h-uiḃe a ḃeirtear ní ḟuil siad éaʒcosṁail le h-uiḃeaċa préaċáin. Ál aṁáin a leiʒṫear amaċ. Ʒoileadán cíocraċ atá ins an éan seo nó iṫiḋ sé ʒaċ uile ċineál broscair aʒus ċonnacṫas é ʒo minic aʒ marḃaḋ aʒus aʒ iṫe suas caoraċ a ḃí 'na luiġe ʒortuiġṫe.

Tá an fiaċ ʒlic, dolba, confaḋaċ, aʒus nuair a ḃíos fearʒ air ṫéiġid sé a ḃrácġail aʒus strócann sé an talaṁ le n-a ċrúba. Deirtí roiṁe seo ʒur éan mío-ṡona a ḃí ins an ḃran aʒus ḃíoḋ eaʒla ṁór roiṁe.

An t-Iolar. Ḃí an t-am ann aʒus ḃí na h-iolair ċoṁ fairsinʒ ins an tír seo le cearca fraoiċ, aċt

tá an t-am sin ṫart. Ṁarḃaḋ siad caoiriġ agus uain agus ḃíoḋ páistí ar criot i n-a gcroiceann le h-eagla rompa. Tá naoi nó deiċ de ḃliaḋna ó ṡoin ḃíoḋ iolair fá na Cruaċa Gorma agus fá Ṡliaḃ Liag aċt is dóiġe gur ḃain siad sléiḃte na h-Albana amaċ an áit a ḃfuil daingean aca ar fad.

Tá an t-éan seo mór urraḋanta, cleiteaċa agus cluiṁreaċ ór-ḋonna air, a's é leaṫan-ġobaċ. Aċt na crúba agus na h-ingne móra láidire a ba ṁó a ċuirfeaḋ iongantas ort. Ġní an t-iolar an neaḋ ar ċreig eascáirdiġ i ndeireaḋ an Ṁárta, agus tarraingiḋ sé ar an nid ċéadna 'aċ aon dara bliaḋain. Ḋá uiḃ a ḃeireas an ċearc agus má ġoidtear iad sin ní ḃeireann an ċearc aṫ-uair ins an nid sin. Éilín aṁáin a leigṫear amaċ ins an ḃliaḋain. Iṫeann an t-iolar uain, coiníní, gearr-ḟiaḋaċa, cearca fraoiċ, agus iasc, nó tá sé 'na iascaire ṁaiṫ.

Scréaċ ġéar árd ṁí-ḃinn agus cineál de ġloim ar a deireaḋ—sin an seort glóir atá ag an iolar.

An Ċailleaċ Oiḋċe. Tá cúig nó sé ċineál de ċailleaċa oiḋċe ins na h-oileáin seo, aċt an ceann a ḃfuil druim oḋar-ḋonn uirṫi is í is coitċeannta i n-Éirinn. Tá aġaiḋ éagsaṁail ar an éan seo. Ṡílfeá gur clár cruinn bocsa agus poll i n-a lár atá innti. Duine ar biṫ a ċonnaic an ċailleaċ oiḋċe aon uair aṁáin aiṫneoċaiḋ sé go deo arist í. Ní ḟágann an t-éan seo an tír. Ins an Aibreán a ġní an ċailleaċ an neaḋ agus ġeoḃaiḋ tú an neaḋ sin i gcoṁnaiḋe i gcrann nó i scioból. Fá ṫuairim ċeiṫre h-uiḃe a ḃeirtear agus bíonn siad uilig geal-ḃán. Ál aṁáin a leigṫear amaċ. Tig an t-éan seo i dtír ar luċóga, ar ḋalláin, ar ḟearóga, a's ar loscainn. Nuair a ḃíos fearg ar an ċailliġ

oiḋċe caiṫeann sí amaċ seileoġ go díreaċ mar ḋeánfaḋ cat. Ní fuil a ġuṫ ionmholta de ṫairḃe binnis. Cuid de na h-éanaċa a ġní scréaċ, tuilleaḋ aca a ġní gráġ no bráċġail, aċt adeir an t-éan seo "Tú hut, tú hú!"

Is í an ċailleaċ oiḋċe an ragairneaċ is mó i measc na n-éanaċ. Codluiġeann sí ins an lá, aċt ċoṁ luaṫ a's ṫiġ coinfeascar éiriġeann sí amaċ agus ó sin go maidin bí sí ag sraṫaiḋeaċt ṫart ag cuartuġaḋ a codaċ a's ag scréaċaiġ.

An Cloċrán. Éan beag baoideaċ a ḃfuil cuma lag-ḃríoġaċ air atá ins an ċloċrán. Tá ceann an ċoiliġ dub, tá ceann na circe donn-buiḋe, tá druim agus eiteoġa an dá éan donn-ballaċ, agus tá an brollaċ dearg aca. Cé go mbaineann an cloċrán faoi ins na h-oileáin seo tá sé siubhlaċ seaċránaċ i n-a ḋóiġeanna. Ġní sé an nead i dtús an Aibreáin i ḃfoscaḋ aiteannaiġe. Leaṫ-duisin uiḃeaċ bán-ġorm a ḃeirtear agus dá éilin a leiġṫear amaċ. An cineál biḋ a iṫeas an t-éan seo dealáin dé, cnuṁóġa a's péileacáin.

Tá ceol beag binn aġ an ċloċrán agus cluin tú an ceol sin ó'n Aibreán go féil' Eoin. An ċuma imniḋeaċ ṁío-ṡuaiṁneaċ atá ar an éan seo ḃéarfaḋ sé ort smaoiṫiuġaḋ go ḃfuil an náṁaid ar fad ar a ġaoḃar.

An Ṁurḋubċaill. Éan mór, giobaċ, dub uiliġ, aċt go ḃfuil dornán de ċleiteaċa bána ar ċúl an ċloiġinn, gob fada buiḋe agus cineál de ċromán beag ar an bárr. An t-éan is salaiġe is is ciocraiġe agus is glice agus is coiṁéadaiġe de na h-éanaċa uiliġ. Coṁnuiġṫeoir atá ins an ṁurḋubċaill agus bainiḋ sí fúiṫi fá ḃeanntraċa an ċladaiġ, aċt anois agus aríst ṫéiġiḋ sí asteaċ 'fad le loċanna

sléibe. Gní sí an neaḋ ins an Aibreán agus beiriḋ sí cúig nó sé 'ceannaiḃ de uiḃeaċa geal-ḃána a ḃfuil blaoscaċa garḃa orta. Éilín amáin nó ḋá éilín a leigṫear amaċ. Cuiḋigeann an coileaċ leis an ċirc an neaḋ a ḋeánaṁ agus biaḋ a ṡoláṫar. Suiḋeann sé posta ar na h-uiḃeaċa ar a ṡeal. Tig an t-éan seo i dtír ar iasc, agus ní fuil moill uirṫi, nó an-iascaire atá innti de ḃrig go ḃfuil a gob fada agus gur féidir léiṫi snáṁ faoi'n uisce. Tá glór an éin seo an-garḃ.

Deirtear naċ ḃfuil moill ar biṫ an ṁurḋuḃċaill a ċeannsuġaḋ. Sin a's uilig, cia ċonnaic murḋuḃ-ċaill ċeannaiḋ ariaṁ?

An Ḃuiḋeog. De na h-éanaċa beaga an t-éan seo. Tá an ceann, an muineál, an brollaċ, agus an t-íoċtar uilig buiḋe; agus tá na h-eiteoga agus an druim breac-ḋonn. Comnuiġṫeoir atá innti aċt tá sí tugta do imirce ḃig ġeiṁriḋ. I n-aiteannaiġ agus ar ṫalaṁ inġeilte a 'tcí tú an ḃuiḋeog i dtólaṁ. Gní sí an neaḋ ins an Aibreán, agus beiriḋ sí suas le leaṫ-duisín de uiḃeaċa liaṫ-gorma a mbíonn marcanna beaga duba orta. Ḋá éilín a leigeas sí amaċ. Ḃeir an coileaċ an-ċuiḋiuġaḋ do'n ċirc ag deánaṁ na nide a's ag soláṫar biḋ. Ar ṗéisteoga, ar ċaora, ar lustain agus ar ṫoraḋ a ṫig an t-éan seo i dtír. Ḃíonn an ḃuiḋeog ag gaḃáil ċeoil ó lár na ḃfaoilleaċ go dtí deireaḋ luġnasa agus tá sin aici ceol beag ar fiú éisteaċt leis. Eiteallaċ luaimneaċ, bíoḋgaṁail, iogaċ atá ag an éan seo.

An Creaḃar. Má ċonnaic tú an creaḃar ariaṁ ċonnaic tú éan atá níos mó 'ná ḋá órlaċ déag ar fad, atá dub-ballaċ donn-druimeaċ, agus annsin dearg-ḃreac fá'n ḃrollaċ a's fá íoċtar. Aċt an

poinnte is soiléire i bfeagraidéact nó i gcrot-aidéact an éin seo an gob fada atá air. "Creabair na ngob fada," ars' an file agus b'fíor dó. Cé gur comnuigteoir an t-éan seo tá sé siublać seaćránać imirceać. Fá ćoillte is mó a baineas sé faoi, agus ġní sé an nead ins an Márta i measc na nduilleog a bíos 'na luiġe ar an talam. Ceitre h-uibe ballaća a beirtear agus dá éilín a leigtear amać. Féileacáin agus péisteoga an biad is minice a itéas an creabar, agus nuair a bíos sé ag seilg na bpéisteog bainid sé úsáid as a ćluasa agus a ćrúba. Ní fuil de ćeol ag an éan seo ać brácġail agus scréaćać. Ġní an t-éan céadna eiteallać díreać trasna na tíre. Tá an creabar faitćeać uaigneać i n-a dóiġeanna, codluiġeann sé an mórćuid de'n lá, agus itid sé ins an oidće.

An Cearc Fraoić. Is beag duine nać bfaca cearc fraoić beo nó marb. Nać bfuil cnuic na h-Éireann lán aca? Ġeobaid tú na neadraća i ndeiread an Aibreáin, iad deánta amuiġ ar an fraoć, a's naoi n-uibe nó mar sin ar 'ać aon nid. Bíonn na h-uibeaća donn-buide agus bíonn marcanna beaga dearga orta. Ní fuil dálta coiliġ an ćolmáin ar an ćoileać fraoić; ní tig gor air i n-am ar bit. Mar sin de caitfid an ćearc fraoić í féin suide ar na h-uibeaća. Ál amáin a tig amać ins an bliadain. Itid an ćearc fraoić í féin grán agus caora, ać go speisialta fraoć agus fraocóga; agus beir sí féileaćáin agus péistí do na scolamáin. Ní fuil féidm dadaid a rád fá ġut an éin seo: tá eolas ag an tsaoġal mór air Beir an ćearc fraoić folcad dí féin ins an dusta go díreac mar ġní an traona agus nuair a bíos sí ag cur na gcleiteać cuireann sí ingne na gcrúb fosta.

Lúireaċ Pádraiġ.*

Nuair a bí Naoṁ Pádraiġ ar an bealaċ go cnoc na Teaṁraċ ċum sé an t-iomann nó an urnaiġe seo. Bí an ċontabairt ann agus rinne an naoṁ-ḟear cosnaṁ spioradálta i n-aġaiḋ na contabairte sin. Ba h-é sin an cosnaṁ a b'ḟeárr ar biṫ. Ní raiḃ iongantas do na sean-Ġaeḋil "Lúireaċ Pádraiġ" a ṫabairt ar an iomann. Tá iomráḋ mór air ins na sean-leabarṫa. Ċuir Eoġan Ó Coṁraiḋe Ġaeḋilg na h-aimsire seo air, agus Séamas Ó Mongáin rinne sé aistriúċán fileaṁanta Béarla de nárḃ' ḟéidir a ṡáruġaḋ.

I.

Seo ag éirġe indiu mé,—
Ṫrí'd neart ṫréan,
Ṫrí'd mo ġlaoḋaċ ar an Tríonóid,
Ṫrí'd mo ċreideaṁ ins an Triaḋaċt,
Ṫrí'd m'adṁáil ins an Aondaċt,—
Do-ċum an aon-Ċruṫuiġṫeora.

II.

Éiriġim indiu,
Ṫrí'd buaiḋ ġeineaṁna Ċríost agus
A Ḃaiste;
A ċéasta agus A adlaiċte;
A aiséirġe agus A ḋeasgabála;
Ṫrí'd buaiḋ A ṫeaċt anuas ċum breiṫ-
eaṁnais A ṫabairt ar an tsaoġal go léir.

III.

Éiriġim indiu:
Ṫrí'd neart buiḋne na Seraḟim;

* Iucius Gunn naċ maireann a rinne an t-aistriuġaḋ seo do "Paidreaċa na nDaoine" le Séarloit Ní Ḋéisiġ agus táṫar 'á ḟoillsiuġaḋ le ceaḋ an ḃanuġḋair seo.

I n-uṁlaiḋeaċt ċroiḋe na n-aingeal,
I bpreastal na n-árd-aingeal,
Ag dúil le mo aiséirge fá ċoinne lán-
tuarastail—
Dóċas agam as na flaiṫis,
As urnaiġṫe ar n-oll-aiṫreaċ,
As tarngaireaċt na bpáiḋ,
As teagasc na n-easpal,
As creideaṁ na gcreidṁeaċ,
As glaine na naoṁ-ṁaiġdean,
As gníoṁarṫa na bpíréan.

IV.

Éiriġim indiu :
Agus neart na seaċt niṁe liom,
Soillse na gréine liom,
Gile na n-éasca liom,
Áilneaċt na teineaḋ liom,
Tréine na lasraċ liom,
Luas lán-ġaoiṫe liom,
Doiṁne na mara liom,
Buain-tseasṁaċt talṁan liom,
Liom daingneaċt carraige.

V.

Éiriġim indiu :
Agus neart Dé do mo luaṁaireaċt,
Cuṁaċt Dé do mo ċoiṁeád,
Eagna Dé do mo ṫreoruiġeaḋ,
Rosc Dé ag féaċaint roṁam,
Cluas Dé ag éisteaċt liom,
Briaṫra Dé mar ċoṁráḋ agam,
Láṁ Dé mar ċoimirce dáṁ,
Sliġe Dé mar bealaċ roṁam,
Sciaṫ Dé mar díḋean agam,

Slóiġte Dé do m'anacal ar dola na ndeamhan,
Ar ionnsaiġte na ndubháilcí,
Ar ainmhianta na colna,
Ar mhío-rún mo tola,
Ar ġach duine a mheabhruiġeas feall orm,
I ġcéin nó i ġcóngar,
I n-uatad nó i slóiġte.

VI.

Na mór-chumhacta seo uiliġ ġlaodaim chugam indiu—
I n-aġaid ġach nirt neimhniġ éadtrócairiġ a chiocfas d'ionnsaiġe mo chuirp agus m'anma,
I n-aġaid tarngaireacta fáide bréiġe,
I n-aġaid duib-reacht na bpágánach,
I n-aġaid claoin-reacht na n-eiriceach,
I n-aġaid adarta déithe bréiġe,
I n-aġaid brioght na mban, na ngabann, agus na nduad,
I n-aġaid ġach eolais loiteas corp agus anam duine.

VII.

Críost do mo chosnamh indiu,
Ar neimh, ar loscad,
Ar bádad, ar ġonad,
Nó go dtiġid chugam lán-luach mo shaothair!

VIII.

Críost liom!
Críost romham!
Críost 'mo diaidh!
Críost ionnam!

Críost fúm!
Críost ós mo ćionn!
Críost ar mo láiṁ ḋeis!
Críost ar mo láiṁ ćlí!
Críost le mo ṡuiḋe!
Críost le mo luiġe!
Críost le m'éiriġe!
Críost i leiṫead!
Críost i ḃfaiḋe!
Críost i ndoiṁne!
Críost i n-áirḋe!
Críost i gcroiḋe gaċ duine smaoitiġeas orm!
Críost i mbéal gaċ duine a labras liom!
Críost i ngaċ súil a ḋearcfas orm!
Críost i ngaċ cluais a ćluinfeas mé!

IX.

Seo ag éirġe indiu mé—
Ṫríd neart tréan,
Ṫríd mo ġlaoḋaċ ar an Tríonóid,
Ṫríd mo ćreideaṁ ins an Triaḋaćt,
Ṫríd m'aḋṁáil ins an Aonḋaćt,
Do-ćum an Aon-Ćruṫuiġṫeora.

Cóṁainmneaċa agus cora cainnte.

Ag Sábáil na Mónaḋ.

Altuġaḋ, buiḋeaċas ; altuiġ do ċuid, tabair buiḋeaċas do Ḋia ar son an biḋ ; bí sé ag altuġaḋ a ċodaċ ag gabáil asteaċ dam ; altuiġ do ċuid roṁat, tabair b. do Ḋia agus tú ag siubal.

Act go b'é, act a b'é, muna (mur') mbéaḋ, only for.

Meiteal, scaifte fear ag an obair ċéadna ; cóiṁ-ṫiolán, baicle. Plaic le meiṫil, greim beag biḋ, tráṫ i gcuideaċta.

Acraí, oirnéis, gléasraí.

Sleaġán : binn (beinn) an tsleaġáin, an rud atá ar ṫaoib an tsleaġáin leis an fód a ċumaḋ.

Spád, ráṁan.

Bárcaḋ : ag b. alluis, ag cur a. go mór ; ag sileaḋ deor ; ag cur fuil śróna.

Urċar : ċaiṫ mé fad m' urċair uaim é, ċaiṫ mé 'fad a's ṫiocfaḋ liom uaim mé.

Spréiḋim an ṁóin, sraṫnuiġim (sraṫuiġim) an ṁóin ; tá an ṁ. sraṫnuiġṫe (sraṫuiġṫe), tá an ṁ. spréiḋṫe.

Aistiḋeaċ, sonnruiġṫeaċ, éagsaṁail, corr. Béarfá fá dear', sonnróṫá.

Aile, buiḷdeáil cruaiċe mónaḋ.

Caidé sin do'n té sin?

Caidé sin duit-se? Caidé 'n baint atá agat-sa do'n scéal?

Seiċe, croiceann ainṁiḋe.

Riabaċ, donn-breac, striocaċ ; bó a bfuil an dat sin uirṫi.

Lom, fuar, gan foscaḋ, deiġ-ṁillte : tá an áit seo d.

Iomráiḋteaċ, táscaṁail : ní ḟuil tásc nó tuairisc le faġáil fá Ś., ní'l focal nuaiḋeaċta ag duine ar biṫ fá Ś.

Céimeaṁail, cliúiteaċ : béiḋ Éire i gcéimiḋeaċt go fóill, béiḋ áird-ċliú aici go fóill.

Coṁnuiġim, bainim fúm, longuiġim.

Laoċ, gaisciḋeaċ, maon (Carn an Ṁaoin), gruagaċ.

Aiṫriġe, aiṫreaċas : béiḋ aiṫreaċas ort, béiḋ tú ag aiṫriġe.

Éaċt, mór-ġníoṁ.

Béas an duine agus gnás na tíre.

Cróda, calma, míleata. (Tá trí ḟuamanna ag cróda i nDún na nGall. i.e., "d" gan séiṁ., "d" leaṫśéiṁ., agus cróganta.)

Ainnir, bé, bruinneall.

Rún, intinn : tá r. (i.) agam sin a ḋeánaṁ.

Daoraiḋ : ar a d., ar mire agus ar báine, ar dearg-ḃuile, ar (nó ins) na caorṫaċa ; ṫug sé aġaiḋ a ċaoraiḋeaċta orm.

Tútán, dusta.

Spuraicealaċ, óg-stócaċ, gasúr.

Sracaḋ, miotal, saiġdeorḋaċt.

Mioscais, mío-rún.

Mírín : ag deánaṁ m., ag cur eadar ḋaoine le cúlċainnt.

Féasta, fleaḋ.

Scannsáil, díospóireaċt, iomarḃáiġ, caṁlóid, ciapáil.

Cargáil, cárcaiġil, díospóireaċt an-ḟeargaċ.

Scéiṁeaṁail, maiseaṁail, deas, dóiġeaṁail, deaġ-ġnúiseaċ, daṫaṁail.

Neart, treis(e), láidireaċt, cuṁaċt.

Scríbe : i ndeiread na s., i ndeiread na dála, i ndeiread báire.
Ʒeaṁaire, sceaṁlaċán.
Sclaṁad : ṫuʒ an madad s. orm, ṫuʒ an m. iarraid ʒreim a ḃaint asam.

Fear sainnte nó saidḃris.

Sanntuiġ : na s. rud naċ leat féin ; duine sanntaċ m.
Díḃirc, dúṫraċt, díċeallt, dianas.
Saoiṫeaṁail, suḃáilceaċ, suairc, aoiḃeaṁail.
Ʒuide : cuiread ʒ. am ṗobail le T. indiu, ċuir an saʒart paidir le T. i ndiaid an Aifrinn.

Biad, deoċ, aʒus éadaċ.

Snaiṫ an t-arán leis an ḃainne, ʒlac an dá ċuid i ʒcuideaċta a ċéile.
Snaiṫteoraċt, tarsann, annlann, rud ar biṫ a ċuidiġeas leat biad ar biṫ a ċaiṫeaṁ.
Ʒan súġ ʒan seamar, ʒan ḃlas ʒan ḃriġ.
Coṫuġad, beaṫuġad.
Bonnóʒ, toirtín.
Arḃa, an sean-ġeineaṁnaċ ar arḃar i dTír Ċ. ar fad.
Braiċ, malt : ṫuʒ tú meilt na braċ' ar an obair, ċuaid tú ṫar an obair ʒo réid ; támuid ar ṡeol na braċ', támuid aʒ ʒaḃáil ar aġaid ʒo maiṫ.
Ráċairt, ceammaċ, iarraid, éileaṁ.
Siúd a's, cé ʒo, aindeoin ʒo.
Folaiġeoʒ, ionann a's "*pod.*"
Cosmaidí, *cosmetics*.

Anás : ar an a., droc-dóig, airc, díogbáil ; béid mé ar an a. 'díogbáil airgid ; tá an t-a. ann, tá airc ann.
Úrad, úsc, cineál de bealad a bíos i n-olainn.
Oirnéis (an), gléasraí (na), acraí (na h-).
Slámán, páinneog nó dos olna.
Ciomáil, ciorad.
Ruad-meirg, iarann i n-uisce, seort *spa*.
Doirleac, dam uisce le líon a bádad.

A čaora beag dílis.

Sceadamán, scórnac ; act scóig buideáil.
Comairle : tá tú ag gabáil čara č., ní fuil gar a beič ag tabairt c. duit : so-čomairleač agus do-čomairleač.
Ná cuir sonnrugad ann, ná tabair fá dear é, leig čarat é.
Teora, críoč.
Ciaplač, péar gard sléibe.
Páilčide, sliocaide, glic.

Ač-pósad Finn Mic Čumaill.

Ulpóg, slagdán a čig ar daoine aosta.
Druideog, rud beag ós cionn méid a dubrad : čug mé céad punta agus druideog ar an baile.
Ač-čomairle, ačrugad intinne.
Leig sé a intinn (nó a rún) liom, d'innis sé dam an rud a bí ar a croide.
Mol : m. leis, abair leis go bfuil sé ag deánam an čirt, brosluig 'un tosaig é.
Tioramail, neam-bródamail.
Droič-meas : čug sé d. orm, čarcuisnig sé mé :

ṫug sé meas gadaiḋe orm, dubairt sé gur g. a ḃí ionnam.
Ṁac a saṁail (a), a leiṫéid eile, a ṡeort eile.
Stáluiġṫe, feoiġṫe, crion, apuiġṫe i gceart.
Ceileabar : ċuir sé c. pósta uirṫi, d'iarr sé uirṫi é pósaḋ; ceol.
"Falaing do'n ċolainn agus cideog do'n ċionn."
Dagánta, éadtrom ar na cosa, ógánta i gcuma.
Siodán, coṁnaiḋe siḋe, cnoc beag atá ar aġaiḋ na gréine.
Neaċ, rud naċ ḃfuiltear cinnte cia aca duine nó spiorad atá ann.
Lá na gcreaċ, lá an luain, lá an ḃreiṫeaṁnais.
Beag-uċtaċ, dí-ṁeisneaċ.
Sonnruiġ mé, ṫug mé fá dear'.
Loic : ḃí mé ag gabáil 'un an aonaiġ aċt l. mé, .i., d'aṫruiġ mé m'intinn agus ní ṫeaċaiḋ mé.
Faitḟios, cúṫaltaċt.
Goic, stuaic : coṁarṫa bróid nó feirge.
Ruagaire reaṫa, seaċránaiḋe.
Rúcadán, duine a ċaiṫeas a ṡaoġal fá'n gríosaiġ.
Fios na ndeaġ-scéal ċugainn! Go gcluinmid nuaiḋeaċt ṁaiṫ!
Dréim : ag d., ag dúil.
Eitiuġaḋ, diúltaḋ.
Scológ, feirmeoir beag a ġní a ċuid oibre féin.
Grág, smután mór giúis.
Neaṁain, an luiḃ *tormentil*.
Bó muc, an luiḃ *cowslip*.
Taṁaċ táisc, gleo, callán, ruaille buaille.
Gruig, smut, stuaic.
Mo ḋearmad! *I almost forgot!*
Cos luaṫ cos tapaiḋ } gárṫa caṫa.
Láṁ luaṫ láṁ ṫapaiḋ }
Canaċ, bean ṁór láidir : c. mná.

Cuilceać, fear mór láidir : c. fir.
Fáġálaiḋe, an té atá ar deireaḋ i rása.
Rácálaiḋe, ruaġaire reaċa.
Seaċnaḋ : tá sé ar a ṡ., *he is on the run.*
Cuas, uaiṁ beaġ.
Easair-ċosáin, strócaḋ a ġníṫear leis na cosa.
Neartraċ, talaṁ ġarḃ sléiḃe, an féar a fásas air.
Domasaċ, talaṁ portaiġ atá oibriġṫe.
Gorm, cluain : ċuir sé an g. orm, d'feall sé orm.
Mire ċaṫa, corruiġe ṁór,
Droiċ-ṫreall, droċ-ṗoinnte ins an nádúir, droiċ-ḋeor.
Ag bruiṫ tinn ar, ag monamar fá, ag deánaṁ míoṡuaiṁnis do.

Gleann Doṁain.

Ní maoiḋte mo ḋóiġ, ní fuil mo ḋóiġ ionṁaoiḋte orm.
Coiġcríoċ, ceanntar ar biṫ taoḃ amuiġ de'n ċeanntar i n-ar tógaḋ duine, áit na gcoimiġṫeaċ : tá mé ar an ċoiġcríċ.
Cian : ṫóg sin c. daṁ (díom), rinne sin suairceas daṁ.
Tréiṫ-lag, anḃfann.
Dlaoi, folt, gruag, mong.
Mionlaċ, féar mín.
Saṁaḋ (saṁaiḋ) an luiḃ *sorrel.*
Seisc, ġarḃ-ṗéar a fásas ar ṡeascáin.
Ciob, féar ġarḃ sléiḃe : ní luiġeann an sneaċta ar an ċíb.
"Le a ngeoḃaiḋ," go díreaċ mar ċuala mé é. Is ḋóiġe go raiḃ "gaḃ" coitċeannta i dTír Ċonaill roiṁe seo.

Astar tríd an T. I.

Corrad le, c. a's.
Astar (aistear), taisteal.
Scoit mé é, d'fág mé 'mo diaid é.
Dánuig, scrios, d'fág gan daoine.
Clap-śolas, coinfeascar.
Drosna, cipíní fá ċoinne dóġad.
Bladaire, lasair, bladm.

Aitreaċas an Dráṫar Doiċt.

Spéis, áird, gráḋ ; ċuir sé spéis i n-airgead.
Ná cuir i gcríċ, ná críoċnuiġ.
I mbun a focail, a ċoinniġeas a focal.

Astar tríd an T. II.

Dálta : tá d. Ś. ort-sa, tá tusa cosṁail le S.
Ba h-é a d. sin ag M. é.
Suallaċ, mór-ċliúiteaċ.
Búirṫe, búirfeaċ.
Lóistín, ar ceaṫraṁain ; óstas ; aoiġeaċt.

Doimnic Ruad na Glaisiġe.

Scléip, gleo, greann.
Ruaig, tóir.
Fear luaimniġṫe, f. siuḃlaċ.
" Nár luaiḋead leis buille gan ċéim," níor duḃrad ariaṁ go dtug Cúċulainn buille feille uaid.
Aicme, treaḃ, fine.

Astar t̀rid an T. III.

Foirgneaṁ, teaċ mór.
Proinn, trát̀ bid, béile.
Spadánta, fallsa, leisceaṁail.
Féidm : é i n-a f., riaċtanas aige leis.
Cuṁal, cailín seirḃíse.
Maise : ba ṁait̀ an ṁ. sin do Ṁ. é, ní t̀eárn M. failliġe : nár ṡean-aimsearḋa an ṁ. do na M.? nárḃ' iad na M. a rinne an ġníoṁ glic?
Mór : rinne siad a ṁ. de, t̀ug siad urraim as cuimse dó.
Coigil an teine, cuir na h-aiḃleoga faoi an luait̀ le n-a gcoinneáil beo do t̀einid na maidne.
Coigealtán, duine a ṡuiḋeas go mall, ragairneaċ.

Aṁrán Ṗádraig Ṡéamais.

De ġnat̀, i dtólaṁ, i gcoṁnaiḋe.
Agraim, impiḋim.
Riaraim biaḋ agus deoċ, rannaim b. agus d.
Dáil : a dtiocfaḋ in do ḋáil, a dtiocfaḋ coṁgaraċ duit.
Deismear : b'ḟeárr go mór an focal " tuigseaċ " annseo.
Truaill, sompla, duine leat̀tromaċ.

Aṁrán an Ṁuiltín.

Doiċeallt, mío-ċart̀annas.
Gloim, tafann, gut̀ ainṁiḋe.
Ait̀reaċ : b'a. daṁ, ḃéaḋ ait̀reaċas orm.
Tá m'easnaċa géar, ní ḟuil greim ar mo ċnáṁa.
Bléan, *groin*.

Fág giobać, fág cuid de'n olainn orm, nó béid mé fuar.
Faġar, cineáltas : i d'f., in do leiṫ.
Cionn is, de ḃriġ go.
Currać, seascán.
Plás, béal bán, gallaideaċt.
Péice : i ndeiread na p., i nd. na scríbe, ag doras an ḃáis.
Sréidín, scaifte beag caorać.

An Ḟiann agus an Ḟiannaideaċt.

Síobóga, ráḋflaí.
Geinealać, glún.
Allṁurać, gall.
Claitseać, claḋaire.
Ainḃfiosaċán, duine gan tuigse.
Máirtín : tá do ċuid m. síos leat, tá tú failliġeać in do ġnoiṫe.
Tré ḃiṫ síor, i riṫ saoġail.
Cuir le d'ḟocal, " coinniġ " d'ḟ.
Béal-scaoilte, cainnteać.
Ciocrać, aimirneać, do-ṫóġṫa.
Coinnṁeaḋ, saiġdeoirí ag fanaċt i dteać agus gan ag díol dadaiḋ ar son na h-aoiġeaċta.
Suaiṫniḋ, éagsaṁail, iongantać.

An Bonnán Buiḋe.

Tar éis, i ndiaiḋ.
Boinneán Buiḋe i gcorr-áit.
Díṫ, caill.
Dolaiḋ, doċar : dolaiḋ-ċur, costas faire agus tórraiṁ.
Láib, laṫać, clábar.

Déin : fá mo d., fá mo ċoinne, ar mo lorg.
Corr ġlas, corr ṁónaḋ, *crane*.
Leig daṁ, fág mé, coinniġ uaim.

Solais na Spéire.

Réalt, reann.
I bfarraḋ a's, i gcóiṁṁeas le.
Ṫáinig ar Ṫomás gurḃ' éigean dó ġaḃáil go h-Albain, bí ar Ṫ. gurḃ,' 7rl.
Réalt riobaill, *comet*.
Réalt reaṫa, *shooting star*.
Bealaċ na Bó Báine, *milky way*.

Aiṫreaċas Ċaṫail Buiḋe.

Is tráṫ liom, tá an t-am agam.
Gruaḋ, an ṗáirt de'n aġaiḋ atá faoi na súile.
Páirt : a Rí na páirte, a Rí ḋílis ; a Ṁuire na p.
Mur' leasuiġir do láṁ, mur' gcuiriḋ tú biseaċ le do láiṁ; ar bealaċ do leasa, (d'aiṁleasa), ar bealaċ ṁaiṫ (olc).
An Dall, an t-ainm a beireaḋ na sean-Ġaeḋil ar an tsaiġdeoir a ṡáiṫ an tsleaġ i dtaoiḃ ar Slánuiġṫeora a's É ar ċrann na croiċe : longinus a b'ainm dó de ċeart.
Párṫas, neaṁ, flaiṫeas, flaiṫeaṁnas.
Suṫain : go s., go deo ; an beaṫa ṡ.
Séad : ar s., ar seaċrán.
Claoiḋ, smaċtuiġ.
Fíoċ, fearg, corruiġe.
Scúid, scaifte, brablaċ.
I dtréas, i *rebellion*.
Lá an tSléiḃe, lá an luain, lá na gcreaċ.
Mar i ndúil go, ag dúil go.

Éigim, scairtim, glaodaim.
Cré an Dáréag, Cré na n-Easpal.
Léacsa, cúrsa, réim.
Duime, danaltra.

Mo Fíopa Gairid Donn.

Lom : tá M. lom fá na pócaí, ní fuil piginn ag M.
Fonn : tá F. oibre ort, tá dúil i n-obair agat.
Go sior, go deo.
Goiṁ, olc, pian.
Gábad, contabairt.
Sméaróid, aibleog te ; buille.
Cárr, béal, cab.

Na Ceitre Cailleaca.

Coṁar : deán c. liom, rann liom ; tá S. i gcoṁar le M.
Leit : duine ar L. atá ann, D. aistideac atá ann.
Calbacas (ag), ag gabáil ó toig go toig ag cuartaideact agus ag ite : calbac, duine a caiteas a ṡaogal mar sin.
Fá comnaide, fá ṡuaiṁneas, 'na gcodlad.
Ruadóg, *latch-cord*.
Dolt : cuir an D., dain an D., *bolt*, *unbolt*.
Gar : táinig mo G. in do bealac, táinig sé i gcúrsa go dtig leat G. a déanaṁ daṁ.
Striog, deor beag.
Leit-ceal, cineál a déanaṁ ar duine aṁáin agus gan a déanaṁ ar duine eile atá i n-a cuideacta ; níl Béarla air bit air.
Rosaid, *whitlow*.
Séibe : i mbéal na S., sul ar mocuigead, *unawares*.
Neiṁ ins an feoil, fuat mór.

Ċuiġe nó uaiḋ : ná cuir ċ. nó u., ná bain leis agus ná ġaḃ a ċoṁair ar aon aċt.
Trostáil, trup.
Beo : tionntuiġ b. ar an teiniḋ, tóġ bladaire ar na h-aiḃleoġa.
Eiteán, *bobbin*.
Coiġeal, *distaff*.
Siostal, *hackle* (.i. cíor olna).
Ar iarraiḋ, caillte, imṫiġṫe.
Fá ṫeaċ, ins an teaċ.
Uriopás, deifre ṁór a's fearġ ar duine.
Seanċasc : cuir s., fiafruiġ.
Ġeaṁaire, madaḋ beag a ġní tafann beag.
Deaḃaiḋ lainne, troid, coṁrac : ġaḃáil i nd. l. leis.
Turḋán, cruaċ an-beag arḃa.
Sopóg, punnann, *sheaf*.
Cárcaoil (cárcaiġil?) aiġneas an-fearġaċ.
Croiṫleoġ, dias.
Carġáil, ciapáil.
aḃac, *dwarf*.
Cearramansaiḋeaċta : ag ġaḃáil 'un c. orm, ag éirġe mí-stiúrṫa.
Tóġta ó lár, *upset*.

Ceiṫre ráiṫċe na Ḃliaḋna.

1 n-éiric, i n-a áit.
Faoḃtaiḋ (faḋḃta), lom, caiṫte.
Iomarḃáiġ, díospóireaċt.
Searġámaċ, duine meaiṫte, cnáṁarlaċ.
Traoṫ-lag, anḃfann.
Ceasnuiġim, ġním mairgneaċ faoi.
Teann, díomasaċ.
Tréaṫra, poinntí maiṫe.

Snuad, cuma, gné.
Saoćraiḋe, oiḃriḋe.
Ba ḃoćt liom, b'olc liom.
Deallram, loinnear.
Saṁarcán (saḋarcán), *primrose.*
As an ḃláć, mar ġeall ar an ḃ.
Crág, lán boise
Peice, mála beag a ḃíoḋ ann roiṁe seo do ṁin ḃuiḋe.
Réimeas, cuṁaćt
Ocróir, fear airgid, duine a ḃeir ar iasaćt.

An Bás agus an Cláiríneać.

Cláiríneać, *cripple.*
Ćreaćnuig mé, ćuaiḋ mé ar criot
Ar a gcorr, "*on edge.*" géar, gan feoil.
Sár-aiḋḃéalta, aistiḋeać mór, éagsaṁail de ćairḃe méid.
Fiata, *wild.*
Scaoll, scannraḋ ; tá cuma scaollṁar uirći, tá c. scannruiġće u.

Cuid de Éanaća na h-Éireann.

I.

Cliaḃlać, *bosom.*
Díġearnać, ceol an-ḃeag.
Fáinleog, *swallow.*
Éilín, ál.
Feadóg, *plover.*
Curc, dornán cleiteać.
Caoć ruaḋ, *wire-worm.*
Naoscán, *snipe.*
I mbéal ġeiṁriḋ, ag teaćt an ġ.

Gearr-ġob, gob atá go measarḋa mór.
Mionnán aeir, *jack-snipe*,
Cleitire, cluiṁreaċán, éan beag.
Scoiṫte, uaigneaċ, aonaraċ, gan teaċ nó cró ; "Donnċaḋ Scoiṫte."
Méiṫ na h-uaire, am an-ṁaiṫ.
Gealḃán, *sparrow*.
Bun-tsop, sceimeal, *eaves*.
Bruaċalán, *wagtail*.
Riaḃóg, giolla na cuaiċe. *meadow-pipit*.
Doirb (iolraiḋ), seort péistí : 'tċífiḋ tú iad go minic i n-uisce ṁarḃ ; slogaiḋ eallaċ iad a's ġní na d. doċar mór dóiḃṫe.
Mionnda (mionn-da) beag anḃfann.
Luascánaċ, luaimneaċ, ag bogadaiġ ar fad.
Goilleaṁnaċ, furast goilleaḋ air.
Ag toraiḋeaċt air, ag ruagaḋ.
Draoidín, duine nó ainṁiḋe an-ḃeag.
Ar : tá uiḃ ar an nid ; ṗill an t-éan ar an nid.

Mairgneaċ Nualann Ní Néill.

Blaḋ, cliú, cáil.
Conáċ, maoin, ró, saiḋḃreas.
Duṁaċ, méile.
Ġaḃainn, ṫéiġinn.
Áġ, cróḋa, sona, raṫaṁail.
Ceileaḃar, *warbling*.
Maiṫe, uaisle ; (ins an iol. i gcoṁnaiḋe).
Aiṁḋeoin, aindeoin.

Cuid de Éanaċaiḃ na h-Éireann.

II.

Buille, nóta i gceol.
Seilide, *snail*.

Ȝeárrcaċ, scolamán, éan óȝ, *fledgling*.
Truideoȝ, *starling*.
Miodamas, ȝramscar bid, rud a ċaiṫtear amaċ.
Mininеaċt, *dainties*.
Slioċt : tá 'ṡlioċt ort (a ṡlioċt), "*signs on it*."
Cursánaċt, *hoarse noise while breathing*.
Ȝloȝarnaċ, *noise in throat*.
Pusfaiġil, *pouting, noise with lips*.
Cuideaċta : ċuir mé c. air, ḃrúiġ mé air, *I sought his company*.
Cúl báire, cuidiuġad, duine nó rud a ḃeir caḃair.
Crotaċ, *curlew*.
Ȝobaċ i ȝceart, ȝob mór fada air.
Min-ġrean, *gravel particles*.
Corr ṁónad, *crane*.
Earc sléiḃe, *lizard*.
Daol, *beetle* ; ní luġa orm an d. 'ná é.
Ȝilidín, ȝilide, breac an-ḃeaȝ.
Caileantraċt, *weather-prophecy* ; tá an focal seo aȝ na daoine aosta uiliȝ i lár Tír Ċonaill.
Ȝéis, eala.
Farraȝán, *shelving cliff*.
Mór-ġoileaċ, do-ṫóȝṫa.
Craosaire, alpaire.
Míoȝadán breac, snaȝ breac, meaiȝ.
Sceaṫaireaċt, *chattering*.
Do'n ċois tinn : biad a ċur ṫart, *to provide for the time of need*.
Loscann, froȝ.
Ceannsa, *mild*.
Caoiḋeaṁail, *gentle*.
Ȝleoiseaċ liaṫ, *linnet*.
Ȝleoiréiseaċ, ȝleoḋaċ.
Baċlóȝ, *bud*.

Fáilte do'n Éan.

Tor, crann ar bit.
Gid, cé, aindeoin, siúd a's.
Tuirse, brón ; ag deánamh t., faoi buaidhreadh.
Luadh : dá l., dá innse ; tá siad luaidhte le céile, *they are engaged* : luadhaim (luaidhim), labhraim ar, tráctaim ar.
Amharc, radharc, léarach.

Cuid de Éanachaibh na h-Éireann.

III.

Cósta (cóiste i dTír Ċ.), líne na trága.
Scealpach, *rock-crevice*.
Timtireacht, obair toige.
Feannóg ċarrach, *scald-crow*.
Uaimh, cuas, *cave*.
Saorsaidhneacht, ceird an tsaoir ádhmaid nó an tsaoir cloiċe.
Meas, torath.
Fíor-uisce, *spring-water*.
Iargcúltacht, *remote lonely place*.
Féachálach, *trying, severe*.
Cuir : ag cur na gcleiteach (na cluimhrige), *moulting* ; ag cur an fionnaidh, *losing the hair* (*animals*).
Cág, *daw*.
Stráiceamhail, bródamhail.
Ion-gadaidheachta, ċomh maith ag gadaidheacht.
Grinneall, tón na fairrge, (loċa).
Gron, *physical defect* de ṡeort ar bit.
Lustain, lustar, *herbage*.
Gor : táinig g. ar an ċirc, toisig an ċearc a g., *the hen began to clock* ; c. guir.

Márta an ḟoġṁair, Mí na féil' Míċil, *September*.
Lodarḋán, duine nó ainṁiḋe naċ ḃfuil luaṫ ċosaċ.
Anásta, *ungainly* i gcuma.
Garḃ-ġoṫaċ, garḃ-ġlóraċ.
Faoilliḋ (na), Mí na ḃfaoilleaċ, Mí na féil' Briġde, Feaḃra.
Goileadán, duine nó ainṁiḋe atá mór-ġoileaċ.
Broscar, miodamas.
Bran, fiaċ, fiaċ duḃ, *raven* : ag branaireaċt, ag cuartuġaḋ biḋ.
Brácġail, guṫ nó glór an ḟéiċ ; ag brácġail.
Cailleaċ oiḋċe, *owl*.
Dallán, *mole*.
Fearóg, *squirrel*.
Ragairneaċ, duine nó ainṁiḋe a ṡuiḋeas nó a ḃíos ag siuḃal go mall ins an oiḋċe.
Sraṫaiḋeaċt (ag), ag ragairneaċt ṫart go mall.
Cloċrán, *stone-chat*.
Dealán Dé, cineál de ḟéileacán oiḋċe.
Gaoḃar : ar mo ġ., coṁgaraċ daṁ, i n-aice liom nó in m'aice.
Murḋuḃċaill, *cormorant*.
Soláṫar : biaḋ a ṡ., biaḋ a ċruinniuġaḋ, nó a ṡeiftiuġaḋ.
Sin a's uilig, *even so*.
Ceannsuiġim, *I tame* ; éan ceannaiḋ, *a time bird* (*spelling of* ' ceannaiḋ ' *conjectural*).
Buiḋeog, *yellow-hammer*.
Luaimneaċ, bogadaċ ṁío-ṡuaiṁneaċ.
Bíoḋgaṁail, furast a scannruġaḋ.
Iogaċ, anonn agus anall.
Creaḃar, *wood-cock*.
Feargraiḋeaċt, *general figure*.
Croṫaiḋeaċt, cuma.
Scréaċaċ, screadaċ, éiġeaṁ.

"Cóṁráḋ—Saiḋḃreas Focal—Cora Cainte—Abairteaċa—Greann—Na Sean-Litreaċa—agus an Sean-Litriuġaḋ—An Saoġal Gaeḋealaċ."

Ġeoḃṫar an t-iomlán
i d "Tri Ṁion-Drámaí"

le

Seaġán Ṁac Meanman

Le Faġáil ar 2s. 1½p.

ó

Brún agus ó Nuallám, Teo.

41/42 Sráid Nassau, Baile Áṫa Cliaṫ